An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*

# An Clár Ábhar

**Liosta táblaí** .......... 3

**Liosta Fíoracha** .......... 4

## CUID 1: RÉAMHRÁ .......... 2

1.1 Réamhrá: .......... 2
1.2 An Próiseas Forbartha .......... 2

## CUID 2: MODHEOLAÍOCHT .......... 4

2.1 Dearadh .......... 4
2.2 Bailiú sonraí .......... 4
2.3 Anailís ar shonraí .......... 6

## CUID 3: TORTHAÍ .......... 8

**3.1 Cruinnithe déthaobhacha** .......... 8

**3.2 Fócasghrúpaí** .......... 26

**3.3 Ceistneoirí** .......... 36

**3.4 Ábhair cheardlainne Fhóram na Scoileanna** .......... 65

## CUID 4: AIGHNEACHTAÍ .......... 70

4.1 Cúlra .......... 70
4.2 Cur chuige céimnithe .......... 70
4.3 Formáidí aighneachta .......... 70
4.4 Catagóirí .......... 73
4.5 Conclúid .......... 81

## CUID 5: COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁISTÍ: ACHOIMRE FHEIDHMEACH .......... 82

5.1 Réamhrá: .......... 82
5.2 Modheolaíocht .......... 82
5.3 Croí-Thorthaí .......... 83
5.4 Impleachtaí na dtorthaí .......... 85

**CUID 6: CONCLÚID** ........ 86
6.1 Príomhtheachtaireacht 1 ........ 86
6.2 Príomhtheachtaireacht 2 ........ 87
6.3 Príomhtheachtaireacht 3 ........ 87
6.4 Príomhtheachtaireacht 4 ........ 88
6.5 Príomhtheachtaireacht 5 ........ 88
6.6 Príomhtheachtaireacht 6 ........ 89

**TAGAIRTÍ** ........ 90

**Aguisín 1: Teimpléid Aighneachta** ........ **92**

**Aguisín 2: Ranníocóirí leis an gcomhairliúchán (aighneachtaí)** ........ **112**

# Liosta táblaí

**Tábla 1: Léargas ginearálta ar ghníomhaíocht tiomsaithe sonraí........................................................................................ 5**

**Tábla 2: Rátaí comhlánaithe de réir chodanna na dteimpléad aighneachta 73**

## Liosta Fíoracha


Fíor 1: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 6 .......................................................................... 37

Fíor 2: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 3 .......................................................................... 38

Fíor 3: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí tuismitheora do Chéim 1, ceist 3 agus Céim 2, ceist 4 .......................................................................................................................... 39

Fíor 4: Céim 1, ceistneoir oideora, ceist 16 .......................................................................... 40

Fíor 5: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí tuismitheora do Chéim 1, ceist 4 agus Céim 2, ceist 5 .......................................................................................................................... 41

Fíor 6: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 8 .......................................................................... 42

Fíor 7: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideora do Chéim 1, ceist 20 agus Céim 2, ceist 9 .......................................................................................................................... 43

Fíor 8: Céim 2, freagraí ceistneoirí do cheist tuismitheora 6 agus ceist oideora ........ 44

Fíor 9: Freagraí ar cheistneoirí tuismitheora, Céim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7 (comhcheangailte) agus ceistneoir oideora, Céim 1 ceist 25 .......................................................... 45

Fíor 10: Freagairtí ar cheistneoirí tuismitheora, Céim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7 (comhcheangailte) agus ceistneoirí oideora, Céim 1, ceist 22 agus Céim 2, ceist 12 (comhcheangailte).......................................................................................................................... 46

Fíor 11: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoir tuismitheora do Chéim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7 .......................................................................................................................... 47

Fíor 12: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 7 agus Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 12 .......................................................................................................................... 48

Fíor 13: Céim 1, ceistneoir tuismitheora, ceist 9 .......................................................................... 49

Fíor 14: Céim 2, freagraí ar cheistneoirí do cheist tuismitheora 9 agus ceist oideora 11 .......................................................................................................................... 50

Fíor 15: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideora do Chéim 1, ceist 32 agus Céim 2, ceist 14 .......................................................................................................................... 51

Fíor 16: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 15 .......................................................................... 52

Fíor 17: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideora do Chéim 1, ceist 11 agus

**Céim 2, ceist 11 ........................................................................................................................ 53**

**Fíor 18: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideora do Chéim 1, ceist 16 agus Céim 2, ceist 36 ........................................................................................................................ 54**

**Fíor 19: Céim 1, ceistneoir oideora, ceist 38 ........................................................................ 55**

**Fíor 20: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 12 ........................................................................ 56**

**Fíor 21: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 17 ........................................................................ 57**

**Fíor 22: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 18 ........................................................................ 58**

**Fíor 23: Céim 1, ceistneoir tuismitheora, ceist 13 ........................................................................ 59**

**Fíor 24: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 13 ........................................................................ 60**

**Fíor 25: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideora do Chéim 1, ceist 30 agus Céim 2, ceist 13 ........................................................................................................................ 61**

**Fíor 26: Céim 2, freagraí ceistneora do cheist tuismitheora 14 agus ceist oideora ........ ceist 19 ........................................................................................................................ 62**

**Fíor 27: Léargas ar fhormáidí aighneachta ........................................................................................................................ 71**

**Fíor 28: Aighneachtaí ó ghrúpaí agus líon aighneachtaí in aghaidh an ghrúpa ................................ 74**

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 Réamhrá:

Foilsíodh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* i gcomhair comhairliúcháin i bhFeabhra 2020. Rinneadh an comhairliúchán in dhá chéim idir Feabhra 2020 agus deireadh mhí an Mhárta 2022. Ba é aidhm an chomhairliúcháin a chinntiú go gcuirfí ar a gcumas d'aon duine nó eagraíocht ar mhian leo a dtuairimí a chur in iúl sin a dhéanamh, agus baineadh seo amach trí raon modhanna chun aiseolas a thabhairt. Cuireadh dearadh taighde láidir dian chun feidhme agus bailíodh méid suntasach sonraí, bunús na tuarascála seo, trí mhodhanna éagsúla, mar a dtugtar breac-chuntas air i gcuid na Modheolaíochta. Rinne foirne a raibh anailíseoirí gairmiúla ina measc anailís ar na sonraí seo ina dhiaidh sin, arís trí phróiseas dian láidir. Ba é cuspóir na hanailíse na téamaí suntasacha a shainaithint a bhaineann leis na sé phríomhtheachtaireachtaí i ngach cineál sonraí, le hanailís agus tuairisciú déanta ar gach cineál sonraí ar leithligh.

Sa tuarascáil seo cuirtear torthaí i láthair ón bpróiseas comhairliúcháin leitheadach agus cuimsitheach seo. Sonraítear inti dearadh an taighde, modhanna bailithe sonraí agus an próiseas anailísithe sonraí i gcuid 2. I gcuid 3 cuirtear i láthair na torthaí ó na cruinnithe déthaobhacha, fócasghrúpaí, ceistneoirí (oideoir agus tuismitheoir/cúramóir), agus ábhair cheardlainne. I gcuid 4 cuirtear ar fáil eolas cúlra ar na haighneachtaí scríofa a fuarthas. I gcuid 5 cuirtear i láthair Achoimre Feidhmiúcháin ar an gcomhairliúchán le páistí, agus i gcuid 6 tarraingítear conclúidí bunaithe ar na torthaí ón gcomhairliúchán.

Foilsítear dhá cheann taobh leis an tuarascáil seo, lena n-áirítear:

- tuarascáil theicniúil ina sonraítear na bunfhreagraí ceistneoirí focal ar fhocal
- an *Tuarascáil ar an gComhairliúchán le Páistí ar Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.*

Chomh maith leis sin, foilsítear na haighneachtaí ar tugadh cead iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin CNCM taobh leis na doiciméid thuas.

## 1.2 An Próiseas Forbartha

Sa phróiseas a bhain le *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a fhorbairt mealladh páirtithe leasmhara ar fud an chórais le bheith rannpháirteach ina dhearadh agus tháinig sé chun cinn trí cheithre réimse leathana gníomhaíochta, lena n-áirítear:

1. **Taighde:** tharraing na moltaí ar chorpas leitheadach taighde chomhaimseartha náisiúnta agus idirnáisiúnta atá anseo ar shuíomh gréasáin CNCM.
2. **Líonraí:** d'oibrigh an Fóram Scoileanna, líonra ina bhfuil 60 bunscoil, iar-bhunscoil agus réamhscoil ar fud na tíre, le chéile chun smaointe ón taighde a chíoradh, ag tabhairt le chéile a n-eispéireas scoile chuig plé.
3. **Plé:** obair go dlúth leis na comhpháirtithe oideachais trí struchtúir ionadaíocha CNCM, agus le páirtithe leasmhara níos leithne trí imeachtaí ar nós seimineáir churaclaim a tionóladh in 2018 agus in 2019, agus an tsraith seimineár *Leading Out*.
4. **Comhairliúchán:** Chabhraigh torthaí ón iomad comhairliúchán na moltaí i dtaca le curaclam bunscoile athfhorbartha a mhúnlú. Orthu sin tá moltaí do churaclam le haghaidh

Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic (2017); struchtúr an churaclaim agus am (2018); agus teanga agus matamaitic (2018 iad araon).

Bunaithe ar na réimsí leathana gníomhaíochta seo, bhí na moltaí i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* bunaithe ar thacar sé phríomhtheachtaireacht a léiríonn, le chéile, na príomhghnéithe agus na hathruithe suntasacha atá beartaithe don churaclam bunscoile athfhorbartha. Ar na príomhtheachtaireachtaí atá mar bhonn agus taca faoin dréachtchreat bhí:

1. Ag tógáil ar láidreachtaí agus ag freagairt ar dhúshláin
2. Neamhspleáchas agus solúbthacht do scoileanna
3. Tacú le naisc
4. Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste
5. An chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair agus an struchtúr atá leis a athrú
6. Tacú le réimse cur chuige agus straitéisí oideolaíochta, agus an measúnú lárnach don teagaisc agus don fhoghlaim[1].

[1] Le haghaidh théacs na sé phríomhtheachtaireacht, féach cáipéis na gCeisteanna Coitianta.

# Cuid 2: Modheolaíocht

## 2.1 Dearadh

Ba é cuspóir an chomhairliúcháin a chinntiú go mbeadh bealach ag aon duine nó eagraíocht a bhí ag iarraidh tuairim a chur in iúl ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* sin a dhéanamh. Ba é an plean tosaigh go mbeadh an snáithe bailithe sonraí den chomhairliúchán ar siúl idir Eanáir agus Meitheamh 2020. Ach mar gheall ar thionchar COVID-19 theastaigh sraith oiriúnuithe ar an dearadh, agus an bailiú sonraí ar siúl sa deireadh in dhá chéim idir Feabhra 2020 agus Márta 2022. Bhí dearadh an bhuntaighde bunaithe ar na sé phríomhtheachtaireacht a bhaineann leis an dréachtchreat agus coinníodh an ghné seo den dearadh i rith na n-athruithe ar an amlíne thaighde.

Ba iad na príomhtheachtaireachtaí seo an bunús le gach bailiú sonraí a rinneadh sa chomhairliúchán agus tugtar cur síos ar na sonraí a bailíodh sa chéad chuid eile. Chinntigh seo comhsheasmhacht sna modhanna bailithe sonraí uile agus chuir sé le cumarsáid chomhleanúnach maidir leis an gcomhairliúchán. Mar shampla, bhí na ceisteanna a cuireadh ag na cruinnithe déthaobhacha agus na fócasghrúpaí ar líne araon bunaithe ar na príomhtheachtaireachtaí; rinneadh na ceistneoirí a struchtúrú lena n-ailíniú leis na príomhtheachtaireachtaí; agus rinneadh an teimpléad aighneachta a struchtúrú freisin de réir na bpríomhtheachtaireachtaí. Ba é an t-aon eisceacht na hábhair cheardlainne (dá dtagraítear thíos) a dhírigh ar na codanna den cháipéis dréachtchreata.

Chun an fócas ar ghlór an pháirtí leasmhair a choinneáil, bhí bearta san áireamh i ndearadh an taighde chun '...tacair mhóra sonraí a bhainistiú go héifeachtach agus ag an am céanna tarraingt ar pheirspictíochtaí éagsúla agus gníomhú i gcoinne claontacht aonair' (Richards agus Hemphill, 2018, lch. 225). Chun tabhairt faoi riosca chlaontacht an taighdeora, d'oibrigh foirne NCCA i bhfoirne ina raibh taighdeoirí neamhspleácha le haghaidh bailiú sonraí agus anailís araon chun piarmheasúnú agus meabhrachas a chumasú (Chenail, 2011). Mar shampla, ag gach cruinniú déthaobhach, is é a bhí i bhfoireann CNCM éascaitheoir agus breacaire nóta, chomh maith le breacaire nóta neamhspleách. Tar éis gach cruinniú déthaobhach, bhí cruinniú mioncheistithe idir an t-éascaitheoir agus na breacairí nóta chun a chinntiú gur gabhadh sna nótaí aiseolas na rannpháirtithe. Rinne anailísí neamhspleách anailís ar shonraí an chruinnithe dhéthaobhaigh agus an fhócasghrúpa agus na hábhair ó na ceardlanna. Rinneadh bearta breise, amhail comhairliúchán a dhéanamh le grúpaí ionadaíocha tuismitheoirí maidir leis na ceistneoirí a ceapadh do thuismitheoirí, chun inrochtaineacht na bpróiseas agus na n-uirlisí bailithe sonraí a fheabhsú.

## 2.2 Bailiú sonraí

Bailíodh sonraí trí chruinnithe déthaobhacha, fócasghrúpaí ar líne, ceistneoirí d'oideoirí agus do thuismitheoirí, agus teimpléid aighneachta. San iomlán eagraíodh 51 cruinniú déthaobhach le heagraíochtaí páirtithe leasmhara i gCéim 1 den chomhairliúchán idir Meitheamh 2020 agus deireadh Eanáir 2021. I gCéim 2, idir Deireadh Fómhair 2021 agus Feabhra 2022, eagraíodh 13 fhócasghrúpa ar líne do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí le 181 rannpháirtí.

Do gach céim, d'óstáil CNCM dhá cheistneoir ar líne – ceann amháin d'oideoirí agus ceann eile do thuismitheoirí. I gCéim 1, rinneadh na ceistneoirí a óstáil ar an ardán Microsoft Teams, ach do

Chéim 2, agus bunaithe ar eispéireas fhreagróirí Chéim 1, bogadh na ceistneoirí go dtí an t-ardán Survey Hero chun inrochtaineacht agus taithí úsáideora a fheabhsú. Chomh maith leis sin, i gCéim 2, tar éis an ráta freagartha do Chéim 1 a mheasúnú, laghdaíodh líon agus castacht na gceisteanna. I gCéim 1, bhí 208 freagra oideora críochnaithe ann (205 cinn i mBéarla agus 3 cinn i nGaeilge) agus 158 freagra tuismitheora críochnaithe ann (154 ceann i mBéarla agus 4 cinn i nGaeilge). I gCéim 2, thaifead 320 freagairt críochnaithe ar an gceistneoir oideora (315 ceann i mBéarla agus 5 cinn i nGaeilge), le 930 freagairt chríochnaithe ar an gceistneoir tuismitheora (926 ceann i mBéarla agus 4 cinn i nGaeilge). Fuarthas 174 aighneacht ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí araon. Fuarthas an tromlach i gCéim 1, ach tairgeadh an deis do gach údar a n-aighneachtaí a nuashonrú do Chéim 2 chun imeacht ama agus tionchar na paindéime a léiriú. Roghnaigh líon an-bheag sin a dhéanamh. Cé gur thug tromlach na n-údar toiliú lena n-aighneachtaí a fhoilsiú, níor thug líon beag, mar sin tá líon na n-aighneachtaí foilsithe níos lú ná an líon a fuarthas. Tá 146 aighneacht foilsithe ar shuíomh gréasáin CNCM.

Chomh maith leis sin, foilsíodh ábhair ceardlainne comhairliúcháin chun tacú le rannpháirtíocht foirne uile ar phríomhthograí sa dréachtchreat d'aon scoil a bhí ag iarraidh iad a úsáid. I ngach ceardlann bhí áis le haghaidh aiseolas ó scoileanna le cur isteach ag úsáid an ardáin Survey Hero. Chomh maith le hinfhaighteacht ghinearálta na n-ábhar ceardlainne, d'úsáid scoileanna san Fhóram Scoileanna na ceardlanna agus, as na 60 scoil san Fhóram, chomhlánaigh 51 na ceardlanna sin agus chuir siad isteach aiseolas.

**Tábla 1: Léargas ginearálta ar ghníomhaíocht tiomsaithe sonraí**

| Modh comhairliúcháin | Freagróirí/Rannpháirtithe | Uimhreas |
|---|---|---|
| Cruinnithe déthaobhacha | Eagraíochtaí agus grúpaí leasmhara | 51 cruinniú le 95 ag freastal |
| Ceistneoir ar líne Céim 1 | Oideoirí | 208 |
| Ceistneoir ar líne Céim 1 | Tuismitheoirí | 158 |
| Ceistneoir ar líne Céim 2 | Oideoirí | 320 |
| Ceistneoir ar líne Céim 2 | Tuismitheoirí | 930 |
| Fócasghrúpaí | Múinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí | 13 ghrúpa le 181 ag freastal |
| Aighneachtaí i scríbhinn | Daoine aonair agus eagraíochtaí | 174 |
| Ábhair cheardlainne | Múinteoirí agus ceannairí scoile | 51 scoil |

## 2.3 Anailís ar shonraí

De bhrí go raibh sonraí cáilíochtúla (sonraí/aighneachtaí cruinnithe déthaobhacha/fócasghrúpaí) agus cainníochtúla (ceistneoirí oideora agus tuismitheora) ar na sonraí a bailíodh, úsáideadh modhanna difriúla anailísithe sonraí.

### 2.3.1 Sonraí cruinnithe déthaobhacha agus fócasghrúpaí

Is é cuspóir na hanailíse patrúin (téamaí) a shainaithint sna sonraí a bailíodh trí fhócasghrúpaí ar líne le múinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí agus cruinnithe déthaobhacha le heagraíochtaí páirtithe leasmhara. Is é anailís théamach, mar a shainmhíníonn Braun agus Clarke (2006), an mhodheolaíocht lena nglactar le haghaidh na hanailíse, mar gheall ar a hinfheidhmeacht leathan agus a solúbthacht, agus glacadh leis an bpróiseas sé chéim le haghaidh na gcomhthéacsanna éagsúla. Rinneadh anailís ar na sonraí loma (nótaí a tógadh le linn na bhfócasghrúpaí/cruinnithe déthaobhacha) i dtús báire trí lionsa na sé phríomhtheachtaireacht dá dtagraítear thuas. Do thacair sonraí faoi leith na gcruinnithe déthaobhacha agus na bhfócasghrúpaí, ullmhaíodh máistirdhoiciméad de na sonraí do gach príomhtheachtaireacht agus rinneadh gach ceann acu a anailísiú chun na príomhthéamaí a shainaithint (Braun agus Clarke, 2006). Cuimsíodh 'plé machnamhach' (Braun agus Clark, 2006, lch. 82) sa phróiseas anailíse, le pearsanra CNCM ag obair le taighdeoirí neamhspleácha le haghaidh plé agus cinnteoireacht i sainaithint téama, chomh maith le riosca chlaontacht an taighdeora a mhaolú.

### 2.3.2 Sonraí ceistneora

I gCéim 1, rinneadh na ceistneoirí a óstáil ar an ardán Microsoft Teams agus do Chéim 2, úsáideadh an t-ardán Survey Hero. Cé go ndearnadh na ceistneoirí sa dá chéim a struchtúrú lena n-ailíniú leis na príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat, bhí na ceistneoirí do Chéim 2 níos giorra agus bhí níos mó cineálacha freagartha cainníochtúla ann ná mar a bhí i gCéim 1, rud a rinne iad níos fusa a chomhlánú. Bhí seo mar fhreagairt ar ráta freagartha a bhí níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis i gCéim 1 agus mar aitheantas ar an mbrú a bhí ar oideoirí agus ar thuismitheoirí/caomhnóirí le linn na paindéime. Cuimsíodh anailís ar na freagairtí sa chineál ceiste; mar shampla, do cheisteanna bunaithe ar scálaí Likert agus próisis rangaithe, ghin na bogearraí in Microsoft Teams agus Survey Hero araon cairteacha agus graif. Anailísíodh an t-ábhar cainníochtúil le próiseas Braun agus Clarke (2006) agus léirítear na príomhthéamaí i mbarrachairt nó i bhformáid néil focal. Mar gheall air seo bhíothas in ann léiriú achomhair toirteanna mór freagraí téacs a chur ar fáil. Foilsítear na bunfhreagraí focal ar fhocal, chomh maith leis an tuarascáil do gach ceistneoir ó Chéim 1 agus ó Chéim 2, sa Tuarascáil Theicniúil a ghabhann leis an gcáipéis seo.

### 2.3.3 Ábhair cheardlainne

Foilsíodh na hábhair cheardlainne ar an suíomh gréasáin agus tá siad ar fáil do gach scoil, le haiseolas seolta trí nasc 'ginearálta' go Survey Hero nó trí nasc tiomnaithe 'Fóram Scoileanna'. Cé gur chuir 51 ball den Fhóram Scoileanna a n-aiseolas isteach ar na gnéithe éagsúla den dréachtchreat tríd an ardán Survey Hero, níor chomhlánaigh aon scoil an tsraith ceardlann tríd an nasc 'ginearálta'. Tá anailís sonraí, mar sin, bunaithe ar an aiseolas ó bhaill an Fhóraim Scoileanna. Bhí na ceardlanna deartha chun aiseolas a bhailiú go príomha i bhformáid téacs. Bhí an téacs go léir íoslódáilte i bhformáid PDF agus cuireadh i dtoll a chéile é i máistirdhoiciméid le haghaidh gach cinn de na seacht gcuid. Rinneadh gach cuid a anailísiú ag úsáid anailís théamach ó phróiseas

Braun agus Clarke (2006) agus rinne anailíseoir neamhspleách sin ag obair le pearsanra CNCM, mar a bhí amhlaidh in anailís na sonraí cáilíochtúla ó na cruinnithe déthaobhacha agus na fócasghrúpaí.

### 2.3.4 Aighneachtaí

Fuarthas 174 aighneacht san iomlán, le toiliú le foilsiú tugtha i gcás 146 den iomlán. I roinnt de na haighneachtaí níor cuireadh in iúl cé acu a thug nó nár thug an t-údar toiliú le foilsiú, agus rinneadh teagmháil leis na húdair sin roimh fhoilsiú. Tá roinnt aighneachtaí ann nach bhfuil aon leid iontu go bhfuil toiliú ann bealach amháin nó bealach eile agus níor foilsíodh iad seo, ach oiread leis na haighneachtaí ar shonraigh a n-údair nach bhfuil an aighneacht le foilsiú. Tá na haighneachtaí ar tugadh cead iad a fhoilsiú foilsithe ar shuíomh gréasáin CNCM. Tá próifíl ar na haighneachtaí go léir a fuarthas san áireamh sa doiciméad seo, le forléargas ar na catagóirí leathana ábhar a dtugtar fúthu sna haighneachtaí, bunaithe ar na príomhphointí a tarraingíodh aníos i ngach aighneacht. Áirítear anseo cuimsiú; éagsúlacht; éiteas; teanga; agus réimse curaclaim, ach níl sé teoranta dóibh. Cuirtear na catagóirí ar fáil ar mhaithe le héascaíocht nascleanúna, mar gheall ar an líon mór aighneachtaí aonair, ach níl sé i gceist a chur in iúl gurb ionann gach catagóir aonair an t-aon ábhar a dtugtar faoi in aighneachtaí aonair. Cé gur úsáideadh an teimpléad a chuir CNCM ar fáil i mórán de na haighneachtaí, a bhí bunaithe ar na sé phríomhtheachtaireacht is bonn leis an gcomhairliúchán, ina lán eile níor úsáideadh an teimpléad agus cuirtear an téacs i láthair ar bhealaí éagsúla.

# Cuid 3: Torthaí

## 3.1 Cruinnithe déthaobhacha

Thaifead beirt bhreacairí nótaí sonraí a bailíodh trí rannpháirtíocht dhéthaobhach le páirtithe leasmhara ag gach cruinniú. Tar éis athbhreithnithe ar na nótaí lena dheimhniú gur léirigh siad an plé, rinne anailísithe neamhspleácha triáis thosaigh ar na nótaí trí lionsaí na sé phríomhtheachtaireacht, arbh iad na hábhair a pléadh ag gach cruinniú. Ina dhiaidh sin, rinneadh na sonraí go léir a bhain le gach ceann de na príomhtheachtaireachtaí a chur i dtoll a chéile i máistirdhoiciméad, agus rinne foireann de thriúr anailís ar gach ceann acu ag úsáid phróiseas anailíse sonraí téamach Braun agus Clarke (2006). Le linn an phróisis seo, tugadh faoi deara gur tharraing rannpháirtithe anuas freisin saincheisteanna nár bhain leis na príomhtheachtaireachtaí, ach a théann i bhfeidhm ar cheisteanna le haghaidh cur i ngníomh curaclaim. Tiomsaíodh agus rinneadh anailísiú ar an ábhar ag úsáid an mhodha chéanna agus tá sin san áireamh freisin sa chuid seo.

### 3.1.1 Príomhtheachtaireacht 1

Dearadh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* le tógáil ar rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999 ar nós an sult a bhaineann an páiste as an bhfoghlaim agus an úsáid mhéadaithe a bhaineann na múinteoirí as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Ag an am céanna, tugtar freagra sa dhréachtchreat ar na príomhdhúshláin a d'aithin scoileanna ar nós ró-ualach an churaclaim agus an measúnú a úsáid ar bhealach bríoch chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh ceithre théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 1:

1. Tógann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ar láidreachtaí churaclam 1999.
2. Admhaíonn agus tugann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* faoi dhúshláin a shainaithnítear i gcuraclam 1999.
3. Freagraíonn *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* do chomhthéacs oideachais atá i mbéal athraithe
4. Breithnithe le cur i bhfeidhm.

#### Téama 1: Tógann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ar láidreachtaí churaclam 1999

Go ginearálta, labhair rannpháirtithe go han-dearfach faoi láidreachtaí churaclam 1999 agus ar an gcaoi ar tógadh ar na láidreachtaí seo chun an dréachtchreat a chruthú. Go háirithe, luadh cur chuige bíseach churaclam 1999 agus an bhéim láidir ar scileanna mar láidreachtaí. Úsáideadh téarmaí mar 'ceannródaíoch' agus 'meas air ar fud an domhain' chun cur síos air.

Ar an iomlán, measadh go raibh tionchar dearfach ag curaclam 1999 ar pháistí agus foghlaim. Bhí suntasacht caidreamh ina príomhréimse mar ar bhraith rannpháirtithe gur thóg an dréachtchreat ar láidreachtaí churaclam 1999. Tugadh le fios go láidir go dtógann an dréachtchreat ar thaithí san am a caitheadh agus go mbreathnaíonn sé chun tosaigh de réir mar a bhogann an tír leis an am. Tugadh faoi deara go gcuireann an dréachtchreat béim fós ar eolas, scileanna, dearcthaí agus ceisteanna agus go gcuireann sé chun cinn foghlaim ar feadh an tsaoil. Tar éis do churaclam 1999 an comhtháthú a chur chun cinn, bhraith mórán go leanann an dréachtchreat ar aghaidh ag cur chun cinn cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus luadh ionchuimsiú réimsí curaclaim mar shampla de seo. Thug roinnt rannpháirtithe le fios go dtógann an dréachtchreat ar theachtaireacht

pháistelárnach churaclam 1999, le fócas ar ionchuimsiú agus inniúlachtaí. Luadh freisin go bhfuil príomhfhorbairtí oideolaíochta sa dréachtchreat, a tharla ó tugadh isteach curaclam 1999, le cuir chuige bunaithe ar spraoi aitheanta mar shampla amháin de seo.

### Téama 2: I *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* aithnítear agus tugtar faoi dhúshláin a shainaithnítear i gcuraclam 1999

Chuir rannpháirtithe fáilte roimh fhoilsiú an dréachtchreata, ag féachaint air mar fhorbairt riachtanach agus thráthúil, agus chuir siad síos ar fhéidearthacht an dréachtchreata ailíniú a chruthú agus naisc a tharraingt idir an t-oideachas luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile.

D'aithin rannpháirtithe an ró-ualach curaclaim ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann le curaclam 1999. Bhí freagraí measctha ann maidir le féidearthacht an dréachtchreata a leithéid de ró-ualach a laghdú. Léirigh roinnt rannpháirtithe an dearcadh go n-aithníonn an dréachtchreat dúshlán an ró-ualaigh agus go bhfreagraíonn sé go cuí air trí fhócas níos mó ar neamhspleáchas an mhúinteora, solúbthacht agus réimsí leathana curaclaim atá beartaithe a thabhairt isteach chomh maith le cur chuige comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama. Ag an am céanna, tarraingíodh imní anuas go bhféadfadh ró-ualach curaclaim tarlú arís eile de thoradh ar réimsí/ábhair churaclaim nua agus an iomad príomhinniúlachtaí a thabhairt isteach. Braitheadh gur cheart a bheith faichilleach maidir le réimsí agus ábhair churaclaim nua a thabhairt isteach. Cuireadh fáilte roimh fhócas níos mó ar mheasúnú le haghaidh foghlama agus measúnú foirmitheach laistigh den dréachtchreat. Tarraingíodh aird ar na dúshláin a bhaineann le curaclam nua a chur i bhfeidhm agus modheolaíochtaí ar bhonn fiosraithe agus foghlama gníomhaí a leabú.

### Téama 3: Freagraíonn *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ar chomhthéacs oideachais atá i mbéal athraithe

Tharraing mórán rannpháirtithe aird ar ábharthacht an dréachtchreata i gcomhthéacs sochaí atá ag athrú, agus mhol siad gur tugadh a lán airde ar réimsí na riachtanas speisialta oideachais agus an ionchuimsithe sa dréachtchreat, aird a theastaíonn go géar. An chaoi seo, braitheadh go bhfreagraíonn an dréachtchreat go dearfach ar riachtanais gach páiste agus go léiríonn sé Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) agus oideolaíocht ionchuimsitheach. Cé gur luaigh mórán rannpháirtithe ábharthacht na litearthachta digití agus na teicneolaíochta, chuir daoine eile fainic in aghaidh róbhéim ar an teicneolaíocht chun dochair d'oideachas na Matamaitice. Bhí mothúcháin láidre ann go bhfreagraíonn an dréachtchreat ar shochaí ilghnéitheach agus go léiríonn sé Éire bhreisteangach agus ilchultúrtha trí tharraingt ar an ilchineálacht teanga mar láidreacht. Bhí freagraí measctha ar neamhspleáchas múinteora agus páiste le feiceáil i bhfreagraí rannpháirtithe. Cé go raibh fáilte roimh aitheantas ar neamhspleáchas páiste agus múinteora laistigh den dréachtchreat, léiríodh imní maidir le deacrachtaí féideartha i leith curaclam nua a chur i bhfeidhm bunaithe ar sholúbthacht agus neamhspleáchas níos mó. Sainaithníodh athrú a chur i bhfeidhm agus leabú an athraithe mar dhúshlán agus tharraing rannpháirtithe anuas suntasacht agus tábhacht freagraí múinteoirí ar churaclam nua freisin.

### Téama 4: Breithnithe le cur i bhfeidhm.

Bhí téama an chur i bhfeidhm ann go láidir le comhaontú leathan nach mór machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cur i bhfeidhm. Tarraingíodh aird ar ghá na dúshláin a bhaineann le curaclam nua a chur i bhfeidhm a aithint agus anailís a dhéanamh ar chumas, agus rinneadh an pointe gur sa chur i bhfeidhm a tharlóidh aon athrú. Cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le

cur chuige uile-chórais, le mórán rannpháirtithe ag réamh-mheas dúshláin do scoileanna agus do mhúinteoirí. Cuireadh síos ar athrú curaclaim a chur i bhfeidhm mar ghníomhaíocht an-dúshlánach, fiú don mhúinteoir is mó taithí.

Braitheadh go raibh na hathruithe sa dréachtchreat suntasach, agus is iad athruithe struchtúrtha, an t-athrú go dtí torthaí foghlama, grúpáil ábhar, agus solúbthacht níos mó agus neamhspleáchas múinteora is mó a tugadh faoi deara. Braitheadh go raibh an chaoi a mbreathnaíonn múinteoirí ar an dréachtchreat, a chaoi a dtuigeann siad é agus a bhfreagraíonn siad dó, ríthábhachtach le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Tharraing rannpháirtithe aird ar an ngá cumas athraithe a thógáil, le gá faoi leith le tacaíochtaí maidir le torthaí foghlama a thuiscint agus a chur i bhfeidhm, oideolaíocht spraoi agus neamhspleáchas a chur i ngníomh. Bhí freagraí measctha ann maidir le struchtúr, le mórán rannpháirtithe ag cur fáilte roimh an gcur chuige comhtháite i leith ábhar, agus léirigh rannpháirtithe eile imní go mbeadh ró-ualach ann mar gheall ar ábhair nua a thabhairt isteach. Léiríodh imní freisin maidir le laghdú féideartha ama d'ábhair faoi leith. Cuireadh fáilte ghinearálta roimh sholúbthacht agus neamhspleáchas múinteora níos mó agus braitheadh gur aithníodh leo neamhspleáchas múinteora, ag cur chun cinn gairmiúlachta agus comhoibriú, agus ag tacú le curaclam ag teacht chun cinn agus freagrúil. Cé go raibh neamhspleáchas múinteora le feiceáil i gcuraclam 1999, braitheadh nár tuigeadh seo go hiomlán, agus ní raibh a fhios ag scoileanna go raibh siad in ann roghanna a dhéanamh. Bhí comhaontú leathan i measc rannpháirtithe go mbeidh tacaíochtaí ag teastáil ó scoileanna agus múinteoirí chun cumas agus muinín a thógáil chun neamhspleáchas a chur i ngníomh. Cé gur breathnaíodh go dearfach ar neamhspleáchas agus solúbthacht, tarraingíodh aird ar chumarsáid shoiléir, le rannpháirtí amháin ag léiriú imní maidir le cothroime eispéiris a chinntiú do pháistí.

### 3.1.2 Príomhtheachtaireacht 2

Moltar i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* athrú a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar an curaclam amach trí bhogadh ó ábhair sna chéad cheithre bliana den bhunscoil go dtí réimsí curaclaim leathana a thacaíonn le cur chuige comhtháite maidir leis an teagasc agus foghlaim. Dhéanfaí na réimsí sin a roinnt ina n-ábhair ó rang a trí ar aghaidh chun léiriú a thabhairt ar fheasacht mhéadaithe an pháiste ar ábhair mar bhealach chun a chuid foghlama a eagrú.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh ceithre théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 2:

1. Struchtúr agus cur i láthair curaclam bunscoile athfhorbartha
2. Réimsí agus ábhair churaclaim
3. Comhtháthú
4. Impleachtaí do mhúinteoirí.

#### Téama 1: Struchtúr agus cur i láthair curaclam bunscoile athfhorbartha

Chomhroinn rannpháirtithe dearcadh eolach agus meáite i leith láidreachtaí agus teorainneacha na samhla. Nótáladh léirthuiscint dhearfach i dtéarmaí an dréachtchreata choincheapúil mholta, a bhéim ar chur chuige comhtháite, a nádúr ionchuimsitheach, agus an fócas ar chúig réimse leathana curaclaim. Ach léirigh eagraíocht amháin an tuairim gur cheart Clár an Phátrúin a aithint go foirmiúil mar shéú réimse curaclaim agus an ceart dlíthiúil ag gach pátrún scoile a gcuid féin a dhearadh agus a fhorbairt.

Tugadh aitheantas láidir do chontanam saoráideach thaithí an fhoghlaimeora ar feadh oideachas an pháiste. Thug eagraíocht amháin faoi deara go n-éascóidh an dréachtchreat leanúnachas ó *Aistear* go dtí an *Creat don tSraith Shóisearach* agus bhíothas buíoch go háirithe as an mbéim ar aistrithe idir na leibhéil. Bhí plé láidir ann maidir leis an gcaoi a dtacóidh an curaclam beartaithe le teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán. Go dearfa, bhí eagraíochtaí den tuairim go n-éascódh an creatchuraclam nua réimse leathan cuir chuige oideolaíochta nuálacha. Cuireadh fáilte in iúl do chur chun cinn dearfach cuir chuige spraíúla, don rannpháirtíocht taobh amuigh faoin aer agus don spreagadh d'fhoghlaim ar bhonn fiosraithe.

Agus torthaí foghlama á meas, ba é an tuairim ghinearálta ná go bhfuil an fhéidearthacht ag baint leo curaclam comhtháite a thiomáint agus go bhféadfaidh siad a bheith ina modh chun tabhairt faoi ró-ualach féideartha curaclaim. Ag machnamh ar na tuairimí a comhroinneadh, thug eagraíocht amháin faoi deara athrú a raibh fáilte roimhe ó chuspóirí inneachair go torthaí foghlama. Ach léiríodh roinnt imní freisin faoin gcaoi a bhféadfar torthaí foghlama a cheapadh, agus labhair roinnt eagraíochtaí faoin ngá le soiléire timpeall ról agus struchtúr torthaí foghlama chun an fócas inmhianaithe ar scileanna, inniúlachtaí, agus foghlaim pháistelárnach a bhaint amach.

### Téama 2: Réimsí agus ábhair sa churaclam

Agus na cúig réimse curaclaim agus ábhar á meas, bhí fáilte ghinearálta ann roimh na réimsí curaclaim leathana, ach luadh roinnt imní maidir leis an inneachar ábhair agus na grúpaí. Ar an iomlán léiríodh sna freagraí ó na cruinnithe déthaobhacha gur cheart a lua go follasach sa chreat críochnaithe na caidrimh idirghaolta idir na réimsí curaclaim agus ábhair.

Glacadh go dearfach le tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta (NTI) i gCéimeanna 3 agus 4 (rang a trí go dtí a sé) i dtéarmaí sealbhú agus éagsúlacht teanga. Ach léirigh roinnt eagraíochtaí imní faoi theagasc an Bhéarla agus na Gaeilge agus d'fhiafraigh siad an imreofaí drochthionchar ar theagasc na dteanga seo le tabhairt isteach NTI.

Cheistigh roinnt rannpháirtithe baint ar shiúl na hEolaíochta ón ngrúpáil le Stair agus Tíreolaíocht go hOideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Léirigh grúpa amháin an tuairim gur láidreacht a bhí ann i gCuraclam 1999 na naisc idir Stair, Tíreolaíocht agus Eolaíocht i gcur chuige ar bhonn fiosraithe. D'éiligh freagróirí go gcuirfí an caidreamh déthreoch idir Eolaíocht agus Oideachas Sóisialta agus Imshaoil chun tosaigh sa chreat críochnaithe.

Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh an réimse beartaithe Folláine, luaigh roinnt eagraíochtaí imní maidir le cad é an t-inneachar sonrach a chuirfear san áireamh i gCéimeanna 1 agus 2. Ceistíodh an t-athrú ainm ó Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) go hOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Luachanna (OSPL) sa dréachtchreat gan a bheith ag tacú le leanúnachas go dtí an iar-bhunscoil. Bhí comhaontú ginearálta ann gur cheart Corpoideachas a dhéanamh níos infheicthe sa réimse curaclaim seo. Chuir roinnt eagraíochtaí fainic in aghaidh Damhsa a athrú ó Chorpoideachas go hOideachas Ealaíon. Cé gur léiríodh imní gurbh fhéidir go mbeadh braistint i measc múinteoirí go bhfuil ró-ualach curaclaim mar gheall ar Oideachas Ealaíon níos leithne beartaithe, braitheadh go raibh Drámaíocht ag cur ar fáil comhthéacs, cás agus ról le haghaidh comhtháthaithe trínar féidir tabhairt faoi gach ábhar.

## Téama 3: Comhtháthú

Labhair glórtha éagsúla sna cruinnithe déthaobhacha ar réimse luachanna agus cuspóirí oideachasúla. Fuair na heispéiris foghlama comhtháite bheartaithe i gCéimeanna 1 agus 2 tacaíocht láidir ó rannpháirtithe. Bhí comhaontú ginearálta ann go bhféadfadh athrú go foghlaim ábharbhunaithe i gCéimeanna 3 agus 4 cur in éadan páistí níos sine a bheith ag fáil eispéiris dhearfacha foghlama comhtháite agus mar sin mhol roinnt rannpháirtithe cur chuige comhtháite do gach céim. Ach thug grúpa amháin fainic in éadan athrú i dtreo comhtháthú níos mó mar bhraith siad go bhféadfar ábhair a chaolú, a laghdú agus nach dtabharfar a n-amanna teagaisc féin dóibh mar gheall ar chomhtháthú níos mó.
Léiríodh roinnt imní go gcuirtear réimsí nó ábhair churaclaim i láthair faoi láthair sa dréachtchreat mar an túsphointe réamhshocraithe maidir le comhtháthú. Dúirt grúpa amháin nach gcuireann léiriúchán amhairc na réimsí agus ábhair churaclaim i gcolúin struchtúrtha in iúl smaoineamh an chomhtháthaithe. Go dearfa, mhol mórán eagraíochtaí go bhfuil gá le soiléire níos mó maidir leis an gcineál comhtháthaithe a shamhlaítear sa dréachtchreat. Rinneadh tagairt don fhíric gur athrú suntasach cultúir é athrú ón tuiscint reatha ar chomhtháthú ildisciplíneach go dtí cuir chuige idirdhisciplíneacha agus thrasdisciplíneacha i leith an chomhtháthaithe, agus nach mór seo a aithint.

## Téama 4: Impleachtaí do mhúinteoirí

Go ginearálta, bhí aitheantas dearfach ann ar neamhspleáchas múinteora agus solúbthacht a bheartaítear sa dréachtchreat. Freagra tipiciúil a tugadh faoi deara ba ea gur féidir le múinteoirí a bheith níos freagrúla agus pleananna a fhorbairt nuair a thagann riachtanais agus spéiseanna páistí chun cinn, ag tabhairt mar sin an tsolúbthacht do mhúinteoirí dul i ngleic ar bhealach bríoch. Cé gur chuir mórán freagróirí fáilte roimh neamhspleáchas agus solúbthacht, go háirithe, maidir le comhtháthú a bhaint amach, léirigh mórán freagróirí a n-imní faoin ngá níos mó tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí sa réimse seo. Mhol roinnt acu go raibh gá le tuiscint níos mó ar na coincheapa ‘curaclam comhtháite’ agus ‘teagasc comhtháite’ agus d’éiligh siad soiléiriú, ionas nach mbeidh doiléire ann. Measadh go raibh sé suntasach nach dtacófar le múinteoirí agus iad ag pleanáil le haghaidh agus ag teagasc curaclam comhtháite. D’éileodh seo, dar le roinnt freagróirí, cur chuige comhtháite i leith teagasc agus foghlaim a bheith leabaithe san Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM).

Bhí an téama forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) do mhúinteoirí ann go láidir i mbeagnach gach plé déthaobhach. Bhí freagróirí soiléir go mbeadh gá le FGL leanúnach, pleanáilte le hathrú buan, éifeachtach i gcleachtas, eolas agus muinín múinteoirí a chinntiú dá dtabharfaí isteach curaclam bunscoile athfhorbartha. Bhí mórán spéise sa ghá le múinteoirí buneolas domhain a bheith acu ar na réimsí agus ábhair churaclaim, cuir chuige i leith an chomhtháite agus torthaí foghlama chun a bheith ag obair go rathúil leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha. Léiríodh imní faoin leibhéal tacaíochta leantaí, acmhainní, agus treorach a gheobhadh scoileanna agus múinteoirí chun athruithe a leagtar amach sa dréachtchreat a chur i bhfeidhm go rathúil.

Bhí roinnt tagairtí ann don ghá le foghlaim ar fud an chórais tarlú chun plé a éascú idir gach páirtí leasmhar. D’éascódh seo scrúdú ar dhearcthaí éagsúla ar chinntí a bhaineann le saincheisteanna amháin léirmhíniú nó ciall an chomhtháite, torthaí foghlama, agus neamhspleáchas múinteora laistigh den churaclam.

### 3.1.3 Príomhtheachtaireacht 3

Déantar moltaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama. Cuirtear béim sa dréachtchreat ar an tábhacht atá le comhtháthú an churaclaim, ar chleachtas ionchuimsitheach, ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrúchán agus ar oideolaíocht spraíúil. Cuirtear an measúnú i láthair mar chuid lárnach de chleachtas laethúil an mhúinteora.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh trí théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 3:

1. Fís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe
2. Athruithe le machnamh a dhéanamh orthu
3. Fís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe a chur i ngníomh.

#### Téama 1: Fís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe

Gabhann an téama seo tuairimí páirtithe leasmhara ar fhís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe mar a leagtar amach sa dréachtchreat. Bhí mionlach suntasach d'aighneachtaí dearfach maidir leis an gcur chuige i leith na hoideolaíochta sa dréachtchreat. Tugadh moladh d'ionchuimsiú oideolaíochtaí sonracha amhail foghlaim ar bhonn fiosraithe, tógachas sóisialta, foghlaim ghníomhach agus foghlaim allamuigh. Rinneadh trácht fabhrach ar chuir chuige níos leithne amhail teicneolaíocht, cleachtas ionchuimsitheach agus comhtháthú, agus tugadh moladh don fhís ar an iomlán don oideolaíocht i dtéarmaí mheonta, luachanna agus thoisí mothaitheacha na foghlama. Bhí freagraí ar oideolaíochtaí eile, amhail an súgradh, níos measctha. Cé gur chuir mórán eagraíocht fáilte shonrach roimh na moltaí ar shúgradh, dúirt páirtithe leasmhara eile gur beag a bhí ann chun an súgradh faoi stiúir an pháiste sa dréachtchreat, nach raibh go leor béime ar oideolaíochta bunaithe ar spraoi i ranganna sinsearacha, nach bhfuil go leor treorach ann chun ligean do gach páiste spraoi a rochtain, agus go raibh míshástacht ann le roinnt den téarmaíocht a úsáidtear, mar shampla, na difríochtaí idir an oideolaíocht, cuir chuige oideolaíochta agus eolas ar inneachar oideolaíochta. Bhí tuairimí éagsúla ag páirtithe leasmhara maidir le cé chomh maith is a ailíníonn an dréachtchreat le h*Aistear*. Mheall an píosa ar neamhspleáchas an pháiste sa dréachtchreat freagra measctha chomh maith, le dearcthaí difriúla maidir le cé chomh héifeachtach is a chuireann an dréachtchreat an páiste neamhspleách ag croílár na foghlama. Maidir leis an gcaoi a léirítear caidrimh sa dréachtchreat, chuir roinnt freagróirí míshásamh in iúl maidir leis an inneachar, agus mhol freagróirí eile leasuithe. I ndáil leis an gcuid maidir le tuismitheoirí, bhí easaontú áirithe ann maidir leis an suntasacht a leagadh ar thuismitheoirí sa dréachtchreat.

Maidir le measúnú, fáiltíodh go láidir roimh an bhfís a cuireadh in iúl sa dréachtchreat. Thacaigh na freagróirí le coincheap an mheasúnaithe mar chuid dhílis ríthábhachtach den teagasc agus den fhoghlaim. Mar aon leis sin, tacaíodh go forleathan le coincheap an pháiste mar an páirtí leasmhar is lárnaí agus is tábhachtaí sa phróiseas measúnaithe. Fáiltíodh roimh chontanam an mheasúnaithe a cuireadh in iúl sa dréachtchreat. Measadh go raibh an t-athchoincheapú a rinneadh ar an measúnú chun ócáidí measúnaithe iomasacha, pleanáilte agus ar leith a áireamh i ranganna bunscoile ag teacht go maith leis an measúnú saibhir arna úsáid in Aistear i suíomhanna luathóige. Moladh an cur chuige leathan sin i dtaobh measúnaithe as a sholúbthacht, maidir le sonraí saibhre a bhailiú d'fhonn an fhoghlaim a fheabhsú tríd an gcuraclam iomlán agus maidir leis na huirlisí measúnaithe is féidir a úsáid.

### Téama 2: Athruithe le machnamh a dhéanamh orthu

Áiríodh eolas ar inneachar oideolaíochta, foghlaim de ghlanmheabhair, gluais chun téarmaí teicniúla a shoiléiriú, múnlaí tógachaíocha agus tagairt do theoiricithe i measc na moltaí maidir le nithe breise a d'fhéadfaí a chur leis an dréachtchreat. I measc na n-athruithe a moladh bhí moltaí maidir le tagairtí don súgradh a leathnú trí thuilleadh samplaí den fhoghlaim súgradh-bhunaithe agus tuilleadh soiléire faoin gcoincheap a sholáthar maidir le luach an tsúgartha don mhúineadh agus don fhoghlaim le gach aoisghrúpa; ag bogadh ón idirdhealú go dtí DUF; ról na dtuismitheoirí mar pháirtithe san fhoghlaim a shoiléiriú; agus athruithe a dhéanamh ar an gcuid maidir le caidrimh chun tús áite a thabhairt don chaidreamh idir múinteoirí agus páistí agus chun tuilleadh eolais a thabhairt maidir le caidrimh le comhscoláirí. Maidir le measúnú, cheap freagróirí go raibh gá ann go mbeadh eolas sa dréachtchreat maidir le pleanáil múinteoirí agus an taifeadadh a dhéanann siad ar mheasúnú, mar aon le tuilleadh eolais maidir leis an úsáid a bhaineann múinteoirí as sonraí measúnaithe. Go háirithe, measadh go mbeadh punainn mheasúnaithe ina n-uirlis úsáideach. Measadh freisin gur pointí iad mionsonraí dhearadh agus theanga na grafaice don mheasúnú sa dréachtchreat a bhféadfaí athmhachnamh a dhéanamh orthu.

### Téama 3: Fís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe a chur i ngníomh

D'aithin rannpháirtithe príomhchumasóirí nó príomhbhaic maidir le fís na hoideolaíochta agus an mheasúnaithe mar a leagtar amach é sa dréachtchreat a chur i ngníomh. Baineann gné amháin de na cumasóirí agus baic sin a luadh go minic le tuairimí agus meon an mhúinteora. Measadh go raibh sé an-tábhachtach go ndéanfaidh múinteoirí athchoincheapú ar an measúnú maidir lena fheidhm, chuspóir, raon, úsáid agus fhoirmeacha. Mheas páirtithe leasmhara go gcuirfidh an chaoi a mbreathnaítear ar an measúnú faoi láthair srian ar bhaint amach na físe don mheasúnú sa dréachtchreat.

Luadh féinbhraistint, féinéifeachtúlacht agus gníomhú múinteoirí go minic i ndáil leis an mbreithiúnas proifisiúnta a léiríonn múinteoirí agus cinntí á ndéanamh acu maidir le hoideolaíocht agus measúnú. Cé gur fáiltíodh roimh an bhfís de mhúinteoirí mar ghairmithe oilte gníomhaíochta, thug páirtithe leasmhara rabhadh go mbeadh ar múinteoirí muinín agus iontaoibh níos láidre a bheith acu as a mbreithiúnas féin agus an luach a bhaineann leis maidir le foghlaim páistí a phleanáil agus a chur chun cinn. Ina thaobh sin, luadh go raibh téacsleabhair, mar aon le hionchais agus míthuiscintí maidir le ról scrúduithe caighdeánaithe ina mbaic ar bhreithiúnas proifisiúnta múinteoirí. Bhí cur amach na múinteoirí ar an gcuraclam, ar pháistí agus ar inneachar oideolaíochta; cleachtas reatha múinteoirí maidir leis an raon oideolaíochta a úsáidtear de thuras na huaire; cleachtais maidir le sonraí measúnaithe a thuairisciú, a úsáid agus a roinnt; agus caidrimh tuismitheoirí is múinteoirí agus múinteoirí is páiste i measc na ngnéithe eile a d'aithin múinteoirí mar chumasóirí nó baic.

Cé gur fháiltigh siad roimh an bhfís don oideolaíocht agus don mheasúnú arna leagan amach sa dréachtchreat, thug cuid mhór páirtithe leasmhara faoi deara go mbeidh tábhacht nach beag ag gabháil le tacaíochtaí do mhúinteoirí chun an dréachtchreat a chur i ngníomh go rathúil. Bhí soláthar FGL, ceisteanna a bhaineann le pearsanra (cóimheas scoláirí/múinteoirí, foireann tacaíochta), ábhar agus leithne na n-uirlisí úsáide a bheidh in éineacht leis an gcuraclam nua agus acmhainní teicneolaíocha i measc na dtacaíochtaí a aithníodh.

Aithníodh ról agus ionchais tuismitheoirí mar ghnéithe cumasaithe nó iallaigh freisin. Bhí páirtithe leasmhara go láidir den tuairim go bhfuil gá tacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí chun go

dtuigfidh siad an curaclam agus ról agus feidhm an mheasúnaithe araon, go háirithe maidir le scrúduithe caighdeánaithe. Luadh freisin go bhféadfadh luachanna tuismitheoirí agus an chaoi a bhféadfadh sin tionchar a imirt ar chur i ngníomh an dréachtchreata a bheith ina mbaic fhéideartha.

Luadh freisin go raibh na nósanna reatha i scoileanna amhail téacsleabhair, an stíl cheannaireachta agus modhanna traidisiúnta measúnaithe ('scrúdú na hAoine', mar shampla) a bheith ina gcumasóirí nó ina mbaic fhéideartha. Tarraingítear aird arís agus arís eile ar thionchar an mheasúnaithe chaighdeánaithe ar phróiseas an mheasúnaithe, agus ar an measúnú iomasach go háirithe, mar bhac. Bhíothas den tuairim go mbeidh gá aghaidh a thabhairt ar bhailíocht, úsáid agus stádas an chineál measúnaithe sin chun tacú le tuiscint úr ar an measúnú.

Bhí na nithe seo a leanas i measc na ngnéithe nár luadh chomh minic sin a d'aithin na páirtithe leasmhara mar ghnéithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chur i ngníomh an dréachtchreata: a mhéid atá sé ag teacht le cleachtas OTM, a mhéid a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm curaclam eile agus a mhéid atá an dréachtchreat ag teacht le *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile - Treoirlínte do Scoileanna (2007)*, a bhfuil feidhm aige de thuras na huaire.

### 3.1.4 Príomhtheachtaireacht 4

Leagtar amach i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le naisc idir curaclaim agus aistrithe idir an baile, an réamhscoil agus an iar-bhunscoil trí fhís a chur ar fáil le haghaidh fhoghlaim an pháiste le linn ocht mbliana na bunscoile a nascann leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí *Aistear* agus a nascann an fhoghlaim sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh ceithre théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 4:

1. Aistriú
2. Acmhainn *Aistear* bonn eolais a chur faoi churaclam athfhorbartha.
3. Oideolaíocht
4. Tacaíochtaí.

#### Téama 1: Aistriú

Maidir le príomhtheachtaireacht 4, bhí léirthuiscint ghinearálta ann as an leanúnachas sa téacs agus sa téarmeolaíocht; tugadh faoi deara go gcuireann an méid sin nascacht agus fís shoiléir trí theanga chomhroinnte chun cinn. D'iarr roinnt eagraíochtaí, áfach, go mbeadh tuilleadh soiléirithe ann maidir le príomhthéarmaí amhail 'leanúnachas', 'éagsúlacht' agus 'ionchuimsiú', chun tacú le haistrithe idir earnálacha.
Maidir le haistrithe, aontaíodh go ginearálta gur bhonn oideachasúil tábhachtach atá san fhócas a leagadh ar an nascacht idir earnálacha, agus fáiltíodh roimhe. Tugadh faoi deara go bhféadfadh an bhéim sin ar an nascacht a chinntiú go mbeidh fíorchontanam ann san oideachais ó *Aistear* go hoideachas iar-bhunscoile.

Ar an gcaoi chéanna, glacadh go han-mhaith leis an bhfócas ar aistrithe a tharlaíonn ag céimeanna éagsúla aistear oideachasúil an pháiste. Tugadh faoi deara go bhfuil feasacht ann cheana maidir leis na pointí aistrithe ach nach mór í a neartú, agus go bhfuil gá le tuilleadh acmhainní roinnte a

sholáthar agus le tuilleadh cumarsáide. Tugadh aird ar leith ar na pointí aistrithe, idir Aistear agus luathbhlianta na bunscoile, idir scoileanna sóisearacha agus sinsearacha, idir Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna agus fiú an t-aistriú idir réimsí curaclaim agus ábhair ag Céimeanna 3 agus 4 den dréachtchreat. Mar léiriú ar na tuairimí a cuireadh in iúl, tugadh faoi deara go leagtar níos mó béime anois ar aistrithe i ngach earnáil, ach go bhfuil tuilleadh béime, naisc níos fearr agus tuilleadh soiléire de dhíth anois. Dúradh go raibh pointí aistrithe den sórt sin dearfach, go raibh fáilte rompu ach go raibh siad lán le teannas, dúshlánach agus go gcruthóidís fadhbanna. Dúradh gur dhea-fhorbairtí a bhí in acmhainní amhail *Mo Scéal* agus *Pas Oideachais* chun tacú le haistrithe, ach go raibh gá ann athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Ardaíodh ceisteanna freisin maidir leis an gcaoi a bhféadfadh aistrithe a léiriú ar bhealach níos soiléire, agus rinneadh tagairt freisin don dícheangal sa mhúineadh, sna heispéiris agus sna meonta idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil. Ceist eile a ardaíodh ná an chaoi gur chosúil go bhfuil na naisc idir an mbunscoil agus an iar-bhunscoil deighilte. Tarraingíodh aird freisin ar cheist an ama, maidir leis an bhfócas inmhianaithe ar aistrithe a bhaint amach, mar aon le himní maidir leis an tionchar a bheadh i gceist leis an bhfócas den sórt sin ar fhoghlaim an pháiste ag na pointí aistrithe.

### Téama 2: An chaoi a bhféadfadh *Aistear* bonn eolais a chur faoin gcuraclam athfhorbartha

Léirigh cuid mhór eagraíochtaí an tuairim go léirítear ról lárnach *Aistear* maidir le leanúnachas a chruthú idir luath-oideachais agus oideachas bunscoile ar bhealach dearfach sa dréachtchreat. Tharraing roinnt eagraíochtaí aird ar an gcaoi a leagann an dréachtchreat béim ar naisc shoiléire idir *Aistear*, an dréachtchreat agus an *Creat don tSraith Shóisearach.* Cé gur mheas roinnt eagraíochtaí go bhféadfaidh *Aistear* leanúnachas idir réimsí curaclaim agus ábhair a chothú i ranganna sinsearacha, chuir roinnt eile in iúl go bhféadfadh dúshlán a bheith i gceist le haistriú ó na téamaí in Aistear chuig réimsí curaclaim agus ansin ar aghaidh chuig ábhair. Bhí líon beag eagraíochtaí den tuairim nach léirítear *Aistear* i gceart sa dréachtchuraclam reatha, nach bhfuil sé neadaithe a dhóthain ann, agus nach bhfuil go leor béime leagtha ar na nithe coiteanna idir *Aistear* agus an dréachtchreat. Moladh freisin nár cheart go mbeidh Aistear ina chreat nó eintiteas éagsúil laistigh den churaclam bunscoile nua, agus go mba cheart go mbeidh prionsabail *Aistear* neadaithe sa churaclam bunscoile athfhorbartha.

Agus machnamh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm reatha *Aistear* i suíomhanna luathoideachais agus oideachais bunscoile, chuir roinnt eagraíochtaí in iúl go raibh imní orthu go bhfuil míchiall agus míthuiscint á mbaint as *Aistear*. Luadh go rabhthas buartha go raibh an tuiscint ag múinteoirí gur am súgartha nó uair súgartha a bhí i gceist le *Aistear*. Tugadh le fios freisin go mbíonn tuiscintí éagsúla agus scoileanna ar *Aistear*, agus go bhfuil easpa leanúnachais i gceist agus é á chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach i mbunscoileanna dá bharr. Dúradh go raibh gá le tuilleadh FGL agus oiliúna a sholáthar d'oideachasóirí chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh tuiscint roinnte níos fearr ann maidir le tábhacht *Aistear* agus an úsáid a bhaineann leis maidir le naisc agus aistrithe idir earnálacha. Tugadh le fios go bhfuil gá ann go dtuigfí *Aistear* ar bhealach níos fearr chun neamhleanúnachas idir Aistear agus an curaclam bunscoile a sheachaint. Mar a dúradh roimhe seo, rinneadh moladh freisin go bhféadfadh cleachtas *Aistear* a fheabhsú le hacmhainní roinnte agus cumarsáid níos fearr idir na hearnálacha luathóige agus oideachais bunscoile. Iarradh go mbeadh ráitis bhreise agus níos soiléire ann maidir le himpleachtaí agus lárnacht *Aistear* i gcuraclam bunscoile athfhorbartha agus ag gach céim den fhoghlaim. Tharraing roinnt eagraíochtaí aird ar an tábhacht atá ag gabháil le leanúnachas curaclaim agus oideolaíochta thar na

réimsí luathóige agus bunscoile, agus ar an iomlán breathnaíodh ar Aistear mar bhealach dearfach chun an leanúnachas sin a chothú sna hearnálacha luathóige agus oideachais bunscoile araon. Mar aon leis sin, ba cheart a lua go raibh, bunaithe ar na sonraí déthaobhacha, léirmhínithe agus tuiscintí éagsúla ann maidir le ról *Aistear* agus cur i ngníomh Churaclam na Bunscoile i measc na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sna pléití déthaobhacha.

### Téama 3: Oideolaíocht

Thug raon guthanna aghaidh ar an gcaidreamh bunúsach idir an oideolaíocht agus idirnascacht beartaithe na n-earnálacha oideachais atá beartaithe sa dréachtchreat. Tacaíodh go dearfach le forbairt scileanna agus coincheapa inaistrithe, a fhorbródh an acmhainn scileanna agus coincheapa inaistrithe a neartú thar ábhair. Iarradh go gcuirfí béim ar thras-théamaí agus fócas ar ghné shóisialta na foghlama. Cé gur fáiltíodh roimh an mbéim ar théamaí úra amhail an t-athrú aeráide, inbhuanaitheacht agus feasacht chomhshaoil, bhí daoine eile ann a cheap go mba cheart tuilleadh béime a leagadh ar na téamaí sin sa chreat.

Cuireadh fáilte leathan roimh oideolaíochtaí súgradh-bhunaithe agus mhol roinnt daoine go mba cheart an cur chuige sin a choinneáil i ngach Céim. Iarradh go mbeadh contanaim ghinearálta dul chun cinn ann, agus go háirithe tugadh faoi deara go bhfuil gá ann go mbeidh luachanna roinnte ann idir earnálacha chun fiosracht an pháiste a chothú, chun tacú le gníomhú an pháiste agus chun coincheap an fhoghlama ar feadh an tsaoil a neartú.

Rinne roinnt eagraíochtaí a bhain le hábhair faoi leith tagairt don tábhacht a bhaineann le hábhair faoi leith agus an ról a bheadh acu i gcuraclam athfhorbartha. Leagadh béim ar lárnacht na Folláine ag gach céim den oideachas bunscoile agus dúradh go raibh tábhacht ag gabháil leis an Oideachas Ealaíon. Dúradh gur gaisce a bhí i dTionscadal Mata, agus iarradh go mbeadh tuilleadh nascachta ann idir an tOideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta agus Matamaitic na Sraithe Sóisearaí.

### Téama 4: Tacaíochtaí

Chun deimhin a dhéanamh de go mbeifí in ann an sprioc a leagtar amach sa dréachtchreat a bhaint amach, bhí roinnt eagraíochtaí an-soiléir agus iad ag lorg tacaíochtaí FGL do mhúinteoirí, dírithe go háirithe ar a dtuiscint ar an dréachtchreat a shoiléiriú agus ar phríomhinniúlachtaí a fhorbairt. Thug roinnt dóibh le fios go mba cheart go mbeadh FGL comhroinnte ann idir na hEarnálacha Luathoideachais agus Oideachais Bunscoile nó idir na hearnálacha ar fad, d'fhonn comhchaidreamh a fhorbairt. Mar aon leis sin, tugadh le fios go bhfuil gá ann le hacmhainní amhail eiseamláirí agus uirlisí úsáide agus le ham a thabhairt do mhúinteoirí dul i ngleic le pointí aistrithe agus naisc a chothú. Rinneadh tagairt freisin don ghá atá ann tacú le tuismitheoirí ó thaobh téarmaíochta de agus maidir le próiseas an aistrithe.

**3.1.5 Príomhtheachtaireacht 5** Déantar teachtaireachtaí tábhachtacha a bhaineann le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh fhoghlaim an pháiste, cuir i gcás, na príomhinniúlachtaí, agus tá béim ar leith ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearcthaí an pháiste a leagadh amach i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Moltar freisin sa dréachtchreat go gcuirfí béim níos mó ar roinnt réimsí atá cheana féin, cuir i gcás, corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus an fhoghlaim dhigiteach, agus ar ghnéithe nua freisin amhail Nuatheangacha

Iasachta, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, agus Oideachas Ealaíon ní ba leithne.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh trí théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 5:

1. Curaclam a fhreagraíonn do dhomhan an lae inniu
2. Curaclam nua a chur i bhfeidhm
3. An t-athrú a chumasú

### Téama 1: Curaclam a fhreagraíonn do dhomhan an lae inniu

Bhíothas ar aon ghuth go mbaineann an dréachtchreat le sochaí an lae inniu agus go bhfreagraíonn sé ar bhealach sásúil do na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn don fhoghlaim ionchuimsitheach sa 21ú aois trí phríomhinniúlachtaí agus réimsí curaclaim a thagann le sochaí an lae inniu agus le riachtanais páistí. Bhí léirthuiscint ghinearálta ann i measc eagraíochtaí do na seacht bpríomhinniúlacht a cuireadh i láthair, fáiltíodh rompu agus dúradh go raibh siad iomlánaíoch, úsáideach do phointí aistrithe agus gur chuir siad fócas uileghabhálach ar fáil thar réimsí ábhair. Measadh go raibh an phríomhinniúlacht ‘A bheith i d’fhoghlaimeoir digiteach’ an-iomchuí agus tráthúil. Luaigh roinnt eagraíochtaí, áfach, an líon mór dúshlán eitice agus acmhainní a bhaineann le teicneolaíocht agus foghlaim dhigiteach i scoileanna. Dúradh freisin go raibh an-tábhacht ag baint leis na príomhinniúlachtaí ‘Folláine a chothú’ agus ‘A bheith i do shaoránach gníomhach’ do shochaí an lae inniu, cé gur luaigh roinnt daoine go mbeadh an fhoclaíocht ‘A bheith go maith’ níos dírithe ar pháistí. Ag an am céanna, measadh go bhfuil gá le machnamh cúramach a dhéanamh maidir le céard is saoránach gníomhach ann agus na paraiméadair a bhaineann le folláine a chothú. Mar aon leis sin, cuireadh fáilte ar leith roimh an bpríomhinniúlacht ‘Ag foghlaim le bheith i d’fhoghlaimeoir’, ós rud é gur measadh go dtacaíonn sé le foghlaim ghníomhach, chruthaitheach agus fhéinstiúrtha páistí.

Fáiltíodh freisin roimh réimsí agus ábhair níos leithne sa churaclam, agus moladh go mór an bhéim a leagtar ar infheictheacht réimse curaclaim leathan an Oideachais Ealaíon sa dréachtchreat. Measadh gur rud dearfach a bhí sa bhéim níos leithne a leagtar ar an bhFolláine sa churaclam, a raibh géarghá leis do pháistí, do scoileanna agus do shochaí an lae inniu. Ina ainneoin sin, leag roinnt eagraíochtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le soláthar Corpoideachais do pháiste agus thug siad rabhadh nár cheart an Corpoideachas a chuimsiú san Fholláine. Mar aon le go leor freagairtí dearfacha maidir le Clár an Phatrúin laistigh den dréachtchreat, ardaíodh ceisteanna maidir lena chur i bhfeidhm agus luadh go raibh gá ann le tuilleadh soiléire maidir le céard is oideachas reiligiúnach agus eitice ann. Bhí roinnt eagraíochtaí ar son thabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta, agus dúirt siad gur deis atá ann an éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch i scoileanna a chur san áireamh. I gcodarsnacht leis an méid sin, áfach, léirigh roinnt eagraíochtaí eile go raibh imní orthu maidir leis na dúshláin phraiticiúla a bheadh i gceist le teangacha breise a thabhairt isteach sa bhunscoil. Measadh go raibh tábhacht ag baint leis an mbéim ar dhearcthaí, luachanna agus meonta sa dréachtchreat mar aitheantas tábhachtach ar ghnéithe mothaitheacha na foghlama agus forbairt an pháiste mar shaoránach sóisialta, mórálach agus gníomhach i sochaí an lae inniu.

### Téama 2: Curaclam nua a chur i bhfeidhm

San anailís a rinneadh ar na freagairtí ó na heagraíochtaí a bhí páirteach, léiríodh fáilte leathan roimh an bhfócas ar na príomhinniúlachtaí agus fócas níos leithne ar an bpróiseas foghlama a

thuiscint. Léiríodh go rabhthas an-sásta leis an leanúnachas agus solúbthacht a bhaineann leis an gcur chuige sin, agus fáiltíodh roimh mhúnla na foghlama comhtháite sa dréachtchreat.

Bunaithe ar an gcúlra sin, dhírigh freagróirí ar an bpróiseas chur i bhfeidhm féin. Bunaithe ar na tráchtanna, aithníodh go soiléir an nasc le *hAistear* atá sa dréachtchreat agus na féidearthachtaí atá aige maidir le pléití leanúnacha idir na hearnálacha Bunscolaíochta agus Iar-Bhunscolaíochta a chothú. Leag cúpla eagraíocht béim ar an tábhacht a bhaineann leis na meonta a bhainfear amach trí Aistear a thabhairt isteach sa seomra ranga Bunscoile agus thug siad faoi deara freisin go mbeidh dea-chosúlachtaí agus sineirge ann amach anseo idir oideachas Bunscoile agus an tSraith Shóisearach, ach go bhfuil gá le soiléiriú maidir le príomheolas agus caipiteal cultúrtha. D'iarr roinnt eagraíochtaí a bhfuil sainorduithe faoi leith acu go mbeadh tuilleadh nasc sa dréachtchreat. Mhol siad go dtabharfaí aghaidh air sin leis an gcur i bhfeidhm, m.sh. idir Tíreolaíocht/Eolaíocht agus inbhuanaitheacht, agus idir 'A bheith matamaiticiúil' agus 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach'.

Luaigh roinnt freagróirí go mbeadh ceisteanna ann maidir leis an gcothroime idir scoileanna agus an curaclam nua á chur i bhfeidhm. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh cothroime rochtana ag gach páiste ar an réimse leathan inniúlachtaí, meonta, luachanna agus dearcthaí mar aon leis an raon réimsí úra agus méadaithe. Cuireadh ceisteanna maidir leis na daoine a gcuirfeadh a dtosaíochtaí agus cinntí bonn eolais faoin méid a tharlóidh i ngach scoil. Cén chaoi a dtiocfaidh na hinniúlachtaí le heispéiris saoil na bpáistí uile?
Go hachomair, ag leibhéal an churaclaim, d'iarr roinnt eagraíochtaí go mbeadh soiléireacht ann maidir le léirmhíniú an chreata nua. Moladh go mbeidh gá le cur chuige cruthaitheach maidir leis na nithe ar fad a chomhtháthú chun a chinntiú go gcuirfí an creat i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus rathúil sa chóras bunoideachais.

### Téama 3: An t-athrú a chumasú

Agus a dtuairimí measta agus eolacha á dtabhairt maidir leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste, d'fhiosraigh freagróirí na ceisteanna praiticiúla a bhaineann le próiseas an chur i bhfeidhm do mhúinteoirí agus scoileanna. Tuairim amháin a bhí ann ná go mbeidh dúshlán mór ag baint leis na príomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm, agus tuairim eile a bhí ann ná go mbeidh dúshláin roimh mhúinteoirí gach cur chuige agus gné nua a thabhairt le chéile. In achoimre ar na ceisteanna a tháinig chun cinn, baineann cuid mhór díobh leis an gcaoi a ndéanfar an curaclam a eagrú, an leagan amach a bheidh air agus an t-ábhar agus eolas a bheidh mar chuid de Luadh an dúshlán measúnaithe a bhainfeadh leis an aistriú ó inneachar go dtí torthaí foghlama, agus rinne roinnt freagróirí trácht ar cheist an ró-ualaithe curaclaim, ar ceist í ar ardaíodh arís agus arís cheana, mar aon le himní maidir leis na réimsí a bhféadfadh a bheith thíos leis dá bharr. Ardaíodh ceist an leithdháilte ama, agus gur dócha go mbeadh éilimh iomaíocha ann ar an gcóras agus go háirithe ar mhúinteoirí mar gheall ar an bhfócas níos mó ar ghnéithe áirithe den churaclam. Cheistigh roinnt daoine ionracas na scoile dá mbeadh gá ann múinteoirí seachtracha a fhostú chun ábhair nua amhail Nuatheangacha Iasachta a mhúineadh. Léiríodh imní maidir le conas a bheadh múinteoirí in ann teacht ar dhóthain ama múineadh agus an réimse téamaí úra a mholtar sa dréachtchreat a thabhairt isteach. D'fhonn tacú leis an athrú sa mhúineadh agus san fhoghlaim, aithníodh an ríthábhacht a bhaineann le FGL agus OTM ar ardchaighdeán a thugann aitheantas do na hathruithe atá ag teacht ar riachtanais an churaclaim. Ba cheart go dtabharfadh tacaíocht den sórt sin aghaidh ar na réimsí ábhair nua, amhail Foghlaim Dhigiteach, ORC agus Eitic agus Nuatheangacha Iasachta, agus an bhéim bhreise ar ábhair reatha

araon, amhail Corpoideachas, OSPS agus Oideachas Ealaíon. Tugadh faoi deara go bhféadfadh eolas múinteoirí teacht faoi bhrú mar gheall ar na réimsí nua a bheidh le cur i bhfeidhm. Iarradh go dtabharfaí aghaidh ar an éiginnteacht a bhaineann leis na réimsí nua, agus cén áit a mbeidh réimsí ábhair áirithe sa churaclam nua. Go bunúsach, ní mór go mbeidh scoileanna agus múinteoirí cumasaithe chun aghaidh a thabhairt leis an líon mór athruithe agus leis an smaointeoireacht úr a bheidh de dhíth chun oideolaíocht éifeachtach agus timpeallacht a chuidíonn leis an bhfoghlaim a chothú.

### 3.1.6 Príomhtheachtaireacht 6

Leagtar amach teachtaireachtaí tábhachtacha i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna, mar shampla neamhspleáchas na múinteoirí agus na bpríomhoidí, agus gairmiúlacht chun an curaclam a chur i bhfeidhm de réir a gcomhthéacs scoile aonair agus níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna ó thaobh pleanála agus socrú amchláir de. Ceapadh an dréachtchreat le freastal ar gach páiste, agus dearadh na moltaí maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht chun deiseanna níos fearr a chur ar fáil don pháiste maidir le solúbthacht agus rogha ina fhoghlaim.

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh trí théama a bhaineann le príomhtheachtaireacht 6:

1. Fáilte a chur roimh ghníomhú an phaiste agus an mhúinteora
2. An tábhacht a bhaineann le cúrsaí ama agus socrú amchláir i gcuraclam athfhorbartha
3. Ceisteanna le meas agus dúshláin a bhaineann le gníomhú agus solúbthacht

#### Téama 1: Fáilte a chur roimh ghníomhú an phaiste agus an mhúinteora

Fáiltíodh roimh an aitheantas ar pháiste mar ghníomhairí lárnacha ina gcuid foghlama agus fiosrúcháin féin. D'aithin cuid mhór freagróirí na buntáistí a bhaineann le tacú le páistí a ngníomh a fheidhmiú i gcomhthéacs roghanna aonair agus eispéiris éagsúla foghlama. I measc na mbuntáistí sin bhí forbairt scileanna cinnteoireachta páistí, rannpháirtíocht páistí ina bhfoghlaim féin agus feabhsuithe i meiteachognaíocht agus scileanna smaointeoireachta criticiúla páistí. Measadh go raibh an t-aitheantas a thugtar do ghníomhú an pháiste sa dréachtchreat iomchuí agus gur bhain sé le sochaí an lae inniu, agus go bhféadfadh sé tacú leis an ionchuimsitheacht agus éagsúlacht i scoileanna.

D'fháiltigh freagróirí roimh an aitheantas a thugtar do ghníomhú proifisiúnta múinteoirí agus príomhoidí sa dréachtchreat freisin. Léirmhíníodh gur chumasú a bhí sa tsolúbthacht agus rogha a thugtar do mhúinteoirí, agus go raibh cumasú múinteoirí riachtanach d'fhorbairt phearsanta agus phroifisiúnta múinteoirí. Measadh gurb ionann an bhéim sin a leagtar ar ghníomhú, rogha agus solúbthacht agus aitheantas do chumas múinteoirí an curaclam a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna aonair a scoileanna.

Tharraing freagróirí aird ar an idirnascacht idir gníomhú an pháiste agus gníomhú an mhúinteora, agus dúradh go raibh an gníomhú ríthábhachtach sa chaidreamh idir múinteoirí agus a gcuid scoláirí. Dar le freagróir amháin, ní féidir gníomhú an mhúinteora a bheith ann gan ghníomhú an pháiste. Ar an iomlán, bhí freagróirí den tuairim gur theachtaireacht lárnach é gníomhú na scoile, an mhúinteora agus an pháiste sa dréachtchreat.

### Téama 2: An tábhacht a bhaineann le cúrsaí ama agus socrú amchláir i gcuraclam athfhorbartha

Bhí cuid mhór eagraíochtaí den tuairim gur fhorbairt dhearfach é coincheap an ama sholúbtha sa dréachtchreat, agus go bainfear amach athrú dá bharr. Fáiltíodh roimh an am lánroghnach mar bhealach lena bhféadfaí rogha agus gníomhú an mhúinteora a chumasú. Tuairim amháin a bhí ann ná go dtugann am solúbtha deis do chách forbairt na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, agus d'aithin roinnt daoine eile na buntáistí a bheadh ann don Oideachas Ealaíon, nó an scóip don súgradh agus foghlaim súgradh-bhunaithe de bharr am solúbtha. Léiríodh imní, áfach, go dtabharfadh am saor do Chlár an Phátrúin nó go mbeadh an iomarca tionchair ag spéis an mhúinteora air.

Cuireadh i gcoinne mhúnla an leithdháilte ama de bharr nádúr éagsúil na scoileanna sa chóras oideachais. Léiríodh imní maidir leis an méid ama atá ar fáil do T1 sna ranganna Sinsearacha; braitheadh go mbeadh níos lú ama i gceist don litearthacht agus uimhearthacht, agus go mbeadh níos mó ama ar fáil don Mhatamaitic ná na hEalaíona uilig curtha le chéile. Cé gur fáiltíodh roimh an leithdháileadh ama seachtainiúil don Fholláine, rinneadh roinnt moltaí maidir leis an ngá atá ann am faoi leith a thabhairt d'ábhair amhail an Corpoideachas agus OSPS.

D'iarr roinnt daoine go gcuirfí am ar fáil le haghaidh comhráití proifisiúnta agus comhoibritheacha d'fhonn spriocanna an dreáchtchreata féin a bhaint amach. Thairis sin, moladh go mba cheart am pleanála a chuimsiú laistigh d'am na Foirne – arís, chun na spásanna nua a bheidh ar fáil don teagasc agus foghlaim a aithint.

Maidir le ceist níos leithne, cuireadh in iúl go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí am ar fáil chun an dréachtchreat a chun i ngníomh, go háirithe tar éis na n-athruithe agus éileamh ar fad a bhí ar scoileanna tar éis COVID-19. Iarradh go gcuirfí tacaíocht ar fáil don líon mór athruithe atá beartaithe, agus tugadh faoi dearadh go bhfuil eiseamláirí de dhíth maidir leis an am solúbtha agus go mb'fhéidir go bhféadfaí roinnt tionscadal a eagrú san am atá ar fáil.

### Téama 3: Ceisteanna le meas agus dúshláin a bhaineann le gníomhú agus solúbthacht

Bhí codarsnacht idir an fháilte a cuireadh roimh ghníomhú agus solúbthacht i gcuraclam athfhorbartha agus cúram agus machnamh maidir lena n-ionchuimsiú sa dréachtchreat. Cé gur thacaigh an chuid is mó de fhreagróirí leis an ngníomhú agus solúbthacht sin, bhí ceisteanna acu maidir leis na dúshláin a bhainfeadh le curaclam a chothaíonn gníomhú agus rogha a chur i bhfeidhm, agus maidir leis an léirmhíniú ar an gcuraclam sin. Cuireadh cuid mhór ceisteanna, ar nós conas a thabharfar roghanna do pháiste agus cén chuma a bheidh ar ghníomhú múinteoirí? Rinneadh trácht ar leith ar an bhféidearthacht go bhféadfadh roghanna éagsúla measúnaithe a thabhairt do pháiste chun aitheantas a thabhairt do ghníomhú agus guth na bpáistí.

Tharraing roinnt eagraíochtaí aird ar na tacaíochtaí a bheadh de dhíth chun curaclam bunaithe ar an ngníomhú agus solúbthacht a chur i bhfeidhm. I measc na samplaí ar leith a roinneadh, bhí eiseamláirí den chleachtas gníomhach i scoileanna, FGL sainiúil do mhúinteoirí agus tacaíocht don ghníomhú proifisiúnta. Moladh freisin go mbeadh gá le scafláil agus tacaíochtaí maidir le ham solúbtha a úsáid i bpobail scoile. Leag freagróirí béim ar an gcaoi go gcaithfidh múinteoirí a chur ar a suaimhneas go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh agus athrú á chur i bhfeidhm acu agus nach mór don tacaíocht sin teacht ón gcóras, agus ó cheannaireacht na scoile chomh maith.

Dar le roinnt freagróirí, tá gá le sainmhíniú níos soiléire ar ghníomhú an phaiste agus go mba cheart coincheap an ghníomhaithe a leathnú agus a phlé le múinteoirí. Léiríodh imní go bhféadfadh sé nach gcuirfí curaclam cothrom i bhfeidhm má tá claonadh ar mhúinteoirí tús áite a thabhairt do chodanna áirithe den churaclam thar chinn eile agus curaclam bunaithe ar ghníomhú agus solúbthacht á chur i bhfeidhm. Bhain ceisteanna eile le cinntiú go leanfaí de thús áite a thabhairt do scileanna litearthachta agus uimhearthachta, in ainneoin chur i bhfeidhm curaclaim a chuireann solúbthacht agus rogha chun cinn. Maidir leis an gcomhthéacs RSO, rinneadh an pointe go mba cheart leas a bhaint as straitéisí oiriúnacha inmholta agus gníomhú an pháiste á chur chun cinn. Moladh go ndéanfaí cur síos agus tuilleadh plé ar an DUF sa cháipéis agus dúirt freagróirí go bhfuil gá ann le soiléire maidir le modhanna measúnaithe i gcomhthéacs ghníomhú an pháiste agus an mhúinteora. Tarraingíodh aird ar an ngá atá ann cur chuige praiticiúil maidir le gníomhú a chur ar fáil do mhúinteoirí, mar a rinneadh go leanúnach i ngach príomhtheachtaireacht go dtí seo. Rinne freagróirí tagairt freisin don tábhacht a bhaineann le tuiscint chomhroinnte ar an ngníomhú idir na hearnálacha bunoideachais agus iar-bhunoideachais.

Cé gur breathnaíodh ar an tsaoirse agus an rogha mar bhuntáistí dearfacha sa dréachtchreat, ba léir freisin go raibh imní ar roinnt daoine gur féidir míthuiscint a bhaint as an tsaoirse agus an gníomhú. Ba shoiléir gur mheas freagróirí go mbeidh gá le tuilleadh tacaíochtaí proifisiúnta chun cuidiú le múinteoirí gníomhú agus solúbthacht a chothú i gcomhthéacs curaclam athfhorbartha.

### 3.1.7 Nithe le meas i ndáil le cur i bhfeidhm an churaclaim

Dearadh an comhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* bunaithe ar sé phríomhtheachtaireacht a bhfuil baint acu leis na moltaí sa dréachtchreat. Le linn na gcruinnithe déthaobhacha ar an dréachtchreat, thug roinnt freagróirí aghaidh ar cheisteanna nach raibh ag teacht leis an sé phríomhtheachtaireacht sin, agus a thug aghaidh go ginearálta ar 'Nithe le meas i ndáil le cur i bhfeidhm an churaclaim'. Chun aitheantas a thabhairt d'infheistiú na bpáirtithe leasmhara a d'fhreastail ar na cruinnithe déthaobhacha, rinneadh anailís ar na sonraí seo mar aon leis na sonraí a bhí ag teacht leis an sé phríomhtheachtaireacht ag baint úsáid as modh anailíse sonraí cáilíochtúla de chuid Braun agus Clarke (2006).

Ag baint úsáid as anailís, aithníodh na téama seo a leanas a bhaineann le 'Nithe le meas i ndáil le cur i bhfeidhm an churaclaim'.

1. Am agus spás a thabhairt don mhachnamh agus plé proifisiúnta
2. Forbairt ghairmiúil
3. Struchtúir thacaíochta
4. Saincheisteanna córais agus bonneagair
5. Ailíniú beartais chun tacú le réadú curaclaim agus lena éascú
6. Amlínte le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim

#### Téama 1: Am agus spás a thabhairt don mhachnamh agus plé proifisiúnta

Luaigh freagróirí agus rannpháirtithe go mbeidh am agus spás de dhíth ar cheannairí scoile, múinteoirí agus foirne scoile chun machnamh a dhéanamh, an próiseas a phleanáil, a gcumas athraithe agus chun imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh na beartais nua a chur i bhfeidhm ina gcomhthéacs féin. Measadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh am ag pobail scoile an curaclam nua a fhiosrú, triail a bhaint as agus dul i dtaithí air. Luadh freisin go bhfuil gá le comhoibriú agus pléití le comhghleacaithe, mar aon le ham do phleanáil scoile-uile agus am agus deiseanna do mhúinteoirí 'míchompord an athraithe', mar a tugadh air, a phróiseáil, agus tacaíocht

ar fáil dóibh maidir le hathruithe a dhéanamh. Moladh go mbeadh tréimhse thosaigh ann i scoileanna le 'geallta níos ísle' chun go mbeifí in ann forbairtí nua a leabú go tráthúil.

### Téama 2: Forbairt ghairmiúil

De bharr gur mheas freagróirí go raibh ríthábhacht ag baint le hardleibhéal tacaíochta tosaigh, moladh freisin go mba cheart tacaíochtaí do scoileanna, múinteoirí agus ceannairí scoile a ualú i dtreo an túis, agus go gcuirfí tús le FGL ar ardchaighdeán sula bhfoilseofar na sonraíochtaí curaclaim. Tugadh faoi deara go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an gcaoi a dtabharfar an creat isteach maidir le bonn láidir a thabhairt do na sonraíochtaí curaclaim a thiocfaidh dá éis sin. Dúradh go raibh gá le tacaíocht scafláilte leanúnach ó na seirbhísí forbartha gairmiúla do scoileanna chun an bealach a réiteach, chun aon ró-ualú a sheachaint, chun pléití maidir le hathruithe curaclaim agus forbairt a spreagadh agus chun an próiseas a threorú le tacaíocht chomhthéacs-bhunaithe. Luadh freisin an tábhacht a bhaineann le tacaíocht scoilbhunaithe agus an chaoi go bhféadfaí Féinmheastóireacht Scoile a úsáid mar uirlis chumhachtach chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile maidir le cuid mhór de na moltaí sa dréachtchreat.

Luaigh na freagróirí go han-soiléir go bhfuil gá ann go ndíreoidh cúrsaí Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus FGL do mhúinteoirí reatha ar na réimsí curaclaim nua agus ar an téarmaíocht úr. Leagadh béim shoiléir ar ghuth na bpáistí agus spéiseanna na bpáistí atá ag teacht chun cinn. Mhol freagróirí go mba cheart machnamh dáiríre a dhéanamh ar ghníomhú an mhúinteora mar ghné den fhorbairt ghairmiúil.

*Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)*

Dúradh go bhfuil sé ríthábhachtach athruithe curaclaim a leabú in Oiliúint Tosaigh Múinteoirí Léiríodh go bhfuil gá le coláistí OTM a chlúdaíonn na hearnálacha ar fad, go háirithe na hearnálacha Luathóige agus Bunscoile, agus mhol roinnt daoine go mba cheart Iar-Bhunscoil a áireamh leis sin, rud a thug struchtúr éagsúil laistigh den chóras le fios. Moladh freisin go mbeadh tuilleadh forbartha FGL roinnte ann idir an earnáil bunscoile agus an earnáil luathóige, dírithe ar tuiscint chomhroinnte a fhorbairt maidir le oideolaíocht fiú stiúir an pháiste do pháistí óga, oideolaíochtaí súgradh-bhunaithe agus fiosrúcháin faoi stiúir an pháiste san áireamh. Moladh go mb'fhéidir go bhféadfadh cumarsáid agus foghlaim idir earnálacha tosú ag leibhéal an cheannaire scoile. Luaigh freagróirí go mbeidh gá acmhainní agus treoir a chur ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le hoideolaíocht súgradh-bhunaithe. Dúradh freisin go mba cheart do mhic léinn atá ag tosú amach ar OTM freastal ar an nGaeltacht ar feadh cúpla seachtain ag tús a gcúrsaí chun feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge.

*Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)*

Léiríonn an t-aiseolas ó fhreagróirí go mbeidh rochtain ar, agus deiseanna do, FGL scoilbhunaithe ar ardchaighdeán de dhíth ar cheannairí scoile, múinteoirí agus foirne scoile don uasoiliúint riachtanach, uasoiliúint i gcúrsaí teicneolaíochta san áireamh. Moladh freisin go mbeidh FGL de dhíth chun eolas agus saineolas múinteoirí a fhorbairt i réimsí úra oideolaíochta agus measúnaithe, le sonraí soiléire maidir leis an gcaoi is fearr le tabhairt faoin bpleanáil agus múineadh ar bhealach comhtháite, traschuraclaim. Tarraingíodh aird freisin ar an tacaíocht a bheadh de dhíth le tacú leis an aistriú ó 11 ábhar go dtí cúig réimse curaclaim. Luadh go sonrach go mbeidh tacaíocht dhírithe agus FGL de dhíth ar mhúinteoirí chun tacú lena gcuid eolais ar ábhar agus a n-eolas oideolaíochta sa Chorpoideachas agus san Fholláine chun a chinntiú go mbeidh tuiscint chothrom, leanúnach acu ar an bhFolláine. Moladh go mbeadh FGL ann dírithe ar an idirdhealú, ionchuimsitheacht,

Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF), éagsúlacht a cheiliúradh, agus béim a leagan ar an gcaoi 'go bhfuil an curaclam do gach páiste', mar aon le FGL iomlán maidir leis an súgradh agus oideolaíocht shúgradh-bhunaithe. Ardaíodh freisin go bhféadfaí FGL agus tacaíocht a sholáthar trí Zoom nó Teams chun seiceáil isteach ar mhúinteoirí agus scoileanna. Smaoineamh eile a bhí ann ná go bhféadfaidh cúrsaí samhraidh FGL a úsáid mar bhealach chun tuilleadh ama a thabhairt do mhúinteoirí an curaclam athfhorbartha a fhiosrú.

Moladh go bhféadfaí smaointe úra, amhail 'an múinteoir gníomhach', a fhiosrú chun idirghabháil agus machnamh a spreagadh, agus athrú meoin i dtreo athruithe a dhéanamh buan i gcuid mhór cásanna. Dúradh go raibh gá le hathrú meoin den sórt sin i ngairm an mhúinteora agus sa chóras ar an iomlán, agus ceisteanna amhail foghlaim, múineadh agus measúnú á gcur san áireamh. Luadh cloisteáil agus meantóireacht do mhúinteoirí freisin. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le húdarás a thabhairt do mhúinteoirí, chun dul i ngleic leo maidir le forbairtí, agus le héisteacht lena bhfuil le rá acu. Léiríodh freisin go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh deiseanna ag múinteoirí a gcuid scileanna agus inniúlachtaí féin (m.sh, cruthaitheacht) a athaimsiú agus a fhorbairt trí FGL. Dúradh freisin go mbeidh gá ann tacú le múinteoirí trí mhínithe agus samplaí sonracha a chur ar fáil dóibh maidir le conas rogha agus gníomhú na bpáistí a fhorbairt. Moladh freisin go ndéanfaí machnamh agus go gcuirfí oiliúint ar fáil maidir leis an gcruth a bheadh ar an obair bhaile sa churaclam nua. Luadh go mbeadh gá ann aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le spleáchas ar théacsleabhair go luath.

### Téama 3: Struchtúir thacaíochta

Aithníodh gur tacaíochtaí riachtanacha iad comhoibriú idir comhscoláirí agus foghlaim laistigh de scoileanna agus pobail foghlama shínte ar bhonn áitiúil/réigiúnach. Tugadh le fios go mbeidh sé i gceist líonra múinteoirí i scoileanna éagsúla a cheangal agus a chruthú chun go mbeidh siad in ann cuir chuige nua agus forbairtí reatha a roinnt ó thaobh, mar a luaitear roimhe maidir le OTM, dea-chleachtas seomra ranga i gcur i bhfeidhm an churaclaim.

Moladh go mbeadh sraith straitéisí dea-fheistithe ar líne, a thabharfaí cothrom le dáta go bliantúil, le samplaí oibre páistí, agus samplaí den chaoi a gcuirtear príomhinniúlachtaí i bhfeidhm agus an dóigh ina mbeidh siad leabaithe i dTorthaí Foghlama le chéile le samplaí de chomhtháthú éifeachtach diongbháilte chun tacú le cleachtas múinteoirí. Luadh freisin tacaíocht trí Ghaeilge do gach múinteoir, go háirithe do mhúinteoirí a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Bhí freagróirí ann a shíl gur gá ábhair thacaíochta a fhoilsiú i nGaeilge agus i dTeangacha Nua.

Moladh go mbeadh tacaíocht ann do scoileanna agus do bhoird bhainistíochta maidir leis an mbealach is fearr le rogha agus solúbthacht a úsáid agus a chur chun cinn chomh maith le tacaíocht do scoileanna tabhairt faoi phleanáil scoile uile chun na timpeallachtaí foghlama atá ar fáil dóibh a chruthú agus lántairbhe a bhaint astu, timpeallachtaí foghlama a léiríonn teachtaireachtaí intuigthe den chreat curaclaim.

### Téama 4: Saincheisteanna córais agus bonneagair

Luadh gur féidir go mbeidh gá ann le hathrú ar bhonneagar fisiciúil scoileanna i gcúinsí áirithe le, mar shampla, seomraí níos mó chun foghlaim ghníomhach agus chomhoibríoch. Mheas freagróirí go mbeidh gá ann le saoráidí cuí agus spás fisiciúil le freastal ar níos mó ama don chorpoideachas. Luadh freisin go bhfuil gá ann an cóimheas scoláirí is múinteoirí a laghdú tuilleadh chun *Creat*

*Curaclaim na Bunscoile* a chur i bhfeidhm mar a bhí beartaithe, ag éascú oideolaíochtaí bunaithe ar spraoi agus foghlaim ghníomhach go héifeachtach.

Léiríodh an tuairim gur gá acmhainní leordhóthanacha a chur le Foghlaim Dhigiteach le hinfheistíocht níos mó sa bhonneagar digiteach agus sa chrua-earraí i scoileanna. Thug freagróirí le fios freisin go mbeidh gá ann le hacmhainní le húsáid an timpeallacht taobh amuigh d'fhoghlaim a éascú agus a spreagadh chomh maith le tacaíocht ar conas is féidir na hacmhainní atá ar fáil sna scoileanna cheana a uasmhéadú. Tugadh le fios go mbeidh gá le breithniú cúramach ar conas is féidir réimsí nua foghlama a theagasc agus ar cé acu gur chóir sainmhúinteoirí a earcú i réimsí áirithe m.sh., Nuatheangacha Iasachta, Ceol agus Corpoideachas. Luadh freisin go mbeadh cúntóirí ranga do gach scoil mar chabhair an leibhéal seo athraithe a éascú. Mheas freagróirí freisin go raibh sé tábhachtach a chur in iúl don phobal i gcoitinne an tábhacht a bhaineann le laethanta FGL do mhúinteoirí.

### **Téama 5:** Ailíniú agus comhleanúnachas beartais chun tacú le réadú curaclaim agus lena éascú

Thug freagróirí agus rannpháirtithe faoi deara go mbeidh gá ann le leibhéal áirithe d'athrú ar fud an chórais - mar shampla ag obair leis an Roinn Oideachais (DoE) agus páirtithe leasmhara eile chun teachtaireachtaí soiléire comhsheasmhacha a roinnt m.sh. maidir le cad iad na hionchais i dtaca le pleanáil, cigireachtaí etc., agus samhlacha cigireachta ag léiriú an chreata nua. Tugadh le fios go mbeadh athrú ón téarma 'cigire' go 'comhairleoir', lena mbeadh tuilleadh béime ar chomhairle agus tacaíocht, cabhrach. Maidir le cleachtas ionchuimsitheach, léirigh freagróirí gur gá cinneadh a dhéanamh ag leibhéal córasach ó thaobh teanga agus smaointeoireacht shoiléir de. Dúradh gur chóir cearta agus tuairimí tuismitheoirí a chur san áireamh.

Mhol freagróirí gur gá an nasc idir *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus *Creat Curaclaim na Bunscoile* nua a bheith an-soiléir. Moltar freisin go ndéanfar athbhreithniú ar Mo Scéal agus ar an bPas Oideachais chun comhleanúnachas maidir le tosaíochtaí *Chreat Curaclaim na Bunscoile* a chinntiú. Dúradh go raibh gá ann bogadh i dtreo cur chuige níos páisteláraithe i leith an mheasúnaithe a rachaidh chun tairbhe an pháiste, an tuismitheora agus an mhúinteora chomh maith le gá an beartas maidir le tástáil chaighdeánach a athrú. Moladh freisin go mbeidh sé riachtanach an cháipéisíocht agus beartas ar fad i leith measúnú a ailíniú.

### **Téama 6: Amlínte le haghaidh chur i bhfeidhm an churaclaim.**

Tar éis an chur isteach a bhain le Covid-19, léiríodh imní go bhféadfadh go mbeadh an amlíne a leagadh amach ró-uaillmhianach an earnáil a ullmhú don athrú a bheidh le teacht. Cuireadh imní in iúl freisin faoi acmhainneacht múinteoirí an oiread sin d'athrú a sheasamh. Tugadh faoi deara freisin, áfach, go ndearna baill foirne scoileanna a oiriúnú don athrú go proifisiúnta agus go gníomhaíoch le linn agus i ndiaidh na ndianghlasálacha Covid 19. Breathnaíodh ar an bhfaill 2021-2024 mar dheis ríthábhachtach dúshraitheanna d'athruithe ar an gcuraclam agus do na forbairtí a thiocfaidh i ndiaidh a leagan síos.

## 3.2 Fócasghrúpaí

Rinneadh sonraí a bailíodh le linn fócasghrúpaí a thaifeadadh ag na breacairí nótaí agus bhí éascaitheoir agus breacaire nótaí i ngach seomra ar leithligh. Tar éis athbhreithniú ar na nótaí go díreach i ndiaidh na himeachta le deimhniú gur léirigh siad an plé, rinne anailísithe neamhspleácha triáis thosaigh ar na nótaí trí lionsaí na sé phríomhtheachtaireacht, a bhí mar bhonn don phlé sna fócasghrúpaí freisin. Ina dhiaidh sin, rinne anaillísí neamhspleách na sonraí go léir a bhain le gach ceann de na príomhtheachtaireachtaí a chur i dtoll a chéile i máistirdhoiciméad agus rinneadh anailís ar gach ceann acu ansin ag úsáid phróiseas anailíse sonraí téamach de chuid Braun agus Clarke (2006).

### 3.2.1 Príomhtheachtaireacht 1

Dearadh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* le tógáil ar rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999 ar nós an sult a bhaineann an páiste as an bhfoghlaim agus an úsáid mhéadaithe a bhaineann na múinteoirí as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Ag an am céanna, tugtar freagra sa dhréachtchreat ar na príomhdhúshláin a d'aithin scoileanna ar nós ró-ualach an churaclaim agus an measúnú a úsáid ar bhealach bríoch chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.

#### Torthaí

Ba é an tuairim choiteann a thug rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí maidir le curaclam 1999 ná faomhadh i dtaca le prionsabail an churaclaim sin ach ag an am céanna ag glacadh leis go raibh fadhbanna lena chur i bhfeidhm. Bhí aitheantas soiléir freisin ar na hathruithe sóisialta agus oideachais a tharla le scór bliain anuas agus gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar smaointeoireacht agus ar chuir chuige inár scoileanna chun dul i ngleic leis na dúshláin a thagann leo.

Ar na buanna a bhain le Curaclam na Bunscoile (1999), tugadh faoi deara, gur éirigh leis an gcur chuige tógachaíoch a gabhadh leis, ach ba dheacair an cur chuige sin a chur i bhfeidhm toisc go raibh an curaclam ró-ualaithe. Tugadh le fios freisin, áfach, go raibh éagsúlacht ollmhór foghlama i gcuraclam 1999, agus go bhféadfaí breathnú uirthi seo mar ró-ualach, ach bhí rud éigin ann do gach páiste. Tugadh faoi deara go raibh béim ag an gcuraclam ar fhoghlaim fhionnachtanach ghníomhach ach creideadh gur minic go raibh a cur i bhfeidhm ag brath ar spéiseanna/láidreachtaí múinteoirí, le fócas ar ábhar seachas ar scileanna. Dearcadh eile a roinneadh ná nach raibh mórán difear idir an dréachtchreat agus curaclam 1999, rud a thugann le tuiscint go bhfeicfeadh múinteoirí cosúlachtaí le curaclam 1999 dá dtarraingeofaí níos mó airde ar na cosúlachtaí sin agus dá gcuirfí i láthair iad mar dhul chun cinn a thógann ar an méid a bhí ann roimhe. Chonacthas go ndeachaigh moltaí an dréachtchreata maidir le réimsí curaclaim i ngleic le leithlisiú ábhar rud nach raibh ag teacht le foghlaim dhomhain agus bhríoch a fhorbairt. Léiríodh tuairim freisin go raibh go leor athrá agus forluí i gcuraclam 1999, agus go gcuirfidh moltaí an dréachtchreata ar chumas an mhúinteora féachaint níos doimhne, trí chomhtháthú agus obair théamach.

Tugadh le fios go bhfuil sochaí an lae inniu níos casta agus níos éagsúla, agus go dtéann an dréachtchreat a ndearnadh go leor taighde air i ngleic le saincheisteanna ionchuimsithe go fíormhaith. Le dearcadh eile tugadh faoi deara go raibh i bhfad níos mó éagsúlachta sa daonra scoile ó 1999 agus gur chóir go léireofar na hathruithe seo sa dréachtchreat. Aithníodh freisin tionchar na n-athruithe sa tsochaí níos leithne ar scoileanna, sampla amháin a tugadh ná an bhéim ar fhoghlaim dhigiteach ag léiriú riachtanais na sochaí. Moladh gur túsphointe maith í an bhéim

maidir le Folláine sa dréachtchreat chun tógáil ar láidreachtaí churaclam 1999. Tugadh faoi deara go bhfuil go leor múinteoirí imithe i bhfad ó churaclam 1999 ina gcuid cleachtas agus go bhfuil scoileanna chun tosaigh ar an gcreat ar go leor bealaí. Ar an gcúis sin, bhí nuashonrú curaclaim i bhfoirm an chreata tráthúil.

Bhí ceist an ró-ualaithe curaclaim ina hábhar do líon suntasach ionchur do na fócasghrúpaí. Ní raibh a lán easaontais ón dearcadh go bhfuil an curaclam reatha róphlódaithe; chreid roinnt daoine go gcuireann sé le strus múinteora, ach bhí tuairimí roinnte ar cé acu a réiteodh moltaí an dréachtchreata an cheist. Luaigh roinnt rannpháirtithe cuspóirí an dréachtchreata an ró-ualach curaclaim a laghdú, ach léiríodh amhras nach beag maidir leis seo, más rud é go raibh réimsí nua foghlama á dtabhairt isteach gan aon chuid den ábhar a bhí ann roimhe sin a laghdú nó a bhaint. Cuireadh fáilte roimh struchtúr réimsí curaclaim, ach bhí faitíos ann go n-aistreofaí é sin go teagasc 13 ábhar le fírinne. Bhí dearcadh eile go raibh an t-ábhar i gcuraclam 1999 níos sainiúla agus gur féidir go mbeadh na torthaí foghlama anseo ró-éiginnte. Dearcadh eile fós ná nach rachaidh an creat i ngleic leis an ró-ualach toisc nach bhfuil soiléireacht na gcuspóirí sa churaclam reatha ann, rud a chiallaíonn go mbeidh níos mó oibre do mhúinteoirí lasmuigh den seomra ranga. Breathnaíodh ar thabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta mar rud eile a d'fhéadfadh cur le fadhb an ró-ualaithe, mar an gcéanna leis an méadú béime ar mheasúnú (a léirmhíníodh mar thaifid i scríbhinn). Ní raibh mórán tráchtanna ar réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le ceist an ró-ualaithe, ach moladh amháin a bhí ann ná gur féidir le foghlaim théamach agus chomhtháite a bheith mar pháirt den réiteach, le tacaíocht ó amchlár solúbtha.

Meabhraíodh an soláthar suntasach FGL le haghaidh curaclam 1999 agus luaigh roinnt rannpháirtithe go moltach é, agus bhí ceisteanna ann faoi nádúr agus méid tacaíochta do mhúinteoirí is dócha a bheidh ann maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sa dhréachtchreat. Léirigh roinnt rannchuiditheoirí an tuairim go mbraitheann cur i bhfeidhm rathúil, sa chéad dul síos, ar mhúinteoirí ag tuiscint bhunús an athraithe mholta. Mar shampla, bhí tuairim amháin ann gur gá an taighde ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí a chur leis an dréachtchreat a scaipeadh ar mhúinteoirí chun tacú le cur i bhfeidhm athruithe. Ag léiriú an dearcaidh chéanna a d'eascair ó chruinnithe déthaobhacha, léiríodh an tuairim gur chóir go dtabharfaí am do mhúinteoirí fiosrú a dhéanamh ar smaointe agus teanga nua sula bhfuiltear ag súil le cur i bhfeidhm iomlán, le sraith straitéisí agus tacaíochtaí curtha ar fáil.

Bhí dhá bhreathnú ann a léirigh ábhair imní shonracha maidir le moltaí an dréachtchreata. Ceann amháin acu ná go raibh bearna shuntasach ann idir foilsiú churaclam 1999 agus Treoirlínte do Scoláirí faoi Mhíchumais Foghlama Ghinearálta agus gur chóir go mbeadh sé seo i gceist amach anseo. Bhí imní eile ann gur chosúil gur dearadh an cur chuige i leith fhorbairt ábhair i gcuraclam 1999 d'aonaid aonranga agus go raibh sé an-deacair do scoileanna beaga agus i gcásanna ilranga. Léiríonn an creat an acmhainn le dul i ngleic leis an gceist seo.

### 3.2.2 Príomhtheachtaireacht 2

Moltar i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* athrú a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar an curaclam amach trí bhogadh ó ábhair sna chéad cheithre bliana den bhunscoil go dtí réimsí curaclaim leathana a thacaíonn le cur chuige comhtháite maidir leis an teagasc agus foghlaim. Dhéanfaí na réimsí sin a roinnt ina n-ábhair ó rang a trí ar aghaidh chun léiriú a thabhairt ar fheasacht mhéadaithe an pháiste ar ábhair mar bhealach chun a chuid foghlama a eagrú.

## Torthaí

Bhí cuid mhaith d'aird na bhfócasghrúpaí dírithe ar chúrsaí a bhaineann le struchtúr sa dréachtchreat. Ó tharla gur féidir gurb é an tsaincheist struchtúrach is tábhachtaí - leagan amach na gceithre chéim atá beartaithe - léirigh go leor rannpháirtithe a gcuid tuairimí maidir leis na céimeanna sin, go háirithe an bhéim théamach bheartaithe i gCéimeanna 1 agus 2, agus an bhéim ábhar-bhunaithe ó rang a trí go rang a sé i gCéimeanna 3 agus 4 ina dhiaidh sin.

D'aontaigh mórán leis na cuir chuige bheartaithe i gCéimeanna 1 agus 2. Measadh gur fhorbairt dhearfach a bhí ann, le tuairimí thar a bheith dearfach maidir le foghlaim chomhtháite agus théamach. Measadh, leis an tsaoirse chun foghlaim a phleanáil sa bhealach sin, go laghdófaí an brú a bhíonn ann an bosca a sheiceáil agus a rá go ndearnadh rud éigin. Measadh gur sampla maith de seo *Aistear*, mar go mbíonn an cur chuige téamach ag teacht go maith le fealsúnacht agus oideolaíocht *Aistear*. Cuireadh fáilte roimh infheictheacht na foghlama gníomhaí súgradh-bhunaithe. Moladh an cur chuige téamach agus dúradh gur bealach atá ann do mhúinteoirí díriú ar smaointe móra agus comhtháthú bríomhar a chruthú. Maíodh i dtuairim amháin go mbíonn an comhtháthú is fearr ann nuair a bhíonn béim ar réimsí leathana práinneacha amhail athrú aeráide agus nuair a bhíonn spás leis sin don saibhreas agus don éagsúlacht sna seomraí ranga go léir.

Bhí tuairimí níos éagsúla maidir le hidirdhealú níos mó trí ábhair atá beartaithe do Chéimeanna 3 agus 4. Measadh go coitianta gur fearr caolú éigin sna ranganna sinsearacha, go príomha mar ullmhúchán do chláir ábharbhunaithe san iar-bhunscolaíocht, agus chun aistriú páistí chuig an iar-bhunscoil a éascú. Ach bhí fonn ar roinnt rannpháirtithe an fhoghlaim théamach a shíneadh tríd an tríú agus an cheathrú céim. D'fhonn an pointe seo a léiriú, mar shampla, dúirt ceannaire scoile amháin go raibh sé níos spéisiúla, níos spraíúla agus níos furasta dáimh a bheith ag na páistí leis, agus duine eile a mheas go raibh sé tábhachtach go síneofaí obair a bhain le tionscadail thraschuraclaim isteach go dtí na ranganna sinsearacha, ag baint úsáid as solúbthacht na dtorthaí foghlama.

Ar na hábhair amhrais a léirigh roinnt rannpháirtithe bhí imní ann go bhféadfadh aistriú borb suntasach i bhfoghlaim páistí ag deireadh rang a dó a bheith ann. Ardaíodh ceisteanna freisin maidir le ranganna ilghráid i gcás, mar shampla, go mbíonn rang a dó agus rang a trí bunaithe sa seomra céanna. Sampla de na hábhair imní sin ná, i suíomh mar seo, go bhféadfaí bearnaí nó forluí teacht chun cinn agus go bhféadfadh curaclam scoilte a bheith ann. Bhí údar imní eile go mbreathnófaí ar mhúinteoirí amhail is go bhfuil siad ina múinteoirí sóisearacha nó sinsearacha sa struchtúr Céimeanna.

Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir le sonraí na sonraíochtaí ábhair do Chéim 3 agus do Chéim 4. Ceann acu ná go raibh sé deacair a shamhlú curaclam a bhí bunaithe ar nádúr teibí an dréachtchreata agus gur mhaith leo samplaí de thorthaí foghlama a fheiceáil ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim.

Maidir leis na torthaí foghlama, fáiltíodh go forleathan roimh mholtaí an dréachtchreata. Chuir rannpháirtí amháin fáilte roimh an bhfócas ar phointe deiridh, seachas ar thúsphointe, maidir le cuspóirí foghlama. Measadh gur thug na torthaí foghlama féinriail agus gníomhú breise do mhúinteoirí i dtaca leis an bpleanáil. Tuairim eile a bhí ann ná go gcabhródh na torthaí foghlama an curaclam a dhéanamh níos ionchuimsithí. Bhí tuairim eile, áfach, go mbíonn torthaí foghlama atá leathan agus éiginnte níos déine do mhúinteoirí ná cuspóirí sonracha. Léirigh duine eile an

dearcadh go raibh torthaí foghlama indéanta le haghaidh an chuid is mó de na hábhair, ach deacair maidir le Béarla agus teangacha.

Tugadh formheas leathan do leagan amach na bpríomhinniúlachtaí sa dréachtchreat. Moladh go raibh na hinniúlachtaí go maith, gur léirigh siad saol na ndaoine i sochaí an lae inniu, agus gur fiú obair ina dtreo san oideachas. I dtuairim a tháinig chun cinn i gcruinnithe déthaobhacha agus sna fócasghrúpaí araon maidir le roinnt de na príomhtheachtaireachtaí, nocht ceannaire scoile go gcuireann an dréachtchreat athruithe i sochaí na hÉireann ó 1999 san áireamh, chomh maith leis an mbealach ar féidir le scoileanna freagairt do dhúshláin a chruthaíonn na hathruithe seo. Dúradh gur samplaí maithe iad 'Ag foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir' agus 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach' d'inniúlachtaí a fhreagraíonn ar bhealach éifeachtach do na dúshláin sin.

Fuarthas líon suntasach freagraí maidir le tabhairt isteach féideartha NTI. San iomlán bhí na freagraí fabhrach don mholadh, ach rinne dhá phríomhábhar imní iad a cháiliú. Bhí siad seo dírithe ar leithdháiltí ama maidir le cén áit a bhfaighfear an t-am agus acmhainní daonna maidir le cé a bheidh ag teagasc na dteangacha seo, os rud é nach mbeidh go leor múinteoirí cumasach ina leith. I measc na straitéisí a moladh chun na hábhair imní dheireanacha a réiteach, bhí moladh amháin ann go ndéanfaidh múinteoirí ginearálta 'croí-ábhair' a theagasc agus gur féidir le múinteoirí eile speisialtóireacht a dhéanamh i réimsí láidreachta nó spéise. Bhí moladh eile gur féidir feidhm a bhaint as scileanna tuismitheoirí agus daoine eile ón bpobal ar cainteoirí dúchais sna teangacha sainithe iad.

Luadh roinnt imní go bhféadfadh teagasc scileanna Matamaitice a bheith thíos leis i gcomhthéacs aistrithe chuig teicneolaíocht bhreise, chuig ETIM mar réimse curaclaim, chuig scileanna digiteacha a bheith níos tábhachtaí na scileanna Matamaitice agus chuig níos mó béime ar Mhatamaitic shóisialta.

Cuireadh fáilte fhorleathan roimh mholtaí an dréachtchreata i dtaobh 'Folláine a chothú'. Ba í an phríomhcheist anseo ná cé acu ar chóir Folláine a theagasc mar ábhar nó mar réimse as féin nó ar chóir í a shní isteach sa churaclam níos leithne, áit ar tugadh faoi deara a hábharthacht do roinnt réimsí.
Bhí 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach' ar cheann de na hinniúlachtaí eile a tharraing trácht ó rannpháirtithe, agus béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé san oideachas reatha agus san oideachas amach anseo. Ardaíodh ceisteanna faoi cé acu ar chóir teicneolaíocht a theagasc mar réimse ábhair nó í a úsáid mar uirlis nó modheolaíocht i seirbhís níos leithne an churaclaim.

Bhí fadhb ag roinnt rannpháirtithe leis an mbéim a cuireadh ar Chlár an Phátrúin, go háirithe gur cuireadh an bhéim chéanna air agus a cuireadh ar réimsí eile an churaclaim. Mheas roinnt rannpháirtithe nárbh iomchuí é an leithdháileadh comhionann ama do na réimsí comhcheangailte laistigh de OSIE agus Oideachas Reiligiúnach / ORC agus Eitic.

Ar deireadh, rinneadh trácht maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim. Ba é an phríomhchúis imní ná go bhféadfadh moltaí an dréachtchreata an fhadhb maidir le curaclam ró-ualaithe a dhéanamh níos measa, mura mbainfear roinnt ábhar / réimsí reatha chun spás a dhéanamh do réimsí a tugadh isteach le déanaí. Leag rannpháirtithe béim ar an ngá ata ann le haghaidh samhlacha maithe torthaí foghlama, teimpléid phleanála do phleanáil scoile uile, agus go ginearálta, am chun dul i dtaithí ar struchtúir agus cuir i láthair nua.

### 3.2.3 Príomhtheachtaireacht 3

Déantar moltaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama. Cuirtear béim sa dréachtchreat ar an tábhacht atá le comhtháthú an churaclaim, ar chleachtas ionchuimsitheach, ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrúchán agus ar oideolaíocht spraíúil. Cuirtear an measúnú i láthair mar chuid lárnach de chleachtas laethúil an mhúinteora.

#### Torthaí

Agus iad ag tabhairt freagairt ar mholta an dréachtchreata ar thacú le réimse de chuir chuige oideolaíocha, léirigh rannpháirtithe tacaíocht do thábhacht an tsúgartha agus do thábhacht na 'foghlama comhoibrithe' mar a thugtar air go ginearálta.

Ceapadh go raibh athrú ann go hoideolaíocht shofhreagrach atá bunaithe ar an bpáiste a bhfuil naisc ann le fealsúnacht 'Aistear' agus cuirtear fáilte roimhe seo, a measadh mar athrú cultúrtha san oideolaíocht. Dúradh, áfach, nach bhfuil mórán tagairt do mholtaí oideolaíocha sa dréachtchreat. Moladh gur chóir go mbeadh níos mó béime ar ról an tsúgartha don fhoghlaim sa dréachtchreat agus gur chóir athchuairt a thabhairt air seo go minic. I gcomhthéacs éileamh ar níos mó súgartha, níos mó gluaiseachta agus níos mó foghlama taobh amuigh, luadh nach dtuigtear go maith an súgradh mar chur chuige atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de do naíonáin agus ní mór seo a dhéanamh níos soiléire.

Maidir le cuir chuige an tseomra ranga, moladh go bhféadfadh an dréachtchreat a fheabhsú trí níos mó béime a chur ar obair chomhoibríoch i measc na bpáistí. Ceapadh go raibh an bhéim a cuireadh ar fhoghlaim imeasctha an-dearfach. Moladh an cleachtas comhúinteoireachta do gach scoil, ní do scoileanna speisialta amháin. Luaigh tuismitheoirí go háirithe, go raibh an-tábhacht le sult le cuidiú leis na páistí an fhoghlaim is fearr a bhaint amach. Dearbhaíodh go dtéann úsáid réimse de chuir chuige agus d'oideolaíochtaí chun tairbhe do pháistí. I measc ráitis eile ar chuir chuige oideolaíochta go forleathan, dúirt roinnt tuismitheoirí go raibh siad ag iarradh go mbeidh a gcuid páistí cumasach agus an teicneolaíocht in úsáid acu, ach nach raibh siad ag iarraidh go mbeidh bunús fhoghlaim na bpáistí déanta tríd an teicneolaíocht. Ceapadh gur rud dearfach é an tumadh teanga mar bhealach chun inniúlacht teanga a mhéadú. Dhírigh beirt rannpháirtithe aird ar na tairbhí féideartha a bhaineann le gnéithe d'ábhair a theagasc trí mheán na Gaeilge mar dhea-chleachtas agus moladh gur chóir an Ghaeilge a thagarmharcáil do Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Maidir leis an moladh ar mheasúnú sa dréachtchreat, léirigh formhór na bhfreagairtí i measc rannpháirtithe an fhócasghrúpa tacaíocht láidir do mheasúnú atá iomasach agus foirmitheach. Bhain na rannpháirtithe úsáid as na téarmaí iomasach, foirmitheach, neamhfhoirmiúil agus measúnú chun foghlama go hinmhalartaithe, in ainneoin na brí sonraí a bhaineann leo i dtéarmaíocht mheasúnaithe. Is cosúil, áfach, go raibh an réimse téarmaí mar chuid de mheon leathan dearfach a bhaineann le rogha níos leithne a bheith ann sa dóigh a ndéantar measúnú. Ar ndóigh, léirigh roinnt ionchur gur bhog an cleachtas sa seomra ranga sa treo seo cheana féin, agus cuireadh fáilte roimh na moltaí sa dréachtchreat roimh rud a maíodh a bhí ag tarlú cheana féin. Cuireadh fáilte ar leith roimh an measúnú iomasach mar chleachtas, gur dhaingnigh sé scileanna gairmiúla an mhúinteora i bhfoghlaim na bpáistí a mheas agus gur thacaigh sé le pleanáil a dhéanamh do chéad chéimeanna eile na bpáistí.

Tháinig saincheist chun tosaigh sna grúpaí gur chóir machnamh a dhéanamh ar an méid faisnéise measúnaithe is gá a thaifeadadh. Chomh maith céanna leis an bhfáilte roimh níos mó measúnú neamhphleanáilte agus iomasach, léiríodh go raibh fonn ann do laghdú sa pháipéarachas agus creidiúint ann nach bhfuil gá le mórán faisnéis mheasúnaithe a thaifeadadh. Cuireadh fáilte roimh lárú an pháiste sa mheasúnú. Bhí dearcadh ann, áfach, go raibh contanam measúnaithe de dhíth, agus go raibh áit agus feidhm ann do thrialacha caighdeánaithe agus don mheasúnú neamhfhoirmiúil araon. Cé gur mothaíodh gur rud dearfach é féinmheasúnú páiste, bhí ceisteanna áirithe ann ar chumas an pháiste féinmheasúnú a dhéanamh mar gheall ar a n-aois, nó a leibhéal tuisceana agus cé acu an mbeadh sé níos fearr aiseolas a thabhairt do thuismitheoirí na bpáistí níos óige, in áit do na páistí iad féin. Dúirt na rannpháirtithe go mbeadh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, eiseamláiriú agus acmhainní de dhíth ar mhúinteoirí, mar a bhíonn le go leor saincheisteanna a bhaineann le hathrú curaclaim, chun dul i ngleic leis an bhfís don mheasúnú atá molta sa dréachtchreat. Rinneadh tagairt ar leith sa chomhthéacs seo, mar a bhíonn in go leor comhthéacsanna eile, ar na dúshláin a bhaineanna le suíomhanna ilghráid.

### 3.2.4 Príomhtheachtaireacht 4

Leagtar amach i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le naisc idir curaclaim agus aistrithe idir an baile, an réamhscoil agus an iar-bhunscoil ach fís a chur ar fáil le haghaidh fhoghlaim an pháiste i rith ocht mbliana na bunscoile a nascann leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí *Aistear* agus a nascann leis an bhfoghlaim sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.

#### Torthaí

Léirigh rannpháirtithe na bhfócasgrúpaí tuairimí an-dearfach maidir le h*Aistear* agus an ról atá aige leanúnachas a chothú in eispéiris foghlama páistí agus iad ag aistriú ó shuíomhanna luath-óige go dtí ranganna na naíonán sna bunscoileanna. Tá roinnt neamhchinnteachta sna sonraí ó na fócasghrúpaí i dtaca le cad é go díreach atá i gceist ag rannpháirtithe agus iad ag labhairt faoi *Aistear* agus cé acu an gciallaíonn sé rud éigin eile seachas oideolaíocht súgartha. Tá an chuma ar an scéal go n-úsáidtear na téarmaí go hidirmhalartach in amanna, ach go dtugann rannpháirtithe bríonna éagsúla leis na téarmaí freisin. B’ionann an cás maidir leis na sonraí ó na cruinnithe déthaobhacha.

Tugadh faoi deara agus moladh go hard na naisc idir príomhinniúlachtaí an dréachtchreata agus prionsabail *Aistear*. Measadh go raibh an dréachtchreat ag teacht go maith le h*Aistear*, le leanúnachas maith idir *Aistear*, *Síolta* agus oideachas luath-óige, agus an fhéidearthacht ann aistriú níos réidhe ó *Aistear* a éascú. Measadh go mbíonn páistí ar a gcompord mar gheall ar *Aistear* a bheith sna ranganna naíonán mar go mbíonn cur amach acu air óna suíomhanna luathbhlianta. Rinneadh an cás, áfach, go raibh gá ann le níos mó béime ar an súgradh, agus béim ar leith sa chuid shóisearach den bhunscolaíocht. Luadh imní faoin úsáid réimsí curaclaim do ranganna naíonán mar a leagtar amach sa dhréachtchreat. Tugadh le fios go gcuireann seo bac ar an aistriú idir na blianta réamhscoile agus luathbhlianta na bunscoile. Ina theannta sin, ba é an t-ábhar imní a bhí ann ná go n-imreodh é seo tionchar ar an mbealach ina mbíonn daoine ag dul i ngleic le agus ag pleanáil do theagasc agus foghlaim. Luadh ceisteanna maidir le haistriú páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu isteach sa bhunscoil, chomh maith le ceist na hullmhachta scoile. Ar an iomlán, bhí cuid mhór imní maidir le haistrithe rathúla ó réamhscoil go dtí bunscoil a thacú agus na bealaí inar féidir le leanúnachas curaclaim idir *Aistear* agus Curaclam nua na Bunscoile cur leis seo.

Nuair a rinne rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí machnamh ar an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, bhí dhá phríomhshraith ina gcuid tuairimí. Chuir sraith amháin de dhearcthaí béim ar an ngá atá ann le haghaidh ullmhúcháin d'aistriú páistí chuig timpeallacht éagsúla foghlama, fad a bhí an dearcadh eile cosantach faoin timpeallacht foghlama agus teagaisc sa bhunscoil. Tháinig tionchar an aistrithe seo ar pháistí agus an easpa leanúnachais faoi láthair chun cinn mar ábhair imní, go háirithe maidir le Matamaitic agus teangacha. Cé gur tháinig go leor moltaí chun cinn faoin dóigh ar féidir an t-aistriú seo a fheabhsú, dhírigh cuid mhaith den phlé ar cheisteanna lasmuigh de scóip an dréachtchreata, ceisteanna a bhain le cúrsaí oibríochtúla i scoileanna, easpa luacha ar eispéiris bhunscoile agus neamhleanúnachais oideolaíochta. Creideadh, áfach, gur chuir ailíniú curaclaim le haistrithe dearfacha agus tugadh faoi deara go bhféadfadh Nuatheangacha Iasachta cur le heispéireas na bpáistí.

Maidir leis an gceist níos ginearálta a bhaineann le haistrithe idir earnálacha, aontaíodh gur chóir próisis aistrithe a bheith foirmiúil agus caighdeánaithe, cé nár tugadh míniú ní ba mhionsonraithe ar cén ciall a bhainfeadh leis nó an chuma a bheadh air. Tugadh le fios gur bhealach maith iad na príomhinniúlachtaí chun foghlaim páistí a cheangal le hearnáil na luathóige agus leis an tsraith shóisearach araon. Tacaíodh leis na naisc bheartaithe idir an curaclam le haghaidh na sraithe bunscoile agus na sraithe sóisearaí, ach tháinig tuairim chun cinn gur ghá athchóiriú sa tsraith shinsearach a bheith ailínithe agus nasctha leis an tsraith shóisearach freisin. Rinneadh moladh maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le foghlaim chomhghairmiúil ag leibhéal luathóige, bunscoile agus iarbhunscoile.

Ar deireadh, luadh pointí aistrithe eile amhail idir Chéimeanna agus idir scoileanna, agus aitheantas ar an ngá atá ann don fhaisnéis atá riachtanach chun tacú le páistí a bheith ag múinteoirí agus scoileanna.

### 3.2.5 Príomhtheachtaireacht 5

Leagtar amach teachtaireachtaí tábhachtacha i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir leis na tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh fhoghlaim an pháiste, cuir i gcás, na príomhinniúlachtaí, agus cuirtear béim ar leith ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearcthaí an pháiste. Moltar freisin sa dréachtchreat go gcuirfí béim níos mó ar roinnt réimsí atá cheana féin, cuir i gcás, corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus an fhoghlaim dhigiteach, agus ar ghnéithe nua freisin amhail Nuatheangacha Iasachta, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, agus Oideachas Ealaíon ní ba leithne.

#### Torthaí

Chuir rannpháirtithe sna fócasghrúpaí fáilte roimh threo leathan de mholtaí an dréachtchreata maidir leis na hinniúlachtaí agus na réimsí nua, chomh maith le mionsonraí moltaí sonracha. Smaoinigh grúpaí ar roinnt tosaíochtaí, ach dhírigh tráchtanna den chuid is mó de na rannpháirtithe ar na príomhinnúlachtaí, tá seacht acu leagtha amach sa dréachtchreat. Dúradh sna tráchtanna ginearálta maidir leis na hinniúlachtaí gur léirigh siad an bealach a gcaitear an saol i sochaí an lae inniu, gur thug siad deis le haghaidh curaclaim níos páisteláraithe, gur chabhraigh siad le cothromaíocht sa churaclam a chur in iúl agus gur spreag siad cur chuige níos iomlánaíche i leith an teagaisc agus na foghlama. Glacadh go suntasach le agus bhí tráchtanna ar roinnt inniúlachtaí, is iad sin, 'A bheith i do shaoránach gníomhach', 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach',

'Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid', 'Folláine a chothú', agus 'Ag foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir'.

Cé go raibh éirim na dtráchtanna ó mhúinteoirí, ceannairí scoile agus tuismitheoirí gur príomhscileanna iad na hinniúlachtaí a bheidh riachtanach don todhchaí, léirigh tráchtanna cothromaíocht imní freisin idir foghlaim reatha na bpáistí mar pháistí, agus ról na n-inniúlachtaí ina gcuid foghlama ar feadh an tsaoil amach rompu. Maidir le foghlaim reatha na bpáistí, dúradh gur léirigh na hinniúlachtaí cleachtas reatha i roinnt seomraí ranga, ach cuireadh imní in iúl freisin, méid áirithe éiginnteachta i dtaca leis an gcaidreamh atá ann idir na hinniúlachtaí agus torthaí foghlama san áireamh, conas iad a mheasúnú, cé acu go n-eisiafar roinnt páistí le tagairt ar leith tugtha do 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach', agus conas go díreach a chuirfear iad i bhfeidhm gan a bheith ag cur leis an ró-ualach.

I ngeall ar na hábhair imní i dtaca le cur i bhfeidhm, léiríodh go suntasach ceist forbartha gairmiúla na múinteoirí i mbreathnóireachtaí a rinneadh sna fócasghrúpaí. Tarraingíodh anuas an cheist maidir le TFC agus foghlaim dhigiteach agus d'aon turas ar fad maidir leis an gcur i bhfeidhm beartaithe de Nuatheangacha Iasachta. Cé gur tugadh aitheantas do na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas agus an ilteangachas, braitheadh go mbeadh oiliúint shonrach de dhíth ar thromlach na múinteoirí maidir le teangacha nua a theagasc, mar gur dócha nach mbeadh an chuid is mó acu ábalta iad a theagasc.

Maidir le 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach', bhí faomhadh ginearálta i dtaca le scileanna digiteacha páistí a chur chun cinn cé gur tarraingíodh anuas an riosca gur féidir róbhéim a bheith ann maidir le foghlaim dhigiteach agus ábhair imní i dtaca le sábháilteacht ar líne. Ar fud freagairtí agus breathnuithe rannpháirtithe, bhí fianaise ar léirmhínithe éagsúla maidir le conas a mar bheadh nádúr de roinnt inniúlachtaí nó réimsí foghlama i ndáiríre. Mar shampla, cé go bhfacthas gur léirigh 'A bheith i do shaoránach gníomhach' i roinnt cásanna Éire ilghnéitheach nua-aimseartha, ar ócáidí eile tarraingíodh anuas ceisteanna ar cé acu an raibh an inniúlacht iomchuí mar fhreagracht na mbunscoileanna ar chor ar bith.

Ar deireadh, tarraingíodh anuas an cheist a bhíonn ann i gcónaí maidir le dóthain acmhainní a chur le hathrú, le maoiniú le haghaidh infreastruchtúr TFC ag teacht aníos go minic. Marcáladh freisin na himpleachtaí acmhainní maidir le tabhairt isteach NTI.

### 3.2.6 Príomhtheachtaireacht 6

Leagtar amach teachtaireachtaí tábhachtacha i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna, mar shampla neamhspleáchas na múinteoirí agus na bpríomhoidí, agus gairmiúlacht chun an curaclam a chur i bhfeidhm de réir a gcomhthéacs scoile aonair agus níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna ó thaobh pleanála agus socrú amchláir de. Ceapadh an dréachtchreat le freastal ar gach páiste, agus dearadh na moltaí maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht chun deiseanna níos fearr a chur ar fáil don pháiste maidir le solúbthacht agus rogha ina fhoghlaim.

#### Torthaí

Bhí faomhadh láidir maidir le moltaí a bhain le méadú ar neamhspleáchas agus solúbthacht do mhúinteoirí ina gcuid pleanála agus teagaisc ó rannpháirtithe i bhfócasghrúpaí. Cé gur cáilíodh an faomhadh sin i roinnt cásanna, luadh buntáistí na moltaí i raon tráchtanna agus freagairtí.

Chonacthas neamhspleáchas breise mar aitheantas ar thacar sainscileanna múinteoirí, mar mhuinín a thabhairt ar ais do(n) mhúinteoir, agus mar fhís an mhúinteora mar ghairmí gníomhaíoch. Cuireadh fáilte roimh chinnteoireacht an mhúinteora, go háirithe maidir le príomhthosaíochtaí foghlama a chinneadh, agus breithiúnais mheasúnaithe i dtaca le dul chun cinn páistí a dhéanamh. Nascadh neamhspleáchas agus solúbthacht mar ghníomhartha déghairmiúla, an dá rud ag tabhairt níos mó neamhspleáchais do mhúinteoirí ina gcuid cleachtais trí, mar shampla, tuilleadh saoirse a thabhairt ó bheith ag brath ar théacsleabhair, Féinmheastóireacht Scoile a fheabhsú, agus caidrimh idir múinteoirí agus an chigireacht a fheabhsú.

Mar is amhlaidh le moltaí eile le haghaidh athraithe, d'fhiafraigh daoine sna fócasghrúpaí cén chuma a bheadh ar rudaí mar neamhspleáchas agus solúbthacht i ngnáthshaol laethúil scoileanna agus i gcleachtas múinteoirí, i bhfianaise na gcineálacha éagsúla comhthéacsanna agus cultúr scoile, agus éilimh ón gcigireacht le haghaidh leanúnachais i gcuir chuige. Tháinig imní eile chun cinn maidir leis an méid neamhspleáchais, cé acu an bhféadfadh barraíocht neamhspleáchais a bheith ann, agus ar féidir a leithéid de neamhspleáchas a bheith mar bhagairt do churaclam leathan cothrom agus an bhfuil gá ann caighdeáin bhunúsacha a shainaithint chun iad a léirmhíniú ag leibhéal áitiúil.

Ba shaincheist í an tsolúbthacht sa phleanáil, i socruithe amchláir agus in am a thabhairt do réimsí curaclaim a tháinig aníos i roinnt freagairtí. Cuireadh fáilte ar an iomlán roimh an méadú solúbthachta a moladh mar aithint ar ghníomhú gairmiúil na múinteoirí agus ar an luach atá leis. I measc samplaí a tugadh d'úsáid dhearfach na solúbthachta ama bhí an cumas am a thabhairt d'imeachtaí áitiúla chun naisc a chothú idir an scoil agus an pobal, nó áit ina raibh am sa bhreis de dhíth chun dul i ngleic le tionscadal.
Tugadh aird do roghanna a leagadh amach sa dréachtchreat ar leithdháileadh ama do theangacha áit a raibh ceist ann a bhain le comhthéacs na scoile áitiúla, mar shampla, scoil ina bhfuil líon mór de pháistí agus Béarla mar Theanga Bhreise acu agus ina raibh teagasc an Bhéarla mar thosaíocht ag an scoil, nó Gaelscoil a chuirfeadh fáilte roimh rogha níos leithne maidir le ham sa bhreis a thabhairt don teanga a mhothaigh siad a bheadh mar thosaíocht.

Ar cheist na solúbthachta ama, tháinig dearcaidh éagsúla chun cinn. Ar thaobh amháin, cuireadh fáilte roimh shaoirse na múinteoirí dianobair a dhéanamh ar réimsí suime ar leith, ach os a choinne sin, léiríodh imní faoi na paraiméadair a bheadh ag scoileanna/múinteoirí an tsolúbthacht seo a úsáid, nó an chontúirt a bheadh ann go gcaithfeadh múinteoir níos mó ama ar réimsí nár chuir leis an bhfoghlaim an oiread sin ach a léirigh spéiseanna an mhúinteora féin. Léirigh roinnt ceannairí scoile imní faoi phleanáil ar fud na scoile agus dúirt siad go mbeadh dúshlán ann do cheannairí monatóireacht a dhéanamh ar theagasc múinteoirí aonaracha in áiteanna ina raibh comhordú de dhíth thar go leor grúpaí ranga chun clúdach seasmhach an churaclaim a chinntiú [i gcomhthéacs scoile móire]. Mothaigh siad freisin go raibh impleachtaí ann do cheannairí scoile agus iad ag bainistiú pleanála d'úsáid am solúbtha agus é a chlárú agus chun bealaí a chur ar bun ina bhféadfaidís freastal ar spontáineacht.

Sna fócasghrúpaí, bhí cuid den ionchur níos ginearálta, ach bainteach fós ar bhealach le saincheisteanna gníomhaithe agus solúbthachta. Mar shampla, léiríodh imní go mbeadh níos mó brú arís ar churaclam a bhfuil barraíocht ann faoi láthair, agus go bhféadfadh le srianta ar ghníomhú agus ar roghanna múinteoirí a bheith mar thoradh air seo. Bhí achainí ann go mbeadh

cead ag múinteoirí dul i dtaithí ar smaointe úra curaclaim thar am, agus nach mbeadh orthu iad ar fad a chur i bhfeidhm ag an am céanna.

Sna comhráite seo, ní raibh mórán airde ar choincheap an pháiste mar fhoghlaimeoir, ach d'ardaigh rannpháirtí amháin an cheist agus dúirt siad gur chóir don dréachtchreat freastal ar choincheap ghníomhú an pháiste, agus gur chóir go léireofaí é seo san inniúlacht 'Ag foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir.'

## 3.3 Ceistneoirí

I gCéim 1 den Chomhairliúchán, rinneadh ceistneoirí tuismitheora/caomhnóra agus oideora ag baint úsáid as ardán Microsoft Forms. I gCéim 1, bhí 158 freagairt ann ar cheistneoir na dtuismitheoirí/ nó gcaomhnóirí agus 208 freagairt ar cheistneoir na n-oideoirí. Tar éis aiseolas a fháil ar cheistneoirí Chéim 1, rinneadh iad a bheachtú do Chéim 2 chun freagairtí a shimpliú agus am comhlánaithe a laghdú, agus bogadh chuig ardán Survey Hero iad. Chun a chinntiú go raibh siad ag teacht le hathruithe don teimpléad aighneachta do Chéim 2, cuireadh ceist sa bhreis sa cheistneoirí ina bhféadfadh le rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhí acu i rith phaindéim Covid-19. Chuir na hathruithe seo le méadú suntasach sna freagairtí i gCéim 2; d'fhreagair 2618 tuismitheoir/caomhnóir ceist amháin nó níos mó, agus chomhlánaigh 927 an ceistneoir ar fad; d'fhreagair 957 oideoir ceist amháin nó níos mó agus chomhlánaigh 316 an ceistneoir ar fad. Tá na ceistneoirí comhlánaithe léirithe i dtorthaí na rannóige seo. Maidir le freagairtí téacs ina bhféadfadh le freagróirí eolas sa bhreis a chur isteach, tá líon na bhfreagraí níos lú mar go raibh na ceisteanna seo roghnach. Tá na bunfhreagairtí focal ar fhocal ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil a ghabhann leis seo.

Sna rannóga seo a leanas, baintear úsáid as réimse de ghraif/ chairteacha chun freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí a léiriú. Tá aitheantóir ar leith ag gach graf/cairt atá léirithe. Rinneadh cineálacha éagsúla graf a chruthú de réir na n-ardán éagsúil a bhí in úsáid do Chéim 1 agus do Chéim 2. I gcásanna áirithe, chun soiléireacht a mhéadú, baineadh úsáid as na bunsonraí chun graif úra a chruthú. Nuair ba chuí, cuireadh sonraí ó fhreagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí agus ó hoideoirí le chéile chun forbhreathnú a thabhairt ar fhreagairtí ó gach grúpa thar Chéim 1 agus Céim 2. Tá an tuarascáil iomlán do gach ceistneoir ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil a ghabhann leis seo.

### 3.3.1 Fís agus prionsabail

Cuireadh ceist ar rannpháirtithe cé mhéad a d'aontaigh iad/ a d'easaontaigh siad le ráitis ar an bhfís agus ar na prionsabail i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*.

Bhí freagairtí na n-oideoirí i gCéim 1 dearfach den chuid is mó. Mar shampla, dúirt tromlach na n-oideoirí i gCéim 1 gur 'aontaigh/aontaigh siad go mór' go bhfuil an fhís a leagadh amach iomchuí (72%) agus go dtacóidh na prionsabail le scoileanna chun plean scoile uile a fhorbairt (62%).


I gCéim 2, thug tuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí a mbarúlacha ar gach fís agus prionsabal a cuireadh i láthair. Léiríonn an chairt thíos (Fíor 1) gur 'aontaigh/aontaigh go mór' thar 60% d'oideoirí go luíonn an fhís le feidhm na bunscolaíochta. Nuair a cuireadh ceist orthu ar léirigh na prionsabail na gnéithe a gcuirtear luach orthu sa bhunscolaíocht, dúirt thar 60% gur 'aontaigh/aontaigh siad go mór' gur léirigh, cé go ndúirt 12% 'nár aontaigh/nár aontaigh siad go mór' gur léirigh. Roghnaigh sciar suntasach de na rannpháirtithe (26% agus 25% faoi seach) 'nílim cinnte' agus iad ag tabhairt freagairtí ar na ráitis seo.

Fíor 1: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 6

Phase 2, Educator Questionnaire, Question 6:

**To what extent do you agree/disagree with the following statements: In the Draft Primary Curriculum Framework:**

Number of responses: 316





Bhí freagairtí ó thuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 2 (Fíor 2 thíos) dearfach chomh maith; bhí beagnach 70% a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go gcuimsítear cuspóir an oideachais i bhfís *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* agus 72% a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go gcuireann na prionsabail in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile a gcuirimid luach orthu. Arís, roghnaigh líon suntasach na bhfreagróirí 'nílim cinnte' ag freagairt do na ráitis sin.

Fíor 2: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 3

Phase 2, Parent Questionnaire, Question 3:

**To what extent do you agree/disagree with the following statements: In the Draft Primary Curriculum Framework:**

Number of responses: 927





### 3.3.2 Neamhspleáchas, solúbthacht, agus ionchuimsiú

Tugadh cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí freagairt a thabhairt ar ráitis ar na príomhinniúlachtaí a bhain le neamhspleáchas, solúbthacht agus ionchuimisú mar a chuirtear i láthair iad i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Bunaithe ar fhreagraí do na ceistneoirí i gCéim 1 agus Céim 2, is léir go gcreideann móramh na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí a ndearnadh suirbhé orthu go dtacaíonn an dréachtchreat le hionchuimsiú gach aon pháiste. Bhí breis agus 85% de na tuismitheoirí/caomhnóirí a ndearnadh suirbhé orthu thar Chéim 1 agus Céim 2 a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go ndéanann an dréachtchreat cinnte de go gcuirtear gach aon pháiste san áireamh sna réimsí foghlama go léir. Ní raibh oideoirí thar Chéim 1 agus Céim 2 chomh dearfach; 51% acu a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go dtacaíonn an dréachtchreat le hionchuimsiú gach aon pháiste i ngach comhthéacs scoile, bhí 27% a d'fhreagair 'nílim cinnte' agus 22% a 'd'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir'.

D'aontaigh idir thuismitheoirí/chaomhnóirí agus oideoirí go gcuireann an dréachtchreat neamhspleáchas an pháiste agus an mhúinteora chun cinn. Ag déanamh comparáid idir na freagraí ó thuismitheoirí/caomhnóirí maidir le neamhspleáchas do pháistí agus na freagraí ó mhúinteoirí agus príomhoidí, ní raibh na freagróirí chomh cinnte go dtugann an dréachtchreat deis do pháistí ionchur a bheith acu ina bhfoghlaim féin i gcomparáid le solúbthacht agus breithiúnas gairmiúil an mhúinteora a aithint. Mar shampla, i bhFíor 3 thíos, a chomhcheanglaíonn freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí ó Chéim 1 agus Céim 2, léirítear go raibh 81% de


thuismitheoirí/caomhnóirí a ndearnadh suirbhé orthu a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go dtugann an dréachtchreat solúbthacht níos mó do mhúinteoirí bunscoile d'fhonn freastal ar riachtanais na bpáistí. Tá sé sin i gcomparáid le 67% de thuismitheoirí/caomhnóirí a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go gcuireann an dréachtchreat ar chumas do na páistí ionchur a bheith acu sna bealaí ina mbíonn siad ag foghlaim; d'fhreagair 21% 'nílim cinnte' agus bhí 12% ann a 'd'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir'.

**Fíor 3: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí tuismitheora do Chéim 1, ceist 3 agus Céim 2, ceist 4**




Dúirt go leor oideoirí an rud céanna: Mar shampla, mar is léir i bhFíor 4 thíos, bhí 68% d'oideoirí i gCéim 1 a ndearnadh suirbhé orthu a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go dtabharfaidh am solúbtha tacaíocht dóibh i bpleanáil a oirfidh dá gcomhthéacs. Tá sé sin i gcomparáid le 52% a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go gcuirfidh an dréachtchreat ar chumas na bpáistí ionchur a bheith acu sna bealaí ina mbíonn siad ag foghlaim; d'fhreagair 34% 'nílim cinnte' agus bhí 14% ann a 'd'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir'.


Fíor 4: Céim 1, ceistneoir oideora, ceist 16




### 3.3.3 Aistrithe, dul chun cinn agus leanúnachas


Cuireadh ceist ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí faoin méid a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad le ráitis a bhain le haistrithe, dul chun cinn agus leanúnachas. Tá freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí do Chéim 1 agus do Chéim 2 comhcheangailte sa chairt thíos (Fíor 5) agus léiríonn siad gur aontaigh/aontaigh go láidir móramh na dtuismitheoirí/caomhnóirí a ndearnadh suirbhé orthu go dtugtar go leor aitheantais i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* d'aistrithe, do leanúnachas agus do dhul chun cinn idir an baile, an réamhscoil, an bhunscoil agus an iar-bhunscoil. Mar shampla, bhí 80% ann a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' go gceanglaíonn an dréachtchreat foghlaim na bpáistí sa réamhscolaíocht (trí *Aistear*) leis an bhfoghlaim sa bhunscoil

**Fíor 5: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí tuismitheora do Chéim 1, ceist 4 agus Céim 2, ceist 5**




Ag teacht le freagairtí na dtuismitheoirí/caomhnóirí 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' formhór na n-oideoirí (65%) go gceanglaíonn an dréachtchreat foghlaim na bpáistí sa réamhscolaíocht (trí *Aistear*) leis an bhfoghlaim sa bhunscoil (Fíor 6). Is díol suntais é, áfach, nach raibh na hoideoirí chomh cinnte maidir leis na naisc a dhéanann na moltaí idir eispéiris bhunscoile agus iarbhunscoile, le 'nílim cinnte' ar an rogha ba choitianta a roghnaíodh (37%).


**Fíor 6: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 8**




### 3.3.4 Príomhinniúlachtaí


Tugadh cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí freagairt a thabhairt ar ráitis ar na príomhinniúlachtaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Léiríonn na cairteacha i bhFíor 7 go raibh dearcadh dearfach ag tromlach na n-oideoirí i leith na bpríomhinniúlachtaí thar Chéim 1 agus Céim 2; bhí 71% ann a ‘d’aontaigh/d’aontaigh go láidir’ gur léirigh na príomhinniúlachtaí scileanna, faisnéis, meonta, luachanna agus dearcthaí atá tábhachtach maidir le foghlaim na bpáistí; bhí 72% ann a ‘d’aontaigh/ d’aontaigh go láidir’ gur chóir do na príomhinniúlachtaí a bheith neadaithe i dTorthaí Foghlama thar gach ábhar agus réimse curaclaim.

**Fíor 7: Freagairtí comhcheangailte do cheistneoirí na n-oideoirí do Chéim 1, ceist 20 agus Céim 2, ceist 9**




Tugadh cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí, i gCéim 2, gach ceann de na príomhinniúlachtaí a mheas i ndiaidh a chéile agus rianaíodh a bhfreagairtí i bhFíor 8 thíos. In ainneoin na héagsúlacht sna rátaí freagartha idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí, go comhréireach tá cosúlacht ann sa chéatadán, agus bhí na freagairtí dearfach den chuid is mó do gach príomhinniúlacht. Tá sé spéisiúil gur ba mhó a roghnaíodh 'aontaím' agus 'aontaím go láidir' do 'Chumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid' sa dá cheistneoir, cé gur roghnaigh an líon ba mhó de rannpháirtithe 'ní aontaím' agus 'ní aontaím go láidir' do 'Bheith i m'fhoghlaimeoir digiteach'; roghnaithe ag 9% de thuismitheoirí agus 13% d'oideoirí.

Fíor 8: Céim 2, freagairtí ceistneorado thuismitheoirí ceist 6 agus d'oideoirí ceist 10





### 3.3.5 Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste

Thug rannpháirtithe a mbarúlacha ar ghnéithe úra d'fhoghlaim a bhí i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*, mar shampla, Teicneolaíocht, Nuatheangacha Iasachta (Rang 3-6), Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic agus Oideachas Ealaíon (na hamharcealaíona, ceol, drámaíocht, damhsa, scannáin agus na meáin dhigiteacha).

Measadh gur réimse foghlama thábhachtach í an Teicneolaíocht sa bhunscolaíocht. Léiríonn an chairt thíos (Fíor 9) freagairtí ó thuismitheoirí/caomhnóirí ó Chéim 1 agus Céim 2 taobh le freagairtí ó hoideoirí ó Chéim 1 (ní raibh ceist chomhionann ann i gCéim 2). Cé go raibh tromlach na bhfreagairtí ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí araon dearfach, ní raibh na hoideoirí chomh dearfach céanna agus 21% acu a roghnaigh 'nílim cinnte' agus 14% a roghnaigh 'níor chóir' nuair a cuireadh ceist orthu ar chóir don Teicneolaíocht a bheith mar chuid de na réimsí agus ábhair churaclaim i gcuraclam athfhorbartha na bunscolaíochta.

**Fíor 9: Freagairtí ar cheistneoirí na dtuismitheoirí, Céim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7 (comhcheangailte) agus ceistneoir na n-oideoirí, Céim 1 ceist 25**


Responses to Parent Questionnaires, Phase 1 Question 7 and Phase 2 Question7 (combined) and Educator Questionnaire, Phase 1 Question 25:





Agus comparáid á déanamh idir freagairtí do cheisteanna faoi nuatheangacha iasachta a fhoghlaim (Rang 3-6) thar Chéim 1 agus Céim 2 (Fíor 10), feicimid gur 'aontaigh' tromlach na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí (81%) gur gné foghlama thábhachtach í seo sa bhunscolaíocht, cé gur roghnaigh 42% d'oideoirí 'nílim cinnte' nuair a cuireadh ceist orthu ar chóir do pháistí nuatheanga iasachta a fhoghlaim (Rang 3-6). 'D'aontaigh' 40% d'oideoirí agus 'níor aontaigh' 18%. Nuair a cuireadh ceist ar oideoirí i gCéim 1 ar chóir do nuatheangacha iasachta a bheith sa réimse curaclaim Teanga, 'd'aontaigh' 88% leis an moladh seo.

**Fíor 10: Freagairtí ar cheistneoirí tuismitheora, Céim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7 (comhcheangailte) agus ceistneoirí oideora, Céim 1, ceist 22 agus Céim 2, ceist 12 (comhcheangailte)**

Responses to Parent Questionnaires, Phase 1 Question 7 and Phase 2 Question7 (combined), and Educator Questionnaires, Phase 1 Question 22 and Phase 2 Question 12 (combined):





Roghnaigh beagán thar 40% d'oideoirí i gCéim 2 'ní aontaím' don ráiteas gur cheart go dtitfeadh an fhoghlaim faoi Reiligiúin agus Creideamh faoi réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil. 'D'aontaigh' 48% leis an moladh agus roghnaigh 11% 'nílim cinnte'. Maidir le hEitic a bheith mar chuid de réimse curaclaim na Folláine, 'd'aontaigh' tromlach na n-oideoirí (64%) i gCéim 2, 'd'easaontaigh' 22% agus roghnaigh 13% 'nílim cinnte'. Cé gur mheas tromlach na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí thar Chéim 1 agus Céim 2 gur réimse tábhachtach den fhoghlaim é Oideachas faoi Reiligiúin agus Creidimh agus Eitic, léiríonn an chairt thíos (Fíor 11) nár chreid 37% gur réimse tábhachtach foghlama é seo agus bhí 11% ann a roghnaigh 'nílim cinnte'.

**Fíor 11: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoir tuismitheora do Chéim 1, ceist 7 agus Céim 2, ceist 7**

Combined Responses to Parent Questionnaires for Phase 1, Question 7 and Phase 2, Question 7:


**How important is it that your child(ren) experiences Education about Religions and Beliefs (ERB) and Ethics?**

Number of parent responses: 1085




Cuireadh ceist ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus ar oideoirí i gCéim 2 faoina mbarúlacha ar Oideachas Ealaíon mar a moladh sa dréachtchreat agus eispéiris fhairsinge sna hEalaíona ann lena n-áirítear na hAmharcealaíona, ceol, drámaíocht, scannáin agus na meáin dhigiteacha. Baineadh úsáid as a gcuid freagairtí chun na cairteacha thíos a chruthú (Fíor 12). Cheap breis agus 90% de thuismitheoirí/caomhnóirí gur eispéireas foghlama tábhachtach a bhí ann dá gcuid páistí. Cé gur 'aontaigh' tromlach na n-oideoirí (64%) gur chóir go mbeadh réimse leathan d'fhoghlaim ann in Oideachas Ealaíon sa churaclam athfhorbartha, bhí 25% ann a dúirt 'nílim cinnte' agus 'níor aontaigh' 11% eile.

**Fíor 12: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 7 agus Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 12**





### 3.3.6 Réimsí curaclaim

Tugadh réimse de cheisteanna do rannpháirtithe faoin gcúig réimse curaclaim mholta i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Léirigh freagairtí na n-oideoirí i gCéim 1 go raibh formhór na n-oideoirí i bhfách le cur chuige comhtháite i gCéim 1 agus 2 agus bogadh go hábhair atá níos sainithe i gCéimeanna 3 agus 4. Mar shampla, roghnaigh 63% 'aontaím/aontaím go láidir' don ráiteas go gcuireann úsáid na réimsí curaclaim mar phríomhstruchtúr an churaclaim ó Chéim 1 go 4 le comhtháthú níos éasca sa teagasc agus foghlaim agus roghnaigh 65% 'aontaím/aontaím go láidir' go mbeadh úsáid de réir a chéile d'fhoghlaim ábharbhunaithe ó Chéim 3 ar aghaidh, agus roimhe sin fiú, níos iomchuí.


Baineadh úsáid as freagairtí na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí i gCéim 1 chun píchairt a dhéanamh (Fíor 13), a léiríonn go raibh tromlach suntasach de thráchtanna na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí dearfach i leith na gcúig réimse curaclaim a moladh. Tá na freagairtí téacs focal ar fhocal ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil.

**Fíor 13: Céim 1, ceistneoir tuismitheora, ceist 9**




I gCéim 2, thug tuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí a mbarúlacha ar gach réimse curaclaim molta. Léiríonn an graf thíos i bhFíor 14 gur aontaigh tromlach na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus na n-oideoirí a bhí rannpháirteach i gCéim 2 nó gur aontaigh siad go láidir le gach ceann de na cúig réimse curaclaim mholta a bheith ann i gcuraclam athfhorbartha. Bhí na freagairtí tuismitheora/caomhnóra is dearfaí ann maidir le réimse curaclaim an Oideachais Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta, áit ar roghnaigh 95% de thuismitheoirí/caomhnóirí 'aontaím/aontaím go láidir' don réimse molta seo. D'aontaigh an líon ba mhó d'oideoirí le réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil, agus roghnaigh an chuid ba mhó d'oideoirí 'ní aontaím' nó 'ní aontaím go láidir' (18%) do réimse curaclaim na dTeangacha..


Fíor 14: Céim 2, freagairtí ar cheistneoirí do cheist tuismitheora 9 agus ceist oideora 11




### 3.3.7 Leithdháileadh ama

Iarradh ar oideoirí i gCéim 1 agus 2 na roghanna ab fhearr leo maidir le hathruithe molta don leithdháileadh ama. Sa dá thuarascáil ar cheistneoirí oideora, ba ar 'Rogha 1' a raibh an tóir ba mhó, agus 'Gan aon cheann ar bith' an chéad rogha eile mar atá le feiceáil i bhFíor 15.


**Fíor 15: Freagairtí comhcheangailte do cheistneoirí na n-oideoirí do Chéim 1, ceist 32 agus Céim 2, ceist 14**




Cuireadh ceist ar oideoirí i gCéim 1 cé mhéad a d'aontaigh/ a d'easaontaigh siad leis an ráiteas go raibh an leithdháileadh d'am solúbtha molta do gach céim iomchuí. Léiríonn na freagairtí a tugadh go n-aontaíonn, nó go n-aontaíonn tromlach na n-oideoirí go láidir go bhfuil an leithdháileadh d'am solúbtha do gach céim iomchuí. Mar shampla, roghnaigh 64% 'aontaím' nó 'aontaím go láidir' don ráiteas go bhfuil an leithdháileadh molta de chúig uair an chloig d'am solúbtha gach mí do Chéim 1 iomchuí, roghnaigh 18% 'easaontaím' nó 'easaontaím go láidir' agus roghnaigh 18% 'nílim cinnte'.

Cuireadh ceist ar oideoirí a bhí ag freagairt ceistneoirí Chéim 2, i mbosca téacs oscailte, ábhar a shainaithint ar chóir níos lú ama a bheith aige ná an leithdháileadh ama a beartaíodh i nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile. Bhí 218 freagairtí tráchta, an chuid is mó acu le focal nó abairt amháin; nuair a nochtadh níos mó ná réimse amháin i bhfreagairt, cuireadh iad uile san áireamh. Tugann an cairt thíos (Fíor 16), a léiríonn na sé théama ba mhinice a luadh, forléargas/roghbhlúire na bhfreagairtí. Sainaithníodh reiligiún i 40% de na freagairtí. Ina dhiaidh sin bhí Dráma (12%) agus Clár an Phátrúin (10%). Tá na freagairtí téacs focal ar fhocal ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil.

Fíor 16: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 15




### 3.3.8 Measúnú, teagasc agus foghlaim

Cuireadh ceist ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí faoin méid a d'aontaigh siad nó a d'easaontaigh siad le moltaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* a bhain le measúnú, teagasc agus foghlaim.
Ag déanamh comparáid idir na freagairtí, is léir go bhfeiceann tuismitheoirí agus oideoirí araon an tábhacht a bhaineann le cuir chuige oideolaíochta éagsúla a úsáid, mar shampla oideolaíocht ionchuimsitheach agus fianaise-bhunaithe, foghlaim atá fréamhaithe i dtaithí an pháiste, deiseanna don chruthaitheacht agus comhoibriú, agus spraoi agus foghlaim ar bhonn fiosraithe.


Comhcheanglaíodh freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí thar Chéim 1 agus Céim 2 chun an chairt i bhFíor 17 a chruthú.

**Fíor 17: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí tuismitheora do Chéim 1, ceist 11 agus Céim 2, ceist 11**

Combined Responses to Parent Questionnaires for Phase 1, Question 11 and Phase 2, Question 11


**To what extent do you agree/disagree that the proposals in the Draft Primary Curriculum Framework:**

Number of Phase 1 responses: 158
Number of Phase 2 responses: 927




Úsáideadh freagairtí oideoirí thar Chéim 1 agus Céim 2 chun an chairt i bhFíor 18 a chruthú.

**Fíor 18: Freagraí comhcheangailte ar cheistneoirí oideoirí do Chéim 1, ceist 16 agus Céim 2, ceist 36**




Tugann na freagairtí chun solais freisin gur mór ag tuismitheoirí agus oideoirí araon an caidreamh idir an baile agus an scoil. Mar shampla, léirigh 87% de thuismitheoirí/caomhnóirí thar Chéimeanna 1 agus 2 gur 'aontaigh/aontaigh siad go láidir' go dtarraingíonn an dréachtchreat aird ar thábhacht tuismitheoirí agus scoileanna ag obair i gcomhar a chéile chun tacú le foghlaim páistí (Fíor 17). Dúirt oideoirí an rud céanna, le níos lú na 3% de rannpháirtithe a 'easaontaíonn/easaontaíonn go láidir' go dtugtar go leor aitheantais sna moltaí don tábhacht atá le caidrimh idir scoil, páistí, teaghlaigh agus an pobal (Fíor 18).

Maidir le measúnú, bhí tromlach (87%) na n-oideoirí a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' gur cheart go mbeadh ról lárnach ag an measúnú sa teagasc agus san fhoghlaim, agus 83% a 'd'aontaigh/d'aontaigh go láidir' gur cheart go mbeadh ról lárnach ag an measúnú sa phleanáil le haghaidh na gcéad chéimeanna eile i bhfoghlaim páistí.


### 3.3.9 Tógáil ar láidreachtaí Churaclam na Bunscoile reatha.

Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí machnamh a dhéanamh ar churaclam 1999. Bhí na freagairtí i bhfoirm tráchtanna. Ag baint úsáid as céimeanna tosaigh de chur chuige Braun agus Clarke (2006) maidir le hanailís théamach, rinneadh na tráchtanna a anailísiú, gineadh cóid thosaigh, sainaithníodh agus athbhreithníodh téamaí. Úsáideadh na téamaí ansin chun néalta focal a chruthú d'fhonn forléargas/roghbhlúire na bhfreagairtí a thabhairt. Is féidir teacht ar na

freagairtí téacs focal ar fhocal ar a bhfuil na néalta focal bunaithe sna tuarascálacha ceistneora iomláin, atá ar fáil sa Thuarascáil Theicniúil.

Fiafraíodh d'oideoirí i gCéim 1 ar chóir d'aon ghnéithe den churaclam reatha a léiriú níos mó i gcuraclam athfhorbartha. Thug 44% d'oideoirí freagairt don cheist seo agus cruthaíodh an néal focal i bhFíor 19 chun forbhreathnú ar a gcuid freagairtí a chur i láthair.

**Fíor 19: Céim 1, ceistneoir oideora, ceist 38**




Ba é an téama ba choitianta a aithníodh ná an gá atá ann aird a dhíriú ar threoir agus inseirbhís struchtúrtha chun tacú le hoideoirí curaclam athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Luadh é seo i 13 fhreagairt. Mar shampla, rinne oideoir amháin, a chuir fáilte roimh neamhspleáchas agus solúbthacht breise a thugtar do mhúinteoirí, an gá atá ann le 'treoir struchtúrtha a sholáthar chun cinntiú go bhfaighidh páistí an t-eispéireas is fearr is féidir' a shainaithint. Moladh Treoirlínte an Mhúinteora 1999 agus sainaithníodh go raibh 'an acmhainn iarbhír leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm i seomraí ranga' ag an 'sraith straitéisí le haghaidh an churaclaim athfhorbartha'.

Bhí líon mór de fhreagairtí (11%) a tharraing aird ar an imní nach dtéann *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* i ngleic le ró-ualach curaclaim, le freagairt amháin ag léiriú imní, agus réimsí foghlama nua á dtabhairt isteach, gur féidir go mbeadh 'méadú féideartha maidir le ró-ualach sa churaclam nua'.


Sainaithníodh na téamaí seo a leanas i 6 fhreagairt: Modheolaíochtaí, foghlaim pháisteláraithe, corpoideachas, teanga agus litearthacht, agus struchtúr. Moladh an cur chuige páisteláraithe

bíseach i gcuraclam 1999, mar an gcéanna le struchtúr, le haird tarraingthe ar na 'sraitheanna agus aonaid sraithe' go háirithe. Tarraingíodh aird ar chorpoideachas agus litearthacht mar láidreachtaí churaclam 1999, le héilimh go ndíreofaí níos mó orthu i gcuraclam athbhreithnithe. Mar shampla, scríobh rannpháirtí amháin gur chóir go 'leathnófaí Corpoideachas le go leor ama a chur san áireamh le haghaidh trí dhlúthcheacht in aghaidh na seachtaine ina múinfear litearthacht fhisiciúil'.

Léiríodh roinnt imní maidir le ham don Oideachas Ealaíon, agus go háirithe don Drámaíocht, le hoideoir amháin ag rá nach léir 'áit na Drámaíochta mar ábhar agus an leibhéal tábhachta a bhaineann leis'. Luadh roinnt gnéithe i bhfreagairt amháin, gnéithe amhail teicneolaíocht, OSPS, Measúnú agus Eolaíocht.

Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 2 gnéithe dearfacha a shainaithint maidir le foghlaim a bpáistí ar cheart iad a choimeád. Cruthaíodh an néal focal thíos i bhFíor 20 chun roghbhlúire ar a gcuid freagairtí a chur i láthair. Tá an fhreagairt téacs focal ar fhocal ar a bhfuil sí bunaithe le feiceáil sa Tuarascáil Theicniúil.

Fíor 20: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 12





Ba é an téama is coitianta a luadh, sainaithnithe i 17% de na freagairtí, ná 'Cuir chuige Spraíúla' i leith na foghlama le haird ar leith tarraingthe ar *Aistear* agus daoine ag rá gur féidir le cuir chuige spraíúla a fheabhsú i seomraí ranga níos sine. Sainaithníodh cuir chuige 'páisteláraithe' i 11% de na freagairtí. Mar shampla, rinne roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí tagairt do thógáil ar spéiseanna atá ann cheana agus ar réamheolas, ag freastal ar riachtanais aonair agus ag glacadh cur chuige bunaithe ar láidreachtaí.

Ba é 'Díriú ar chroí-ábhair' nó litearthacht agus uimhearthacht ar an tríú téama is mó a sainaithníodh go coitianta, sainaithnithe i 10% de na freagairtí; ina dhiaidh sin sainaithníodh 'foghlaim shóisialta agus mhothúchánach' agus 'timpeallacht dhearfach foghlama' a i 9% de na freagairtí.


I gCéim 2, fiafraíodh d'oideoirí ar aontaigh/easaontaigh siad le ráitis faoi conas a thógann an dréachtchreat ar láidreachtaí an churaclaim reatha (Fíor 21). 'D'aontaigh/d'aontaigh go láidir' móramh (65%) go gcuireann an dréachtchreat chun cinn an sult a bhaineann páistí as an bhfoghlaim. Nuair a cuireadh an ceist an gcabhróidh úsáid na dTorthaí Foghlama le cur chun cinn an chomhtháthaithe, ba é 'nílim cinnte' an fhreagairt ba choitianta (32%). 'D'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir' beagán faoi bhun 20% de fhreagróirí go gcabhróidh príomhinniúlachtaí le cur chun cinn an chomhtháthaithe.

**Fíor 21: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 17**




Iarradh ar oideoirí i gCéim 2 smaoineamh ar conas a chabhróidh an dréachtchreat ró-ualach curaclaim a laghdú (Fíor 22). Roghnaigh beagnach 40% d'oideoirí 'nílim cinnte' nuair a iarradh orthu smaoineamh ar cibé acu an rachaidh nó nach rachaidh úsáid réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 i ngleic le ró-ualach. Bhraith tromlach dá laghdófaí líon na ndoiciméad agus dá gcuirfí am solúbtha san áireamh go gcabhródh sé sin le ró-ualach curaclaim a laghdú. Maidir le húsáid torthaí foghlama, bhí beagnach 25% ann a dúirt 'nílim cinnte' agus bhí 13% ann a 'd'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir' go gcabhródh sé sin leis an ró-ualach curaclaim a laghdú.

Fíor 22: Céim 2, ceistneoir oideora, ceist 18





## 3.3.10 Gnéithe eile ar gá machnamh a dhéanamh orthu.

Bhí deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus oideoirí araon aon réimse a shíleann siad gur chóir athbhreithniú a dhéanamh air agus/nó gur chóir é a bhaint ón gcuraclam a shainaithint. Bhí na freagairtí seo i bhfoirm tráchtanna. Ag baint úsáid as céimeanna tosaigh de chur chuige Braun agus Clarke (2006) maidir le hanailís théamach, rinneadh na tráchtanna a anailísiú, gineadh cóid tosaigh, sainaithníodh agus athbhreithníodh téamaí. Cuirtear i láthair na téamaí is coitianta ó gach ceist sa rannóg seo a leanas i bhformáid ghraif chun forléargas/roghbhlúire freagairtí a thabhairt; tá na freagairtí téacs focal ar fhocal ar a bhfuil siad bunaithe ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil.

Iarradh ar thuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 1 aon rud eile a shainaithint a shíleann siad gur chóir breathnú orthu mar pháirt de *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Tá na sé théama is mó sainaitheanta le fáil sa ghraf thíos i bhFíor 23.

Fíor 23: Céim 1, ceistneoir tuismitheora, ceist 13




Léirigh 13% de fhreagairtí tuismitheora/caomhnóra i gCéim 1 gur cheap siad go raibh ‘Cuir chuige ionchuimsitheacha’ tábhachtach i gcuraclam athbhreithnithe. Mar shampla, scríobh roinnt acu faoi thacaíochtaí a raibh gá leo chun a chinntiú go raibh ionchuimsitheacht ann do pháistí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil sainriachtanais oideachais orthu. Tharraing roinnt acu eile aird ar ionchuimsitheacht do thuismitheoirí agus páistí gan chreideamh/ le creidimh nó eitneachtaí éagsúla mar réimse ar chóir dul i ngleic leis. Scríobh rannpháirtí amháin gur chóir go mbeadh béim sa churaclam athbhreithnithe ar mhná agus ar chearta LADTA.


Ba é ‘Oideachas Reiligiúnach’ an dara téama ba choitianta. D’iarr roinnt rannpháirtithe go ndéanfaí Oideachas Reiligiúnach a laghdú nó a bhaint go hiomlán. Mar shampla, scríobh tuismitheoir amháin dá laghdófaí an leithdháileadh ama d’Oideachas Reiligiúnach agus ‘dá ndéanfaí an t-am seo a úsáid i leith réimsí curaclaim eile, bheadh tairbhe leis seo’. Cheap daoine eile go raibh tábhacht leis an Oideachas Reiligiúnach, mar shampla, scríobh freagróir amháin go bhféadfadh sé ‘iad a ullmhú níos fearr don saol agus don mheánscolaíocht’ agus scríobh duine eile ‘gur chóir go mbeadh páistí ag foghlaim faoi gach reiligiún in Oideachas Reiligiúnach’.

Ba é 'OSPS agus Folláine' an tríú réimse ba choitianta, i 9% de na freagairtí. D'iarr rannpháirtithe béim ar fholláine shóisialta, ionbhá agus teacht aniar a thógáil, agus cairdeas agus bulaíocht a fhiosrú.

Roghnaigh 7% de thuismitheoirí/caomhnóirí 'níl' mar fhreagairt. Aithníodh na téamaí 'Cur chuige páistelárnach' agus 'Níos mó corpoideachais agus gluaiseachta' araon i 6% de fhreagairtí.

Cuireadh ceist ar thuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 2 aon chuid den churaclam reatha nó beartaithe a d'fhéadfaí/ba cheart a bhaint. Tá an 6 théama is mó a aithníodh san áireamh sa ghraf thíos (Fíor 24).

Fíor 24: Céim 2, ceistneoir tuismitheora, ceist 13




Ba é an Reiligiún an téama ba choitianta, agus é aitheanta i 31% de na freagairtí. Dúirt go leor tuismitheoirí/caomhnóirí gur chóir go mbeadh níos lú béime ar Reiligiún agus chreid cuid eile gur chóir Reiligiún a bhaint amach agus a bheith ann taobh amuigh d'uaireanta scoile. Dúradh i 4% eile de na freagairtí gur chóir do pháistí a bheith ag foghlaim faoi chreidimh reiligiúnacha agus faoi


reiligiúin an domhain. Scríobh rannpháirtí amháin 'gur cheart an creat reiligiúnach a uasdátú chun cleachtais nua-aimseartha oideachasúla agus Éire na linne seo a léiriú agus gur chóir go mbeadh gach creideamh san áireamh'.

Ba é Clár an Phátrúin an dara téama ba choitianta, agus é aitheanta i 14% de na freagairtí. Rinne roinnt rannpháirtithe argóint gur chóir an t-am atá leithdháilte do Chlár an Phátrúin a laghdú agus dúirt roinnt eile gur chóir an t-am a chaitear ar 'cruthú creidimh' a bheith taobh amuigh den scoil. Dhírigh tuismitheoir amháin aird ar an easpa rogha maidir le pátrúnacht scoile i roinnt ceantar faoin tuaithe.

Roghnaigh 11% de na freagróirí 'níl' nó léirigh siad nach raibh siad cinnte. Bhain 10% de thráchtanna leis an nGaeilge agus léirigh go leor gurbh fhearr leo go mbeadh níos lú béime ar an Ghaeilge, agus chreid roinnt acu nár chóir don Ghaeilge a bheith éigeantach. Aithníodh 'obair bhaile' i 6% de fhreagairtí mar rud is cóir a laghdú nó baint agus bhain 5% de fhreagairtí le tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta, agus roinnt acu ag léiriú imní go mbainfeadh am caite ar an tríú teanga a fhoghlaim ó am le caitheamh ar réimsí eile curaclaim.

Cuireadh ceist ar thuismitheoirí/caomhnóirí i gCéim 1 agus Céim 2 an raibh aon chuid den churaclam reatha nó den churaclam atá beartaithe a d'fhéadfaí / ba cheart a bhaint? Bhí 298 freagairt téacs ann thar Chéim 1 agus Céim 2 a cuireadh le chéile agus rinneadh anailís orthu ag baint úsáid as céimeanna tosaigh de chur chuige Braun agus Clarke (2006) maidir le hanailís théamach. Léiríonn an graf thíos (Fíor 25) an 7 dtéama ba choitianta a aithníodh agus tugann sé léargas/forbhreathnú ar a bhfreagairtí comhcheangailte. Tá na freagairtí téacs focal ar fhocal ar fáil sa Tuarascáil Theicniúil.

Fíor 25: Freagairtí comhcheangailte do cheistneoirí na n-oideoirí do Chéim 1, ceist 30 agus Céim 2, ceist 13




Bhain an téama ba choitianta a aithníodh le tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta ó rang 3-6, agus aithníodh seo i 18% de fhreagairtí. Creideann roinnt freagróirí nár cheart dó seo a bheith mar chuid den churaclam athbhreithnithe mar 'tá barraíocht le déanamh sa churaclam cheana féin'. Léirigh roinnt eile imní go mbeadh tionchar diúltach ag am caite ag foghlaim nuatheanga iasachta ar fhoghlaim i réimsí eile. Chuir roinnt rannpháirtithe fáilte roimh thabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta ach léirigh siad imní faoin gcur i bhfeidhm, agus aird á tarraingt acu ar, mar shampla, oiliúint agus ar 'cumas an mhúinteora sa teanga sin go labhartha' mar constaic agus í á cur i bhfeidhm.

Bhain an dara téama ba choitianta leis an Reiligiún agus bhí sé mar bharúil ag 15% d'oideoirí a bhí páirteach gur chóir am caite ar Oideachas Reiligiúnach a laghdú nó a dhéanamh taobh amuigh d'uaireanta scoile. Bhain 12% eile de na freagairtí le Clár an Phátrúin agus rinne roinnt acu argóint gur chóir an t-am don chlár a laghdú agus dúirt roinnt eile gur chóir do chruthú creidimh agus ullmhúchán do shacraimintí reiligiúnacha tarlú taobh amuigh d'uaireanta scoile. Mar shampla, scríobh oideoir amháin 'i seomra ranga ilghnéitheach na linne seo, níor cheart do theagasc reiligiúnach agus ullmhúchán do shacraimintí a bheith mar chuid d'uaireanta scoile'.


Aithníodh buairimh maidir le ró-ualach curaclaim i 12% de fhreagairtí oideora agus bhain 9% de fhreagairtí le cur i bhfeidhm an churaclaim athbhreithnithe. Léirigh roinnt rannpháirtithe imní go bhfuil ró-ualach ar an gcuraclam faoi láthair agus go ndéanfaí níos measa é le réimsí úra á dtabhairt isteach chuig an gcuraclam athbhreithnithe. Mar shampla, scríobh rannpháirtí amháin 'tá gá ann le doiciméad soiléir a leagan amach cad é a bhainfear. Ná cuir rud ar bith leis an gcuraclam le do thoil gan rud éigin eile a bhaint amach. Tá ró-ualach ar an gcuraclam mar atá'. D'aithin rannpháirtithe eile tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm an churaclaim athbhreithnithe, lena n-áirítear gá le hoiliúint agus le hacmhainní. Tharraing freagairt amháin aird ar an ngá le cumarsáid chomhsheasmhach, 'bíonn an teachtaireacht a fhaighimid mar mhúinteoirí ón CNCM ag teacht leis an rud a deirtear linn atá na cigirí ag cuardach'.

Bhain 8% de fhreagairtí le Folláine agus bhain 7% le Drámaíocht. Léirigh roinnt rannpháirtithe an bharúil gur leithdháileadh barraíocht ama don Fholláine. Chreid rannpháirtithe eile gur chóir don Drámaíocht a bheith ina modheolaíocht in áit a bheith mar ábhar ar leith.

### 3.3.11 Machnaimh ar fhoghlaim i bhfianaise taithí ó bhí Márta 2020 ann

Bhí ceist i gceistneoirí Chéim 2 ina bhféadfadh le rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar an taithí a bhí acu i rith phaindéim Covid-19 agus an tionchar a bhí aige sin ar oideachas. Cuireadh fáilte rompu an trí thosaíocht ba mhó a bhí acu do churaclam athbhreithnithe a roghnú. Tá freagairtí tuismitheora/caomhnóra agus oideora léirithe sa chairt thíos (Fíor 26).

Fíor 26: Céim 2, freagraí ceistneora do cheist tuismitheora 14 agus ceist oideora 19




Agus comparáid á déanamh idir freagairtí ó thuismitheoirí/chaomhnóirí agus oideoirí, tá sé spéisiúil gur aithin an dá ghrúpa 'Foghlaim Ghníomhach', 'Folláine' agus 'Idirghníomhaíochtaí múinteora-páiste' mar an chéad trí thosaíocht a bhí acu don dréachtchreat críochnaithe. Ina dhiaidh sin, d'aithin tuismitheoirí/caomhnóirí 'Foghlaim Allamuigh' agus 'Úsáid na Teicneolaíochta Digití' mar thosaíochtaí sa cheathrú agus sa chúigiú háit, ach roghnaigh oideoirí 'Oideolaíochtaí Spraíúla' agus 'Comhtháthú' don cheathrú agus don chúigiú rogha. Roghnaigh an líon ba lú d'oideoirí 'Idirghníomhú múinteora-tuismitheora', ach do thuismitheoirí/caomhnóirí ba é 'Comhtháthú' an ceann ba lú roghnú.

## 3.4 Ábhair cheardlainne Fhóram na Scoileanna

### 3.4.1 Cur chuige níos comhtháite i leith an teagaisc agus na foghlama sna ranganna sóisearacha

Mheas formhór na ndaoine gur rud dearfach iad na réimsí leathana curaclaim i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*, agus bhí tráchtanna dearfacha ann ar réimse curaclaim na Folláine. Cuireadh fáilte roimh an tsaoirse ghairmiúil agus solúbthacht sa bhreis a bhí ann do scoileanna agus do mhúinteoirí, agus roimh an mbéim ar naisc thraschuraclaim agus ar fhoghlaim fhiúntach arna treorú ag an bpáiste freisin. Cheap roinnt freagróirí go raibh na moltaí úsáideach chun ró-ualach a laghdú agus dúirt scoil amháin go raibh siad 'ar bís' faoi na moltaí do chur chuige níos comhtháite.

Tá sé intuigthe ó thráchtanna go raibh cur chuige comhtháite forbartha go maith cheana agus go raibh na moltaí mar léiriú ar chleachtas reatha in go leor ranganna sóisearacha agus Aistear mar chreat don chleachtas. Ba cheart go mbeadh tacaíocht ann do mhúinteoirí nach bhfuil taithí acu sna ranganna sóisearacha chun cur chuige comhtháite a fhorbairt. Aithníodh go raibh tionchar diúltach ag méid na ranganna, easpa cúntóirí ranga agus easpa acmhainní chun tacú le foghlaim shúgradh-bhunaithe agus foghlaim ar bhonn fiosraithe agus cur chuige níos comhtháite maidir le teagasc agus foghlaim á chur i bhfeidhm.

Ba phríomh-shaincheist í an phleanáil, agus bhí múinteoirí ag iarraidh í a aithint mar rud lárnach chun cuspóir an churaclaim athbhreithnithe a bhaint amach. Ag leibhéal na scoile, ceapadh gur lárnach acmhainní maidir le ham agus forbairt ghairmiúil. Mheas roinnt freagróirí go mbeadh teimpléid úsáideach, agus leag roinnt eile béim ar an ngá le cinntiú go raibh an fhoghlaim leanúnach agus ag tarlú céim ar chéim ó bhliain go bliain, agus go seachnaítear athdhéanamh nach bhfuil gá leis. Ceapadh go raibh comhtháthú fiúntach ag brath ar phleanáil chúramach ag leibhéal an mhúinteora. Léirigh roinnt freagairtí imní nach mbeadh 'rud ar bith tábhachtach' fágtha amach. Measadh gur thug leithdháileadh ama struchtúr chun réimsí amhail Litearthacht agus Uimhearthacht a chosaint, ach chun dul i ngleic le pleanáil ar fud na réimsí curaclaim. Mar gheall ar leithdháileadh míosúil agus solúbthacht ama, bheadh níos mó seans ann naisc thraschuraclaim a dhéanamh.

Cé gur mothaíodh go raibh súgradh agus foghlaim ar bhonn fiosraithe ríthábhachtach don fhoghlaim sna ranganna sóisearacha, bhí gá ann leis na straitéisí foghlama seo a chur chun cinn i rang a haon agus a dó, agus mhol roinnt freagróirí gur chóir iad a leathnú amach go gach rang.

### 3.4.2 Measúnú

Bhí na tráchtanna a bhain leis an measúnú thar a bheith dearfach. Chuir múinteoirí fáilte roimh shoiléireacht an chuir i láthair, lena n-áirítear an contanam agus na straitéisí a leagtar amach. Mhol trácht amháin go mbeadh 'níos lú imní faoi mheasúnú' mar thoradh air seo. Bhí tacaíocht ann don choincheap a bhain le luach a chur ar gach páirtí leasmhar, bheith ag obair leo agus faisnéis a roinnt leo. Cé gur ceapadh go raibh tuismitheoirí lárnach i bpróiseas an mheasúnaithe, iarradh soiléireacht ar na bealaí ina mbeadh comhoibriú ann le tuismitheoirí. Luaigh roinnt scoileanna imní nach dtuigeann tuismitheoirí scóir STEN go soiléir agus go gcothaíonn sé seo neart imní i measc teaghlach. Scríobh freagróir amháin gur chóir 'athbhreithniú a dhéanamh ar thrialacha caighdeánaithe sa churaclam athbhreithnithe', agus chuir freagróir ceist 'an raibh béim dhiúltach ar

choincheap an mheasúnaithe in Éirinn…mar gheall ar bharraíocht béime a bheith ar thrialacha caighdeánaithe le blianta beaga anuas?'

Mar gheall ar an mbealach ina gcuirtear an measúnú i láthair sa dréachtchreat tá níos mó rogha ann maidir leis an gcineál measúnaithe le húsáid. Aithníodh an bhéim ar an bpáiste ag croí an phróisis measúnaithe ina ghné thábhachtach óir 'tugann sé deis don pháiste guth a bheith aige'. Fáiltíodh, le roinnt tráchtanna, roimh an gcaoi a mbeidh ról i bhfad níos gníomhaí ag an bpáiste sa phróiseas measúnaithe ná mar a bhíodh roimhe seo.

I dtaca leis an gcleachtas measúnaithe, mar atá leagtha amach sa dréachtchreat, a réadú, léiríodh buarthaí i dtaca leis an mbealach a bhféadfaí freastal ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara laistigh den soláthar reatha. Cuireadh síos d'am laistigh den lá scoile gur cheist thábhachtach a bhí ann, mar a bhí amhlaidh freisin i gcás thuiscint/ullmhacht na gcomhpháirtithe san oideachas a bhíonn ag oibriú le múinteoirí.

Ar an iomlán, thuairiscigh múinteoirí gur eascair deiseanna as an dréachtchreat chun cleachtas neamhspleách gníomhaíoch a fhorbairt thart ar an measúnú chun tacú le páistí agus chun an fhoghlaim a chur chun cinn. Luaigh scoil amháin go bhféadfadh sé é seo 'a bheith ina fhorbairt an-dearfach do mhúinteoirí agus páistí, fad is go gceadaítear é, go spreagtar é agus go dtacaítear leis lena chur i bhfeidhm mar a bhí beartaithe'.

### 3.4.3 Príomhinniúlachtaí

Thaitin na hinniúlachtaí agus a gcur i láthair le go leor daoine. Chonacthas do dhaoine gur 'coincheapa nua-aimseartha iad' agus go raibh siad 'ríthábhachtach'. Cuireadh béim ar a luachmhaire a bhí siad i dtaca le haird a tharraingt ar léargas iomlánaíoch ar fhoghlaim agus forbairt páistí, mar a cuireadh freisin ar an gcaoi ar luigh siad go maith le *hAistear*. Bhí dáimh ag freagróirí oideachas speisialta leis an téacs réamhráiteach. Dar le daoine eile go raibh na hinniúlachtaí 'ró-aibí' agus 'an-scaoilte ón suíomh scoile'.

Bhí roinnt daoine éiginnte faoin gcaoi a bhféadfaí na hinniúlachtaí/tréithe a mheasúnú, ós rud é 'nach raibh siad thar a bheith intomhaiste' cé gur mheas daoine eile gur threoir úsáideach iad na tréithe lena thuiscint cén chaoi a bhféadfaí inniúlacht faoi leith a léiriú. Tugadh le fios, nuair is iomchuí, go bhféadfaí torthaí foghlama a bhunú ar thréithe, agus go bhféadfaí na tréithe a úsáid mar fhócas don phleanáil agus/nó don mheasúnú.

D'aontaigh daichead a dó faoin gcéad go láidir le tábhacht na seacht n-inniúlacht, d'aontaigh 47% agus bhí an chuid eile éiginnte. Measadh go raibh an lipéad 'A bheith matamaiticiúil' ró-shainiúil don ábhar agus 'srianta'. Moladh go gcuirfí tréithe eolaíocha san áireamh ar liosta na dtréithe. Chruthaigh na lipéid 'A bheith matamaiticiúil' agus 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach' mearbhall óir is é an léamh a bhain roinnt daoine astu gur réimsí ábhair a bhí i gceist. D'fhéadfadh sé freisin gurbh é an mearbhall seo ba chúis leis na breathnuithe go raibh gnéithe Staire agus Tíreolaíochta in easnamh ó liosta na n-inniúlachtaí mar aon leis an gCorpoideachas, an léitheoireacht agus tú a bheith i do léitheoir. Chonacthas do roinnt daoine gur cheart go mbeadh sé níos éasca 'A bheith matamaiticiúil' agus 'Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid' a fhorbairt mar gheall ar an mbéim atá curtha ar na réimsí seo le gairid.

Shainaithin go leor daoine 'Folláine a chothú' nó 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach', nó, ach ní a oiread céanna, 'Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid' ar na hinniúlachtaí is tábhachtaí, cé gur mheas daoine eile go raibh an tábhacht chéanna ag baint leo go léir. Chuir go leor daoine síos don chéad bheirt, freisin, mar aon le 'A bheith i do shaoránach gníomhach', go mbeadh sé dúshlánach iad a theagasc agus a mheasúnú. Tarraingíodh aird, i mbunús na bhfreagairtí, ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil le go mbeifear in ann tacaíocht iomchuí a sholáthar do pháistí chun na hinniúlachtaí a fhorbairt, go háirithe 'A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach'.

### 3.4.4 Leithdháileadh ama nua

Fáiltíodh roimh an leithdháileadh seachtainiúil don Teanga agus don Mhatamaitic. Spreag an leithdháileadh ama don Fholláine, cé gur fháiltigh bunús na ndaoine roimhe, ceisteanna a léiríonn, nuair a ghlactar leo le chéile, éiginnteacht i measc múinteoirí faoin réimse seo. Tagann an éiginnteacht seo chun cinn trí cheisteanna amhail: Cén t-inneachar atá samhlaithe? An gá an méid seo ama a bheith ar fáil? Cén oiliúint agus cé na cláir a mholfaí lena n-úsáid? An bhfágann leithdháileadh ama go bhfuil aitheantas agus tacaíocht ann fós do na bealaí neamhfhoirmeálta trína gcuirtear an Fholláine chun cinn sa seomra ranga? An eascródh 'róchuntasacht' agus cur chuige níos 'foirmeálta' i leith an réimse seo as an leithdháileadh seachtainiúil?

Mheas beagnach gach duine gur athrú dearfach a bhí sa leithdháileadh míosúil le haghaidh Oideachas Eolaíochta agus Teicneolaíochta, Oideachas Ealaíon, agus Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Is é a chonacthas do dhaoine, ar na croí-thorthaí a bhain le bheith ag obair de réir bloic ama níos faide, ná méadú ar sholúbthacht agus ar neamhspleáchas do mhúinteoirí agus foghlaim níos doimhne do pháistí. Sainaithníodh rannpháirtíocht páistí i níos mó foghlama a bheadh bunaithe ar thionscadail/téamaí, turais allamuigh, tionscnaimh áitiúla, méadú ar fhoghlaim ghníomhach/allamuigh, ar na torthaí féideartha a thiocfadh leis an amchlárú míosúil. Thug siad seo deiseanna freisin chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt.

Sainaithníodh am solúbtha a bhféadfadh scoileanna a rogha úsáid a bhaint as ina rud tábhachtach chun gníomhú neamhspleách an mhúinteora a réadú. Aithníodh go soiléir na deiseanna agus na bagairtí a bheadh ag baint leis, lena n-áirítear an fhéidearthacht gurbh é a d'eascródh as ná go gcuirfí ábhair áirithe chun cinn agus go mbeadh na hábhair eile thíos leis. Measadh, le Rogha 1, go raibh gníomhú neamhspleách an mhúinteora á chur chun cinn agus an tsolúbthacht uasta á soláthar do mhúinteoirí ach cuireadh imní in iúl go raibh barraíocht ama á cur ar fáil don Fholláine anseo. Thaitin Rogha 2 leo siúd a bhí ag iarraidh sonraíochtaí ama níos doichte do Theanga 1 agus Teanga 2. Chuir roinnt daoine fáilte roimh an leagan amach níos mionsonraithe a bhí le fáil i Rogha 3. Ar an iomlán, bhí sé le sonrú sna freagairtí gur thacaigh bunús na ndaoine le Rogha 1, óir ba í ba sholúbtha agus a thug an rogha is mó do scoileanna, go háirithe i réimse an tsoláthair teanga.

Ar na croídhúshláin a bhain le bheith ag obair leis an leithdháileadh ama, bhí, uastairbhe a bhaint as na féidearthachtaí a bhain le ham solúbtha i scoileanna tríd an bpleanáil ar bhonn uile-scoile, agus deiseanna ann le bheith ag pleanáil, ag comhoibriú agus ag labhairt le comhghleacaithe; amchlárú a bheadh deartha go cúramach agus am á rianú; agus comhtháthú.

### 3.4.5 Prionsabail an teagaisc agus na foghlama

Bhí na tráchtanna a bhain leis na prionsabail thar a bheith dearfach. Sainaithníodh 'braistint iomlánaíoch' a bheith ag baint leis na prionsabail agus féidearthacht a bheith ann go gcuirfeadh

siad bonn maith faoi obair scoileanna. Chonacthas do dhaoine go raibh siad 'dírithe ar an bpáiste agus an páiste ina lár', mar aon le hiad a bheith 'ciallmhar réadúil' agus 'cuimsitheach soiléir' agus 'gur thug siad cuspóir praiticiúil ábhartha don teagasc agus don chleachtas sa seomra ranga'.

Measadh tábhacht faoi leith a bheith ag baint le lárnacht na gComhpháirtíochtaí, agus freisin leis an mbéim ar Aistrithe agus Leanúnachas. D'fhágfadh prionsabal na Rannpháirtíochta agus tagairt ann do neamhspleáchas an pháiste i dtaca le roghanna a dhéanamh, go mbeadh gá le hathrú ar chuir chuige múinteoirí i leith fhorbairt an churaclaim agus bhí roinnt daoine éiginnte maidir leis an gcaoi a gcuirfí é seo i bhfeidhm.

Cé gur aithníodh gur uaillmhianta iad na prionsabail seo a bhféadfaí a bheith ag obair ina dtreo, níor measadh iad a bheith ró-ardaidhmeannach ach tacaíocht a bheith ar fáil do scoileanna agus iad ag obair leo. Sainaithníodh prionsabal an 'Oideachais Ionchuimsithigh agus na hÉagsúlachta' mar réimse amháin ina mbeadh tacaíocht bhreise ag teastáil le cinntiú nach mbeadh ann ach uaillmhian gan réadú. Tugadh le fios go raibh na prionsabail a bhaineann le Comhpháirtíochtaí agus le Caidrimh cosúil go leor lena chéile agus go mb'fhéidir gurbh fhearr iad a bheith faoin aon cheannteideal amháin. Cuireadh fáilte roimh an bhfrása 'daoine ar cás leo daoine eile' san fhís ach tugadh le fios nach bhfuil léiriú iomlán i bprionsabal na gCaidreamh ar an tábhacht a bheadh le páistí ag forbairt ina ndaoine ar cás leo daoine eile, mar atá luaite san fhís.

Sainaithníodh nascacht mhaith idir an fhís agus na prionsabail. Aithníodh go raibh 'go leor forluí' ann eatarthu. Luadh freisin go 'gcomhlánaíonn na prionsabail an fhís agus go dtugann siad tuiscint níos fearr don mhúinteoir ar a ról'. Bhraith daoine eile dícheangal a bheith ann idir na prionsabail agus an fhís óir dar leo 'gur thagair na prionsabail do chomhpháirtíochtaí idir an baile agus an pobal agus an scoil ach nach dtagraíonn an fhís ach don pháiste agus an múinteoir. Moladh le roinnt tráchtanna gur cheart aitheantas a thabhairt do ghné dhigiteach agus tagairt a dhéanamh do shaol teicneolaíoch/nua-aoiseach sna prionsabail.

### 3.4.6 Aistriú, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim páistí

Chuir múinteoirí síos ar straitéisí a scoile féin chun tacú le haistrithe. Chonacthas do roinnt daoine, gurb amhlaidh, go ginearálta, gurb iad na comharthaí sóirt a bhaineann le bunús na gcleachtas aistrithe ná easpa de cheangal agus de chumarsáid, agus, rud nach ceart, easpa de theanga agus cuspóir comhroinnte.

Tugadh le fios i roinnt tráchtanna go bhfuil ceangal maith idir na prionsabail atá leagtha amach sa dréachtchreat agus na prionsabail de chuid *Aistear* agus iad sin sa *Chreat don tSraith Shóisearach*. Luadh 'go bhfuil fianaise shoiléir ann de phrionsabail ón dá rud sin a bheith le sonrú ... i measc phrionsabail an dréachtchuraclaim'. Bhí na ceangail idir na croí-inniúlachtaí, téamaí *Aistear* agus príomhscileanna *an Chreata don tSraith Shóisearach* so-aitheanta ag freagróirí. Measadh na ceangail leis na creata eile seo a bheith tábhachtach i dtaca le comhleanúnachas foghlama agus chun tacú le croíphrionsabail ar fud an chontanaim. I gcás roinnt daoine, bhí naisc idir na trí chreat le sonrú ach bheadh ailíniú níos fearr ó thaobh na foclaíochta de inmhianaithe agus 'bhainfeadh sé cuid mhór den mhearbhall nuair a bhíonn scoláirí ag aistriú isteach san iar-bhunscoil'.

Dar le roinnt daoine nach raibh na difríochtaí ó thaobh inneachar agus leagan amach de idir na creata tábhachtach, fad is go mbíonn roinnt prionsabal comhroinnte ann. Mar shampla, b'ionann Comhpháirtíochtaí, Oideolaíocht, Timpeallachtaí Foghlama mar aon le hAistrithe agus

Leanúnachas a chur isteach sa dréachtchreat agus imeacht ón dá chreat eile, ach measadh gur rud dearfach é seo i dtaca le hobair na mbunscoileanna.

I dtaca leis an bpleanáil le haghaidh foghlama, measadh buntáistí féideartha a bheith ag baint le feasacht a ardú i measc múinteoirí bunscoile ar *Aistear* agus ar an g*Creat don tSraith Shóisearach* agus le bheith ag tacú le cumarsáid mhéadaithe i dtaca le haistrithe. Luadh freisin an fhéidearthacht go gcuirfeadh forbairt ghairmiúil chomhpháirteach chun smaointe agus cleachtas a chomhroinnt le cur chun cinn na nasc agus an leanúnachais.

### 3.4.7 Fís an churaclaim

Shainaithin múinteoirí réimse de chroí-chuspóirí le curaclam bunscoile. Ba cheart go gcuideodh sé le páistí lánacmhainneacht a bhaint amach trína ndéanamh rannpháirteach i bhfoghlaim a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas sa saol laethúil mar aon le hiad a fheistiú leis na scileanna a bhíonn ag teastáil le gur féidir leo leanúint lena bhfoghlaim fhoirmeálta tar éis na bunscoile. Do mhúinteoirí, ba cheart go soláthródh sé creat lena gcuirfí chun cinn contanam foghlama, agus go dtreoródh sé múinteoirí chun oideachas leathan ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Bhí a lán tacaíochta ann don fhís. Tugann na tráchtanna le tuiscint gur thacaigh múinteoirí go láidir lena chur chuige iomlánaíoch, ag cur síos dó go raibh sé 'thar a bheith láidir', 'ionchuimsitheach', agus 'neamh-shaintreorach'. Mhol go leor an dóigh ar léiríodh ról na bpáistí agus na múinteoirí i dtaca le hacmhainneacht na bunscolaíochta a réadú.

Tugann freagairtí le fios gur thuig daoine don íomhá a léirigh go bhfuil páistí cumasach agus roinnt múinteoirí ag díriú aird ar an gcaoi, de réir mar a fhorbraíonn páistí a gcuid inniúlachtaí agus de réir mar a fhoghlaimíonn siad an dóigh le bheith ag gníomhú go neamhspleách, ar féidir an teacht aniar a shealbhú. Sainaithníodh easpa tacaíochtaí do mhúinteoirí i réimsí amhail riachtanais speisialta oideachais ina mórchonstaic a chuireann bac ar roinnt páistí lánacmhainneacht a bhaint amach. Fáiltíodh roimh íomhá an mhúinteora ghníomhaíoch ach léiríodh buarthaí i dtaca leis an gcaoi a nglacfadh múinteoirí leis seo agus a dtuigfidís é, agus faoin tionchar féideartha a bheadh ag an léirmhíniú a bhainfeadh múinteoirí, mar aon leis na comhpháirtithe oideachais, as ar na bealaí a dtéann múinteoirí i ngleic le *Creatchuraclam na Bunscoile.*

Bhí bunús na ndaoine sásta nach raibh gá le haidhmeanna ginearálta agus gur thug an ráiteas físe mar aon leis na prionsabail agus na príomhinniúlachtaí treoir leorga do scoileanna agus múinteoirí. Chuir roinnt daoine in iúl go raibh an phleanáil i gcás *Aistear* deacair de bharr aidhmeanna ginearálta a bheith in easnamh, cé gur thaitin an leanúnachas le h*Aistear* agus leis an g*Creat don tSraith Shóisearach* le daoine eile.

Bhraith bunús na ndaoine gur léiríodh an ráiteas físe lena bhéim ar an ionchuimsiú, a éagsúlacht, a uathúlacht agus a chur chuige iomlánaíoch i leith an oideachais, ó thús deireadh an dréachtchreata.

# Cuid 4: Aighneachtaí

## 4.1 Cúlra

Sa chuid seo, tá próifíl de na haighneachtaí a fuarthas i dtaobh *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* ar fáil. San iomlán, fuarthas 174 aighneacht i scríbhinn agus rinneadh gach ceann den 146 aighneacht a bhfuarthas toiliú foilsithe ina leith a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin CNCM le dul in éineacht leis an tuarascáil seo. Tá próifíl achomair de na haighneachtaí agus de na croí-thopaicí ar pléadh leo laistigh díobh ar fáil sa chuid seo.

## 4.2 Cur chuige céimnithe


Mar a luadh cheana, mar fhreagairt ar na dúshláin a tháinig le paindéim COVID-19, rinneadh dearadh an chomhairliúcháin a leasú agus tugadh faoi ar bhonn céimnithe. Reáchtáladh Céim 1 ó Fheabhra 2020 go hEanáir 2021 agus Céim 2 ó Dheireadh Fómhair 2021 go dtí Feabhra 2022. Fuarthas an chuid is mó den 174 aighneacht le linn Chéim 1. Mar aitheantas ar an achar ama idir na céimeanna den chomhairliúchán agus ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19, mar chuid de Chéim 2, rinne CNCM teagmháil leo sin go léir a chuir isteach aighneachtaí le linn Chéim 1 le deis a chur ar fáil dóibh a n-aighneacht a nuashonrú. Cuireadh rannán leis an teimpléad aighneachta bunaidh chun cuid machnamh daoine a lorg ar thionchar na paindéime ar fhreagairtí don dréachtchreat. Fuarthas 18 n-iarratas ar aighneachtaí a nuashonrú agus is amhlaidh go ndearnadh 14 aighneacht a nuashonrú sular dúnadh an comhairliúchán ag deireadh mhí Feabhra, 2022. Fuarthas 11 aighneacht nua freisin, rud a d'fhág go bhfuil iomlán de 25 aighneacht ann ina bhfuil aiseolas i dtaobh thionchar COVID-19.

## 4.3 Formáidí aighneachta

Fuarthas aighneachtaí ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair, in éagsúlacht d'fhormáidí. Cé gur úsáideadh an teimpléad caighdeánach aighneachta, é bunaithe ar na sé phríomhtheachtaireacht, i mbunús na n-aighneachtaí, tháinig aighneachtaí eile isteach i bhfoirm litreacha agus cineálacha éagsúla eile de cháipéisí scríofa amhail aistí agus bileoga. Seo a leanas miondealú ar na formáidí:

- Fuarthas 155 aighneacht scríofa ar theimpléad aighneachta CNCM féin
- Fuarthas 7 n-aighneacht i bhfoirm litreach
- Chuir 12 a gcuid faisnéise i láthair trí fhormáidí eile amhail bileoga, sleamhnáin láithreoireachta nó aistí (féach Fíor 27).

**Fíor 27: Léargas ar fhormáidí aighneachta**




### 4.3.1 Teimpléad aighneachta

Dearadh an teimpléad aighneachta le go mbeifí in ann torthaí an chomhairliúcháin ó gach modh bailithe sonraí a ailíniú, agus tá cóip faoi iamh in Aguisín 1 den tuarascáil seo. Le Rannán 1 den teimpléad aighneachta, lorgaíodh freagairt fhoriomlán ar na moltaí sa dréachtchreat, cé gur lorgaíodh aiseolas i Rannán 2 (2.1 – 2.6) ar gach ceann de na phríomhtheachtaireachtaí[2]. As an 155 aighneacht a fuarthas ar theimpléad aighneachta CNCM, roghnaigh 18 gan ach rannán 1, 'Freagairt Fhoriomlán', a chomhlánú ach níor chuir aon aiseolas ar fáil i Rannán 2 i dtaobh na sé phríomhtheachtaireacht. Féach Tábla 2 thíos le miondealú a fháil ar chomhlánú na rannán éagsúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go n-iarrtar seoladh rphoist teagmhála don údar/na húdair sa teimpléad, i gcomhréir le RGCS, ní fhoilsítear an fhaisnéis seo.

---

[2] Le haghaidh théacs na sé phríomhtheachtaireacht, féach cáipéis na gCeisteanna Coitianta.

### 4.3.2 Cead foilsithe

Bhí rannán sa teimpléad aighneachta mar ar léirigh an t-údar/na húdair a dtoiliú go bhfoilseofaí an aighneacht ar líne ag deireadh an phróisis comhairliúcháin. I roinnt cásanna, níor léiríodh rogha an údair i dtaca le foilsiú. I gcásanna áirithe, níor comhlánaíodh an rannán iomchuí cé gurb amhlaidh, i roinnt cásanna nuair nár úsáideadh an teimpléad, nár léiríodh rogha an údair. Ba ghá, sna cásanna seo agus i gcásanna eile, soiléiriú a fháil ó na húdair i dtaca le cé acu a cheadóidís nó nach gceadóidís foilsiú na n-aighneachtaí atá le sonrú sa cháipéis seo. Cuireadh ríomhphoist leantacha chuig údair lena fhiafraí díobh cé acu a thoiligh nó nár thoiligh siad an aighneacht a fhoilsiú agus cé gur fhreagair tromlach na ndaoine, bhí daoine ann nár fhreagair. As líon iomlán an 174 aighneacht a cuireadh isteach, fuarthas an cead iomchuí 146 acu a fhoilsiú agus ní bhfuarthas cead 28 acu a fhoilsiú.

**Tábla 2: Rátaí comhlánaithe de réir rannán teimpléad aighneachta**

| Rannán aighneachta | L = 155 | % |
|---|---|---|
| **1 - Freagairt fhoriomlán** | 150 | 97% |
| **2.1 - Neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna** | 126 | 81% |
| **2.2 - Naisc churaclaim idir réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht** | 120 | 77% |
| **2.3 - Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste** | 124 | 80% |
| **2.4 - Athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an curaclam i láthair agus an struchtúr atá leis** | 124 | 81% |
| **2.5 - Tacú le réimse de chuir chuige agus straitéisí oideolaíochta, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama** | 120 | 77% |
| **2.6 - Tógáil ar rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999 agus, san am céanna, ag aithint agus ag freagairt do riachtanais agus tosaíochtaí athraitheacha.** | 122 | 79% |
| **Céim 2: Eolas breise** | L=25 | |
| **2.7 - Impleachtaí taithí scoileanna ar an bpaindéim, ar thabhairt chun críche Chreat Curaclaim na Bunscoile** | 25 | 100% |


## 4.4 Catagóirí

Bhí éagsúlacht shuntasach ann i dtaca leis an bhfócas sa líon mór aighneachtaí a fuarthas. Rinneadh gach uile aighneacht a athbhreithniú agus a chatagóiriú de réir phríomhfhócas na haighneachta. Ní hionann sin agus a rá nár phléigh aighneachtaí aonair ach leis an aon phríomhphointe amháin. Níl ann ach go ndearnadh é d'fhonn aicmí na n-aighneachtaí a shainaithint d'fhonn an ionramháil trí na haighneachtaí a foilsíodh a éascú, i bhfianaise an líon mór

aighneachtaí ó dhaoine aonair a fuarthas. Is iad na príomhchatagóirí a tháinig chun cinn as measc an 174 d'aighneachtaí ná:

- Cuimsiú
- Ilchineálacht
- Teanga
- Éiteas
- Sainiúil d'ábhar faoi leith
- Sochaí shibhialta
- Ginearálta (ceisteanna forfheidhmithe/córais den chuid is mó) (féach Fíor 28 thíos).

**Fíor 28: Aighneachtaí ó ghrúpaí agus líon aighneachtaí in aghaidh an ghrúpa**




Tá léargas éigin le fáil sna rannáin a leanas ar réimse na dtopaicí ar díríodh orthu i ngach ceann de na seacht gcatagóir a bhaineann leis na haighneachtaí scríofa a fuarthas.

### 4.4.1 Cuimsiú

Cuireadh síos d'aon aighneacht déag gurbh í an t-ionchuimsiú an fócas lárnach san aighneacht. Rinneadh iad seo thar ceann daoine aonair, scoileanna speisialta, grúpaí abhcóideachta agus eagraíochtaí náisiúnta. D'eascair réimse de thopaicí agus ceisteanna as an anailís ar na haighneachtaí seo agus tarraingíodh aird orthu seo mar nithe ar gá breithniú orthu agus an curaclam á athfhorbairt. Seo a leanas cuid de na nithe sin:

- aird ar 'scileanna praiticiúla' a theagasc do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu
- tacaíochtaí níos mó do pháistí ar a bhfuil disléicse
- 'Croíchuraclam' leathnaithe do pháistí ar a bhfuil lagú radhairc
- rochtain ar theicneolaíocht agus acmhainní oiriúnaitheacha do gach páiste a mbeadh riachtanais bhreise aige nó aici

- fócas ar bheith ag tacú leis an maireachtáil neamhspleách de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn páistí
- úsáid mhéadaithe a bhaint as na hEalaíona chun tacú le hoideachas ionchuimsitheach.

Tugadh aird shuntasach ar sholáthar do Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ) i gCuraclam Bunscoile athfhorbartha. Sna haighneachtaí seo, rinneadh tagairt do chearta phobal Theanga Chomharthaíochta na hÉireann faoin Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann (2017), lenar aithníodh an ceart atá ag an bpobal TCÉ a úsáid mar theanga dhúchais agus an teanga a fhorbairt agus a chaomhnú. Mar aon le bheith ag iarraidh soláthar curaclaim do TCÉ, tharraing na haighneachtaí seo aird ar an ngá atá le cúinsí oiriúnacha faoina bhféadfaí freastal ar riachtanais chultúrtha agus teanga na bpáistí a úsáideann TCÉ.

### 4.4.2 Ilchineálacht

Le linn phróiseas an chatagóirithe, is é an tuiscint leathan a bhí ar an ilchineálacht gur chuimsigh sí topaicí a bhain le heitneacht, aicme, inscne, gnéasacht, aois agus creideamh polaitiúil agus reiligiúnach (ach ní éiteas). Cuireadh síos do dhá aighneacht déag go raibh, a bheag nó a mhór, fócas acu ar na ceisteanna seo agus gur bhain siad leis an gcatagóir seo. D'eascair réimse de thopaicí as an anailís ar na haighneachtaí seo agus tarraingíodh aird orthu seo mar nithe ar gá breithniú orthu agus an curaclam á athfhorbairt. Seo a leanas cuid de na nithe sin:

- meas ar dhaoine a fhéinaithníonn mar LADTI+
- guthanna nach gcloistear go minic agus/nó atá imeallaithe a léiriú i bhforbairtí curaclaim
- meas ar stádas an oideachais reiligiúnaigh mar rud atá comhtháite laistigh den churaclam
- fócas ar oideachas um shaoránacht dhomhanda agus ar oideachas forbraíochta
- teachtaireachtaí maidir le cuimsiú agus ilchineálacht in *Aistear* a ailíniú leo sin sa churaclam athfhorbartha bunscoile
- dul i ngleic leis an gcur chuige scoilte, nach dtuigtear i gceart, i leith an oideachais reiligiúnaigh sna moltaí chun an curaclam bunscoile a athfhorbairt
- tacú le ceisteanna trasinscne san oideachas
- ról na mban agus na bpáistí a léiriú laistigh den churaclam
- meas a léiriú ar cheart an tuismitheora an páiste a aistarraingt as aon teagasc a bheadh contrártha lena choinsias féin.

### 4.4.3 Teanga

Cuireadh tríocha a haon d'aighneachtaí isteach sa chatagóir 'teanga'. Cé gur bhain bunús na n-aighneachtaí seo le teagasc na Gaeilge agus le tabhairt isteach nuatheanga iasachta, phléigh roinnt aighneachtaí le topaicí eile chomh maith. Cé gur léiríodh meascán de dhearcthaí, bhí fócas nár bheag ann ar na tacaíochtaí a bheidh ag teastáil i dtaca le forfheidhmiú. Ar chuid de na topaicí sna réimsí seo ar pléadh leo, bhí:

#### An Ghaeilge

- tábhacht na Gaeilge ó thaobh an chultúir de sa tír seo againn
- na dúshláin a bhaineann le teagasc na Gaeilge a léiriú
- tacú leis an méid ama a chaitear ag teagasc na Gaeilge i scoileanna T1 agus T2
- fís shoiléir a sholáthar i leith an dátheangachais agus na Gaeilge
- breithniú a dhéanamh ar 'a bheith dátheangach' mar phríomhinniúlacht
- breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí a neartú
- aitheantas don tumoideachas

- tagairt a bheith ann don pholasaí reatha maidir le díolúine ón nGaeilge
- tagairt don pholasaí i leith an oideachais Gaeltachta agus don pholasaí i leith an Ghaeloideachais
- polasaí a fhorbairt i leith na Gaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil aníos go dtí an 3ú leibhéal
- breithniú a dhéanamh ar bhealaí leis an meath ó thaobh na gnóthachtála de sa Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile a aisiompú
- forbairt a dhéanamh ar an aistriú scileanna, rud atá lárnach i g*Curaclam Teanga na Bunscoile*
- a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge san áireamh in aon fhorbairt a bheadh beartaithe ó thaobh córais ríomhaire agus teicneolaíocht faisnéise de
- tacú le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach níos leithne i ngach réimse, go háirithe sna Gaelscoileanna agus sna scoileanna Gaeltachta.

### Nuatheangacha Iasachta

- fáilte roimh nuatheanga iasachta a theagasc óir baineann tairbhí leis d'fhoghlaimeoirí agus don tsochaí
- breithniú a dhéanamh ar na riachtanais ó thaobh saineolas múinteoirí sna scoileanna de
- cúrsa feasachta teanga a thabhairt isteach seachas an tríú teanga
- tacú le múnla inniúlachta teanga mar a dtabharfaí an nuatheanga iasachta isteach i gcéimeanna 3 agus 4
- solúbthacht agus rogha a sholáthar do scoileanna i dtaca le cén teanga ba mhaith leo a thabhairt isteach
- breithniú a dhéanamh ar thionchar na nuatheanga iasachta ar am teagaisc don Ghaeilge
- breithniú a dhéanamh ar cheist an ró-ualaithe curaclaim le tabhairt isteach nuatheanga iasachta.

### Topaicí eile

- béim a chur ar thábhacht na mbunscileanna sa pheannaireacht
- breithniú a dhéanamh ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur sa churaclam athfhorbartha
- an chaoi a dtacaíonn modheolaíochtaí FCÁT le forbairt teanga agus leis an ró-ualú curaclaim a léiriú
- naisc a dhéanamh idir Curaclam Teanga na Bunscoile agus forbairtí nua curaclaim
- teanga a aithint mar rud lárnach sa churaclam mar aon le tábhacht na scileanna litearthachta ar fud an churaclaim.

## 4.4.4 Éiteas

Rinneadh sé aighneacht déag a chatagóiriú faoi 'éiteas' san anailís. Cé gur phléigh cuid acu seo le héiteas nó sainspiorad scoile, ar bhonn leathan, dhírigh go leor acu go sonrach ar ról na bpatrún, na bhforas bainistíochta, na mbord bainistíochta agus ról chlár an phatrúin. Tá na ceisteanna seo a leanas, ar gá breithniú orthu agus curaclam na bunscoile á athfhorbairt, tar éis eascairt as an anailís ar na haighneachtaí seo:

- tacú le scoileanna mar spásanna cothaithe inar féidir le páistí fás agus lánacmhainneacht a bhaint amach
- ról na bpatrún, na bhforas bainistíochta agus na mbord bainistíochta mar atá sonraithe faoin Acht Oideachais (1998) a aithint
- tuiscint antraipeolaíoch ar an duine a sholáthar, d'fhonn na diminsin spioradálta, morálta agus reiligiúnacha den pháiste a chuimsiú
- tacú leis an oideachas i luachanna agus i bhfolláine dhaonna

- tacú le spiorad saintréitheach na scoileanna sainchreidmheacha
- 30 nóiméad d'am teagaisc a chur ar fáil ar bhonn laethúil le haghaidh chlár an phatrúin
- laghdú a dhéanamh ar chlár an phatrúin de bhreis ar an 2 uair an chloig sa tseachtain atá molta
- ceart an tuismitheora an páiste a aistarraingt as aon teagasc a bheadh contrártha lena choinsias féin a aithint
- tacú leis an bhfolláine mar chuid d'éiteas na scoile.

### 4.4.5 Sainiúil d'ábhar faoi leith

Cuireadh síos do chúig aighneacht is seasca gur bhain siad le nithe a bhí 'sainiúil d'ábhar faoi leith'. Phléigh go leor de na haighneachtaí seo le ceisteanna mionsonracha a éiríonn ábhartha de réir mar a dhéantar sonraíochtaí a fhorbairt do gach réimse curaclaim agus, dá réir, déanfar pointe tagartha tábhachtach díobh de réir mar a rachaidh forbairtí chun cinn sna blianta atá romhainn. Is díol suntais é gur cuireadh fáilte, ar an mórgóir, roimh na moltaí i dtromlach mór na n-aighneachtaí cé gur díríodh aird freisin ar cheisteanna ar gá breithniú orthu agus an curaclam á athbhreithniú. Ar chuid de na ceisteanna seo, tá:

#### Teanga

- réasúnaíocht shoiléir a sholáthar le haghaidh thabhairt isteach na nuatheangacha iasachta agus mar a chuirfear i bhfeidhm iad ag leibhéal scoile
- tabhairt faoi mhuinín agus inniúlacht an mhúinteora sa teagasc teanga, go háirithe nuatheangacha iasachta
- tacú leis an nGaeilge de réir mar a thabharfar teangacha nua isteach sa seomra ranga bunscoile
- tacú le cuir chuige éifeachtacha i leith na scríbhneoireachta cruthaithí.

#### Matamaitic, Eolaíocht agus Teicneolaíocht

- tacú le teagasc agus foghlaim fhadhb-bhunaithe mhatamaiticiúil
- réasúnaíocht shoiléir a thabhairt i dtaca le comhdhéanamh an réimse curaclaim Matamaitic, Eolaíocht agus Teicneolaíocht
- oideachas bia san Eolaíocht a fheabhsú
- an caidreamh idir Eolaíocht agus Teicneolaíocht a chur i bhfriotal
- níos mó ama a chur ar fáil don Oideachas Eolaíochta
- breithniú a dhéanamh ar níos mó infheictheachta don bhainistiú airgid laistigh den Mhatamaitic
- breithniú a dhéanamh ar an gcódú agus ar an smaointeoireacht ríomhaireachtúil
- díriú ar nádúr an fhiosraithe eolaíoch san Eolaíocht
- breithniú a dhéanamh ar an smaointeoireacht eolaíoch a chuimsiú sa phríomhinniúlacht 'A Bheith Matamaiticiúil'
- tacú leis an nasc idir an Mhatamaitic agus an Fhisic

#### Oideachas Ealaíon

- níos mó ama a chur ar fáil don Oideachas Ealaíon
- soláthar do réimse leathan d'eispéiris foghlama sna hEalaíona agus an cur in iúl agus an taibhiú lárnach

- tacú le hinfheictheacht an damhsa, agus am scoite ar fáil lena aghaidh, laistigh de na hEalaíona

## Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)

- tacú leis an bhfoghlaim shúgradh-bhunaithe agus leis an bhfoghlaim allamuigh san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil
- tacú le cuir chuige phraiticiúla fheidhmeacha i leith na Tíreolaíochta trí inniúlachtaí atá ábhartha don 21ú haois
- páistí a aithint mar shaoránaigh eolasacha chomhbhácha fhreagracha
- an fhoghlaim ó thionscnamh na Scoileanna Saoránachta Domhanda a léiriú
- na prionsabail den Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe a léiriú níos mó
- fócas ar an timpeallacht nádúrtha
- áit an Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) laistigh den OSI a chur i bhfriotal.
- ceart an tuismitheora an páiste a aistarraingt as aon teagasc a bheadh contrártha lena choinsias féin a aithint
- breithniú a dhéanamh ar gheografaíochtaí laethúla nó ar ‘eitneageografaíochtaí’ páistí mar chuid de churaclam athfhorbartha Tíreolaíochta
- breithniú a dhéanamh ar an staidéar muirí a chuimsiú laistigh de OSI.

## Folláine

- plé leis an alcólachas agus leis an andúil tríd an bhFolláine
- tacú le cuimsiú agus ilchineálacht
- tacú le luach an Chorpoideachais laistigh den Fholláine
- breithniú a dhéanamh ar ‘an tsláinte’ a chuimsiú sa rud a dtugtar Corpoideachas air go traidisiúnta
- breithniú a dhéanamh ar ‘luachanna’ a chuimsiú sa rud a dtugtar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte air go traidisiúnta
- breithniú a dhéanamh ar infheictheacht an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) laistigh den Fholláine
- tacú le forbairt na mbunscileanna luaile mar chuid den churaclam
- tacú le cur chuige uile-scoile mar aon le soláthar curaclaim don Fholláine
- tabhairt faoin gcibearbhulaíocht
- díriú isteach ar dhearcadh iomlánaíoch ar an bhfolláine, a théann laistiar den fholláine fhisiciúil
- tacú le cleachtais aireachais laistigh den Fholláine
- tuismitheoirí a aithint mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí mar aon le ceart an tuismitheora an páiste a aistarraingt as aon teagasc a bheadh contrártha lena choinsias féin
- an spioradáltacht a aithint laistigh den Fholláine.

## Eile

- tacú le tuiscint múinteoirí ar churaclaim torthaí foghlama agus lena n-úsáid
- nádúr an tsúgartha i luathbhlianta na bunscolaíochta a chur in iúl go soiléir agus mar a fhorbraíonn sé seo de réir mar a aistríonn páistí isteach sna ranganna níos sine

- an tionchar a bhíonn ag téacsleabhair a bhaineann go sonrach le hábhar faoi leith ar chur i bhfeidhm an churaclaim i seomraí ranga a mhaolú
- tacú leis an bhfoghlaim dhisciplíneach agus leis an bhfoghlaim chomhtháite i gCéimeanna 1 agus 2
- fócas ar an bhfoghlaim allamuigh sa timpeallacht nádúrtha
- díriú ar an gcruthaitheacht ar fud an churaclaim
- an chaoi a bhfuil an comhtháthú le tuiscint agus le réadú i gcuraclam athfhorbartha a chur i bhfriotal
- an tOideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe, athrú aeráide agus fuinneamh inbhuanaithe a leabú ar fud an churaclaim.

### 4.4.6 Sochaí shibhialta

Rinneadh naoi n-aighneacht déag a chatagóiriú faoi 'sochaí shibhialta' agus is daoine aonair agus grúpaí a rinne iad, lena n-áirítear scoileanna, eagraíochtaí oideachais, grúpaí abhcóideachta agus comhlachtaí reachtúla neamhspleácha. Tharraing na haighneachtaí seo aird ar roinnt topaicí ar gá breithniú orthu agus an curaclam á athfhorbairt, mar shampla:

- oideachas airgeadais agus litearthacht airgeadais a chuimsiú sna réimsí curaclaim iomchuí
- Oideachas Saoránachta Domhanda nó Oideachas um Fhorbairt a leabú ar fud an churaclaim
- breithniú a dhéanamh ar an Oideachas Saoránachta a chuimsiú mar phríomhinniúlacht bhreise uile-ghabhálach
- béim a leagan ar 'domhanda' agus 'pobal níos leithne' sa chreat d'fhonn feasacht a fhorbairt ar idirnascacht agus comhfhreagracht dá chéile agus don domhan.
- tagairt a chuimsiú don Eoraip agus don Aontas Eorpach sa chreat agus deiseanna a sholáthar d'fhonn ballraíocht na hÉireann san AE a fhiosrú
- béim a chur ar ról tábhachtach na dtimpeallachtaí agus na n-eispéireas foghlama nádúrtha agus allamuigh, lena n-áirítear timpeallachtaí coillearnaí agus muirí
- méadú ar an bhfócas ar an Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe agus tagairt shoiléir a dhéanamh don Oideachas Comhshaoil i gcéimeanna 3 agus 4
- gníomhú neamhspleách an pháiste a aithint laistigh den Fhís agus feasacht ar chearta páistí san oideachas agus tríd an oideachas a neartú
- an chaoi ar féidir, leis na Príomhinniúlachtaí, tacú le páistí croíluachanna chearta an duine a fhorbairt a chur i bhfriotal
- úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha mar uirlis thras-earnála chun teacht ar an gcuraclam agus páistí a chumhachtú le bheith ina saoránach gníomhach, a neartú.

Thagair roinnt aighneachtaí d'acmhainneacht na bpríomhinniúlachtaí i dtaca le bheith ag tacú le forbairt iomlánaíoch agus a thábhachtaí atá sé iad seo a leabú ar fud an Churaclaim. Mar shampla, tarraingíodh aird ar 'A bheith i do shaoránach gníomhach' mar gur measadh go raibh sé d'acmhainn aige an comhionannas, an tsaoránacht dhomhanda, cearta an duine a fhiosrú agus tacú le páistí a bheith ag maireachtáil go freagrach, go cóir agus ar shlí inbhuanaithe agus aird acu ar chearta daoine eile. Cuireadh síos do 'Ag foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir' go raibh sé mar thaca faoi bhraistint d'fhéiniúlacht foghlaimeora arbh é, dar le roinnt daoine, ba bhunchloch do gach príomhinniúlacht.

### 4.4.7 Ginearálta

As measc na n-aighneachtaí scríofa a fuarthas, rinneadh fiche aighneacht a chatagóiriú mar ‘ginearálta’. Cuireadh réimse de thopaicí chun cinn trí na haighneachtaí seo. Is ar an FGL agus ar thacaíocht do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i dtaca leis an gcuraclam athfhorbartha, go príomha a bhí an fócas. Tharraing na haighneachtaí seo aird ar roinnt topaicí ar gá breithniú orthu agus an curaclam á athfhorbairt, mar shampla:

- soiléire bhreise a sholáthar ar an gcaoi ar féidir ró-ualú curaclaim a laghdú, go háirithe agus réimsí úra foghlama á dtabhairt isteach
- tábhacht na n-aistrithe ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil a chur i bhfriotal níos soiléire
- forléargas córasach a sholáthar ar an gcuraclam athfhorbartha:
- infheictheacht na gcur chuige spraíúil i leith an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú
- inbhraiteacht ghuth an pháiste laistigh den chreat a fheabhsú
- ceannasaíocht a aithint níos mó agus í a chuimsiú mar phrionsabal de chuid an chreata seo
- an chaoi ar féidir tacú leis an bhfoghlaim le comhtháthú traschuraclaim a chur i bhfriotal níos soiléire
- foghlaim i dtaca leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus le sábháilteacht ar líne a sholáthar do pháistí
- leitheadúlacht na seomraí ranga ilghráid i mbunscoileanna a aithint agus treoir a sholáthar i dtaca le forfheidhmiú curaclaim sa chomhthéacs seo
- cothromaíocht a aimsiú idir tabhairt isteach na foghlama sa teicneolaíocht/inniúlacht dhigiteach agus scileanna traidisiúnta litearthachta
- tuiscint agus feasacht spásúil a chuimsiú sa churaclam
- an caidreamh idir *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus an *Curaclam Bunscoile Athfhorbartha* a shoiléiriú.
- cothromaíocht a aimsiú idir neamhspleáchas an mhúinteora agus tosaíochtaí agus prótacail náisiúnta chun an éagothroime agus an riosca féideartha go n-ísleofaí caighdeáin oideachasúla a mhaolú
- aitheantas a thabhairt don athrú a bhfuil gá leis ar fud an chórais chun tacú le gníomhú neamhspleách an mhúinteora i gcóras a dhírigh go traidisiúnta ar rialú aschuir
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
    - am agus spás leorga a chur ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile chun dul i ngleic le hathrú ar an scála seo
    - bunús na FGL don athrú curaclaim seo a chur ar fáil roimh ré, sula dtugtar isteach an curaclam – fócas ar fhís, ar phrionsabail agus ar chuir chuige oideolaíochta an churaclaim
    - struchtúir córais a chur ar fáil a éascóidh comhoibriú, comhráite gairmiúla, pleanáil, machnamh agus foghlaim ghairmiúil leanúnach
    - tacaíocht a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs a chur ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile ar bhonn marthanach
    - ábhair thacaíochta agus treoir a sholáthar ar chroí-ghnéithe den churaclam
    - ionchais réadúla a leagan síos le haghaidh taithíocht, fiosrú/tástáil, leabú agus athbhreithniú curaclaim
    - FGL suntasach ábhar-bhunaithe a chur ar fáil chun tacú le heolas oideolaíochta inneachair múinteoirí
    - FGL a chur ar fáil a léiríonn prionsabail a bhaineann le gníomhú neamhspleách agus úinéireacht múinteoirí

## 4.5 Conclúid

Fuarthas aighneachtaí ó líon ard eagraíochtaí agus daoine aonair agus phléigh na haighneachtaí seo le réimse leathan ilchineálach de cheisteanna. Thug an phróifíl seo tuiscint ar an ilchineálacht sin agus mhínigh mar a rinneadh na haighneachtaí a bhainistiú mar ullmhúchán le haghaidh foilsithe. Ós rud é gur phléigh go leor de na haighneachtaí le ceisteanna a bhaineann go díreach le forbairt na sonraíochta agus/nó cur i bhfeidhm an churaclaim, is foinse eolais a bheidh iontu i gcónaí le haghaidh obair na Comhairle sna blianta atá romhainn. Táthar tar éis an chuid is mó de na haighneachtaí seo a fhoilsiú anois ar an suíomh gréasáin a bheidh in éineacht leis an tuarascáil chomhairliúcháin seo.

# Cuid 5: Comhairliúchán le Páistí: Achoimre Fheidhmeach

## 5.1 Réamhrá:

I mí an Mhárta, 2020, d'éirigh le hInstitiúid Oideachais Marino leis an tairiscint a chuir siad isteach ar chonradh le haghaidh tionscadal taighde, arna choimisiúnú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, chun dul i gcomhairle le páistí i dtaca lena mbarúlacha ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Léiríonn sé seo fócas polasaí san oideachas ar ghuth an pháiste mar a sonraíodh i d*Tuarascáil an Phríomh-Chigire*, 2016-2020. Is é a luadh ansin ná "Athrú suntasach i dtaca le forbairt beartais oideachasúil ná cuimsiú gníomhach ghuth na scoláirí maidir le ceapadh beartas." (An Roinn Oideachais, 2022, lch 49).

Is é an comhthéacs a bhí taobh thiar den chomhairliúchán ná athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile, rud ar eascair forbairt an churaclaim nua bunscoile as. I mí Feabhra 2020, foilsíodh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Sainaithníodh sé phríomhtheachtaireacht mar bhonn agus mar thaca faoin dréachtchreat nua agus threoraigh na sé phríomhtheachtaireacht sin na ceisteanna a cuireadh ar na páistí. Áirítear orthu na nithe seo a leanas:

1. Tacú le neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna
2. Naisc a fhorbairt idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna
3. An chaoi a gcuirtear an curaclam i láthair agus an struchtúr atá leis a athrú
4. Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste
5. Ag tacú le réimse de chuir chuige agus straitéisí oideolaíochta, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama
6. Tógáil ar láidreachtaí churaclam 1999 agus a bheith ag freagairt do na dúshláin a eascraíonn as.

Chuathas i gcomhairle le páistí as suíomhanna réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus as an gcéad bhliain den iar-bhunscolaíocht i dtaca leis na nithe a thaitin leo, nár thaitin leo agus na nithe a d'athróidís faoin bhfoghlaim ar scoil. I measc na gceisteanna eile a cuireadh orthu, fiafraíodh de pháistí faoi bhealaí le bheith ag foghlaim a thaitin leo, faoi cé acu a bhraith siad go raibh nó nach raibh neamhspleáchas acu nó cé acu a tugadh nó nár tugadh roghanna dóibh ar scoil agus faoi na tosaíochtaí a bhí acu ó thaobh na foghlama de san 21ú haois. Thiomsaigh múinteoirí sna scoileanna na sonraí agus chuir ar ais taifeadtaí fuaime, líníochtaí agus leathanaigh oibre chuig an bhfoireann taighde. Chuir gach aon rannpháirtí comhairliúcháin ceistneoir ar líne ar ais ar líne. Cuireadh oiliúint ar líne agus tacaíocht leanúnach ar fáil do mhúinteoirí chun go mbeidís in ann dul i ngleic leis an tionscadal taighde.

## 5.2 Modheolaíocht

Chuimsigh an sampla dhá shuíomh oideachais déag lenar áiríodh dhá réamhscoil, ocht mbunscoil agus dhá iar-bhunscoil. Ghin an sampla seo méid suntasach sonraí. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil méid an tsampla seo measartha beag agus cé go raibh ionadaíocht ag go leor cineálacha scoile (m.sh. uirbeach, tuaithe, ingearach, Béarla, Gaelscoileanna, Gaeltachta, DEIS), d'fhéadfadh sé nach mbeadh ann ach sampla amháin d'aon chineál scoile faoi leith. Ní mór a bheith cúramach, mar sin de, i dtaca leis na torthaí a ghinearálú.

Mar bhonn eolais faoin gcur chuige modheolaíoch, bhí Teoiricí Foghlama Rannpháirtí, mar a gcuirtear an páiste ag croí an phróisis taighde. Baineadh feidhm freisin as cur chuige mósáiceach taighde Clark agus Moss (2011), mar a gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé a bheith ag éisteacht le guth an pháiste agus taighde a bheadh oiriúnach do pháistí a úsáid.
Rinne an fhoireann taighde imscrúdú mionsonrach ar na sé theachtaireacht agus ansin, cheap sraith ceisteanna le cur ar na páistí bunaithe ar gach príomhtheachtaireacht. I réamhscoileanna agus sa taobh sóisearach de bhunscoileanna (na Naíonáin Sóisir go dtí Rang a Dó), d'fhreagair páistí do cheisteanna ó bhéal in agallaimh a ndearnadh taifeadadh fuaime orthu agus trí líníochtaí agus bileoga oibre. Baineadh feidhm as ceistneoirí sa taobh sinsearach de bhunscoileanna (Rang a Trí go Rang a Sé) agus sa chéad bhliain den iar-bhunscoil. Ba iad múinteoirí na bpáistí a rinne na sonraí a thiomsú agus a chur chuig an bhfoireann taighde, trí chainéil réamhshocraithe, le haghaidh anailísithe.

## 5.3 Croí-Thorthaí

### 5.3.1 Tacú le neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna.

Is ionann an súgradh, an ghluaiseacht fhisiceach, na hEalaíona agus an teicneolaíocht agus réimsí den churaclam mar arb iondúil go bhfaigheann páistí taithí den ghníomhú neamhspleách agus cur chuige solúbtha nó turgnamhach i leith na foghlama. Is réimsí foghlama iad freisin a gcuireann páistí síos dóibh go bhfuil dúil ach iontu agus is féidir, mar sin de, go mbeadh an gníomhú neamhspleách agus an tsolúbthacht ar na tosca a chuireann leis an taitneamh a bhaineann páistí as an bhfoghlaim. Ar bhealaí, is cosúil go bhfuil an tuiscint a bhaineann na páistí bunscoile as rogha measartha cúng; labhair siad ar roghanna a bheith acu i dtaca le leabhar a roghnú lena léamh nó an saghas pictiúir a tharraingeoidís a roghnú ach níor bhreithnigh siad ar rogha ar an mórchóir. Léirigh páistí réamhscoile go raibh rogha acu agus iad ag socrú ar na nithe a mbeidís ag súgradh leo lá an staidéir.  Bhraith páistí sna ranganna sinsearacha bunscoile agus sa chéad bhliain den iar-bhunscoil easpa de ghníomhú neamhspleách ó thaobh a gcuid scolaíochta de. Chreid 92% de scoláirí sinsearacha bunscoile gurbh é nó í an múinteoir an príomhchinnteoir. Agus iad ag machnamh ar a n-eispéireas den bhunscoil, leag páistí iar-bhunscoile béim ar an 'spraoi' a bhí acu agus ar na cairde iontacha ach chuir in iúl go raibh an bhunscoil righin agus gur fearr leo an tsaoirse a bhíonn acu ag an dara leibhéal.

### 5.3.2 Naisc a thógáil idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna

D'aontaigh go leor páistí óga go ndearna siad gníomhaíochtaí comhchosúla sa réamhscoil agus sa bhunscoil amhail súgradh agus ealaín. Is é an bhraistint a bhí ann den réamhscoil go mbíonn níos mó de shónna an bhaile le fáil ann amhail an deis néal beag codlata a dhéanamh agus rochtain ar bhia. Chuimhnigh bunús na bpáistí ar an 'scoil mhór' a phlé agus iad sa réamhscoil agus a bheith ag caint ar nithe amhail obair bhaile, súgradh, cairde agus múinteoirí nua. Bhraith siad freisin go mb'fhéidir go mbeadh an obair ní ba dheacra. Thug líníochtaí na bpáistí le tuiscint go bhféadfadh sé go mbeadh páistí ní ba theoranta dá gcathaoir féin sa bhunscoil ná mar a bheidís sa réamhscoil. Labhair páistí sna hiar-bhunscoileanna i gcónaí, agus iad ag meabhrú ar a n-eispéireas den bhunscoil, ar an gcairdeas a bhí acu, ar an súgradh, ar am sosa agus ar pheil a imirt le cairde. Rinne roinnt páistí tagairt freisin don ualach oibre níos éadroime sa bhunscoil ach bhí sé de ghearán ag daoine eile go mbíodh an iomarca obair baile sa bhunscoil agus gur fhág an t-ualach oibre go raibh sé deacair acu an t-am a fháil le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí seach-churaclaim.

### 5.3.3 Ag athrú an bealach ina gcuirtear an curaclam i láthair agus an struchtúr atá leis

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi struchtúr an lae scoile, labhair páistí ar am sosa níos faide a bheith ann, níos mó ama don súgradh, níos mó turas allamuigh agus d'iarr siad ábhair amhail an Corpoideachas agus an Drámaíocht a bheith ann ar bhonn níos rialta. D'iarr páistí sinsearacha bunscoile go mbeadh níos mó gníomhaíochtaí ann, go mór mór mar a d'iarr a gcomhghleacaithe sóisearacha. Ba chosúil gur thaitin an éagsúlacht d'ábhair a bhíonn ar fáil acu mar aon le múinteoirí difriúla a bheith acu d'ábhair dhifriúla le páistí iar-bhunscoile. Is é an bhraistint fhoriomlán a fuarthas ó pháistí iar-bhunscoile, agus iad ag meabhrú ar struchtúr an churaclaim bunscoile, gurbh fhearr leo níos mó neamhspleáchais a bheith acu sa bhunscoil. Nuair a cuireadh ceist orthu faoin gcaoi ar fhoghlaim siad sa bhunscoil, mar shampla, ar na freagairtí ba choitianta, bhí, trí bheith ag éisteacht (323 freagairt), trí cheisteanna a chur (304 freagairt), agus trí bheith ag breathnú (295 freagairt). Bhí 'foghlaim trí rudaí a dhéanamh' ar an gcéad fhreagairt eile ba mhinice a cuireadh in iúl, agus 257 freagairt ann.

### 5.3.4 Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim an pháiste

Bhí tosaíochtaí na bpáistí ó thaobh na foghlama de ag teacht le buarthaí sochaíocha, mar atá, a bheith ag foghlaim faoi ghnéithe éagsúla den ilchineálacht agus den chuimsiú mar aon le caidrimh teaghlaigh agus le piaraí, sláinte, folláine agus athrú aeráide. Léirigh na sonraí roinnt difríochtaí idir rudaí a dtaitníonn sé le páistí a bheith ag foghlaim fúthu agus rudaí ar mheas siad tábhacht a bheith ag baint leo. Mar shampla, léiríonn na sonraí go dtaitníonn an súgradh le beagnach gach uile pháiste óg; ach mheas an ceathrú cuid de pháistí óga, nach mór, nach raibh an súgradh tábhachtach. Chuir páistí ag barr na bunscoile síos don Mhatamaitic gurbh í an t-ábhar foghlama is tábhachtaí sa bhunscoil, agus an Béarla sa dara háit, ansin Stair agus ansin Sláinte agus Folláine. Measann páistí iar-bhunscoile gurb í an Mhatamaitic, go mór fada, an t-ábhar is tábhachtaí a theagasctar sa bhunscoil (109 freagairt). Measadh gurb é an Béarla an chéad ábhar eile is tábhachtaí (43 freagairt), agus ansin an spórt (36 freagairt) agus ansin an Ghaeilge (26 freagairt). Bhí ceangal idir meon dearfach i leith na Gaeilge agus teagmháil páistí leis an nGaeilge. Thaitin an Ghaeilge le hiomlán na bpáistí i nGaelscoileanna ach níor thaitin le go leor páistí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

### 5.3.5 Tacú le réimse de chuir chuige agus straitéisí oideolaíochta, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama

Léirigh páistí roghnachas láidir i leith na foghlama trí chuir chuige ghníomhaíocht-bhunaithe agus shóisialta. Is maith le páistí óga a bheith ag súgradh, ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí agus a bheith ag obair in éineacht lena múinteoir. Bhí dúil mhór ag na naíonáin shóisearacha sa súgradh (89%), cuidiú a iarraidh ar an múinteoir (81%) agus a bheith ag breathnú ar scannán chun rudaí a fhoghlaim (78%). Ba chosúil na naíonáin shinsearacha a bheith ag claonadh ar shiúl ón spleáchas ar an múinteoir agus gan ach 57% de pháistí ag rá gur thaitin sé leo cuidiú a iarraidh ar an múinteoir. Dúirt 81% de na naíonáin shinsearacha gur thaitin sé leo a bheith ag foghlaim trí theicneolaíocht a úsáid. Is díol suntais a bhí sa toradh nach dtaitníonn an piarmheasúnú agus an féinmheasúnú le páistí óga, réimse ar gá é a fhiosrú a thuilleadh. Léirigh páistí ó bharr na bunscoile agus ón gcéad bhliain den iar-bhunscoil freisin gur fearr leo foghlaim phraiticiúil ghníomhaíocht-bhunaithe ach nuair a cuireadh ceist orthu cén chaoi ar fhoghlaim siad sa bhunscoil, bhain an líon is airde de na freagairtí le bheith ag éisteacht, ceisteanna a chur agus caint/plé.

### 5.3.6 Tógáil ar láidreachtaí churaclam 1999 agus a bheith ag freagairt do na dúshláin a eascraíonn as.

Ba chosúil braistint láidir a bheith ag na páistí go bhfuil tosaíochtaí difriúla ag baint le saol an 21ú haois ná mar a bhí leis na glúnta d'fhoghlaimeoirí a chuaigh rompu. Luaigh siad an gá atá le níos mó eolais a bheith ag daoine ar chultúir eile, ar an teicneolaíocht, ar theangacha, ar an Eolaíocht agus ar an timpeallacht. Ba dhíol spéise é nár iarr páistí níos sine go mbeadh níos mó teagmhála acu leis an teicneolaíocht nó dar leo go mbíonn méid maith teagmhála acu leis an teicneolaíocht lasmuigh den scoil. Is léir gur gá gach gné shóisialta den fhoghlaim sa churaclam a chaomhnú agus gur gá leanúint de bheith ag cothú deiseanna i dtaca le caidrimh a fhorbairt. Is ar chairdeas agus am súgartha is mó a bhíonn aird na bpáistí, idir óg agus níos sine.

## 5.4 Impleachtaí na dtorthaí

Tá tuairimí na bpáistí sa tuarascáil breá soiléir. Tarraingíonn siad ár n-aird ar roinnt ceisteanna agus iarrann orainn breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas –

- Níos mó gníomhú neamhspleách do pháistí sa seomra ranga
- Méadú ar úsáid na straitéisí le haghaidh foghlaim ghníomhach agus cuir chuige ar bhonn fiosraithe
- Níos mó ama a chur ar fáil don Oideachas Ealaíon, agus do ghníomhaíochtaí Corpoideachais/spóirt
- Fócas ar cheisteanna a bhaineann leis an ilchineálacht, cultúir eile, teangacha eile, an timpeallacht agus an fholláine
- Breithniú ar an ról atá ag obair bhaile
- Breithniú ar bhealaí le níos mó úsáide a bhaint as an timpeallacht allamuigh le haghaidh foghlama agus soláthar acmhainní don súgradh allamuigh
- Níos mó turas scoile allamuigh
- Fócas ar an gcaoi a múintear an Ghaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla
- Athbhreithniú ar chuir chuige i leith theagasc na peannaireachta
- Níos mó airde ar an mbealach a mbaintear úsáid as teicneolaíochtaí cruthaitheacha sa seomra ranga chun críche foghlama
- Níos mó ama do pháistí lena lón a ithe agus le bheith ag súgradh ar scoil

# Cuid 6: Conclúid

Rinneadh gach aon iarracht, leis an gcomhairliúchán ar na moltaí i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (CNCM 2020), a chinntiú gur tugadh deis d'aon duine a bhí ag iarraidh cur leis an gcomhairliúchán, é sin a dhéanamh. Tá léiriú soiléir sna príomhthorthaí, atá leagtha amach thuas, ar an leibhéal spéise mar aon leis an éagsúlacht de thuairimí atá ag an tsochaí i leith an oideachais bunscoile. Is ionann an fháilte leathan atá curtha roimh fhorbairtí curaclaim le 20 bliain anuas ó tugadh isteach curaclam 1999, agus aitheantas go bhfuil sochaí na hÉireann tar éis athrú agus go bhfuil sé tráthúil *Curaclam na Bunscoile* a nuashonrú, a fheabhsú agus a athfhorbairt.

Bíonn srianta ag baint le gach cur chuige comhairliúcháin agus taighde, go háirithe nuair a bhítear i mbun comhairliúcháin ar bhonn leathan agus an iliomad de chohóirt ilchineálacha de dhaoine i gceist. Sa chomhthéacs seo, ní mór glacadh leis na torthaí a bhfuil cuntas orthu sa tuarascáil seo i gcomhthéacs na bpróiseas agus na struchtúr forbartha eile atá ag CNCM, a bhaineann le:

- Rannpháirtíocht sa taighde
- Líonraí
- Breithniú.

As measc fhormáidí uile an chomhairliúcháin, is féidir comhaontú atá ag teacht chun cinn i dtaca le 'treo' na bhforbairtí ag leibhéal na bunscolaíochta a shainaithint. Is léir ón aiseolas ó fhreagróirí go bhfuil glacadh ginearálta leis an bhfís atá beartaithe, leis na prionsabail, leis na príomhinniúlachtaí, leis na ráitis ar an oideolaíocht agus ar an measúnú, agus le nádúr ionchuimsitheach na moltaí. Tá roinnt ceisteanna tar éis teacht chun tosaigh freisin ar gá aird a thabhairt orthu agus an athfhorbairt ar an g*Curaclam Bunscoile* ag dul chun cinn. Tá macallaí i gcuid acu seo de shaincheisteanna oideachasúla a thagann chun cinn arís nuair a bhíonn mór-athfhorbairt curaclaim sa siúl, cé go bhfuil baint níos dírí ag cuid eile leis na moltaí atáthar tar éis a chur chun tosaigh le haghaidh comhairliúcháin. Tá forléargas ar na torthaí de réir na bpríomhtheachtaireachtaí le haghaidh *Curaclam Bunscoile* athfhorbartha leagtha amach thíos.

## 6.1 Príomhtheachtaireacht 1

Dearadh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* le tógáil ar rath agus ar láidreachtaí churaclam 1999 ar nós an sult a bhaineann an páiste as an bhfoghlaim agus an úsáid mhéadaithe a bhaineann na múinteoirí as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí. Ag an am céanna, tugtar freagra sa dhréachtchreat ar na príomhdhúshláin a d'aithin scoileanna ar nós ró-ualach an churaclaim agus an measúnú a úsáid ar bhealach bríoch chun bonn eolais a chur faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim.

### Achoimre ar na torthaí

Léiríonn na torthaí go bhfuil comhaontú ann go bhfuil sé d'acmhainn ag gnéithe den dréachtchreat an ró-ualú curaclaim a laghdú, ach tháinig imní chun cinn freisin go bhfuil baol ann go gcuirfí leis. Measadh Torthaí Foghlama, réimsí curaclaim agus leithdháileadh solúbtha ama a bheith dearfach i dtaca leis seo, ach tá buaireamh ag baint leis an gcaoi a gcuirfear na struchtúir nua i bhfeidhm. Mar shampla, díríodh aird shuntasach ar nuatheanga iasachta a thabhairt isteach, rud ar cuireadh fáilte roimhe mar gur léiriú é ar an tsochaí ilchineálach atá againn agus go dtacaíonn sé le

haistrithe páistí; ach phléigh go leor den aird seo freisin leis na himpleachtaí a thiocfadh lena chur i bhfeidhm ó thaobh an ró-ualaithe curaclaim de. Bhí comhaontú ann go bhfuil na páistí ag croí an dréachtchreata agus bhí comhaontú an-leathan ann i dtaca le moltaí an dréachtchreata i leith na hoideolaíochta, agus fócas suntasach ar thábhacht an tsúgartha do na páistí go léir, seachas é a bheith teoranta do ranganna na naíonán. Cuireadh fáilte fhorleathan roimh mholtaí an dréachtchreata i dtaobh an measúnaithe.

## 6.2 Príomhtheachtaireacht 2

Moltar i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* athrú a dhéanamh ar an gcaoi a leagtar an curaclam amach trí bhogadh ó ábhair sna chéad cheithre bliana den bhunscoil go dtí réimsí curaclaim leathana a thacaíonn le cur chuige comhtháite maidir leis an teagasc agus foghlaim. Dhéanfaí na réimsí sin a roinnt ina n-ábhair ó rang a trí ar aghaidh chun léiriú a thabhairt ar fheasacht mhéadaithe an pháiste ar ábhair mar bhealach chun a chuid foghlama a eagrú.

### Achoimre ar na torthaí

Cé go raibh méid suntasach tuairimíochta ann i dtaobh chumraíocht na n-ábhar laistigh de réimsí curaclaim, bhí tacaíocht chomhsheasmhach fhorleathan ann do réimsí curaclaim comhtháite do Chéimeanna 1 agus 2, a d'fhorbródh ina n-ábhair le haghaidh Céimeanna 3 agus 4. I dtaca le bheith ag tacú le haistrithe páistí agus d'fhonn an comhleanúnachas a chur chun cinn, moladh go forleathan go dtabharfaí aird faoi leith san fhorbairt sonraíochta ar an aistriú idir Céim 2 agus 3 le cinntiú nach gcruthófaí briseadh i gcomhleanúnachas eispéiris foghlama na bpáistí. Gné shuntasach den aiseolas ar an bpríomhtheachtaireacht seo ab ea topaic an chomhtháthaithe, agus an cothromaíocht idir cuir chuige comhtháthaithe agus an t-eolas disciplíneach ina croí-ábhar díospóireachta. Arís eile, beidh tionchar ag na ceisteanna seo ar an bhforbairt sonraíochta agus ar na struchtúir agus na meicníochtaí trína gcuirfear an comhtháthú laistigh de agus ar fud an churaclaim chun cinn.

## 6.3 Príomhtheachtaireacht 3

Déantar moltaí i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla, agus an measúnú i gcroílár an teagaisc agus na foghlama. Cuirtear béim sa dréachtchreat ar an tábhacht atá le comhtháthú an churaclaim, ar chleachtas ionchuimsitheach, ar fhoghlaim bunaithe ar fhiosrúchán agus ar oideolaíocht spraíúil. Cuirtear an measúnú i láthair mar chuid lárnach de chleachtas laethúil an mhúinteora.

### Achoimre ar na torthaí

Seo réimse amháin de na torthaí inarbh fhéidir an comhaontú a shainaithint go han-éasca, agus bhain sé sin le hoiriúnacht an tsúgartha agus n-oideolaíochtaí spraíúla le haghaidh ranganna sóisearacha. Snáithe ar leith sna sonraí is ea an dearcadh an-fhorleathan gur cheart leanúint dá leithéid d'oideolaíochtaí isteach i gCéimeanna 3 agus 4. Bhí comhaontú ann i dtaca le tábhacht an chomhtháthaithe mar ghné den oideolaíocht agus iarmhairtí ann i dtaca le laghdú ar ró-ualú curaclaim agus aitheantas gurb é an chaoi a ndéantar an comhtháthú a bhunú laistigh de na sonraíochtaí an phríomhshlat tomhais ó thaobh na rathúlachta de. Arís eile, cuireadh fáilte ar

bhonn forleathan roimh mholadh an dréachtchreata ar an measúnú, arbh é ba chomhthéacs dó, buarthaí faoin FGL agus ardréim na tástála caighdeánaithe.

## 6.4 Príomhtheachtaireacht 4

Leagtar amach i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* teachtaireachtaí tábhachtacha maidir le naisc idir curaclaim agus aistrithe idir an baile, an réamhscoil agus an iar-bhunscoil trí fhís a chur ar fáil le haghaidh fhoghlaim an pháiste le linn ocht mbliana na bunscoile a nascann leis na heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí *Aistear* agus a nascann an fhoghlaim sa *Chreat don tSraith Shóisearach.*

### Achoimre ar na torthaí

Léiríonn na torthaí feasacht fhorleathan ar thábhacht na n-aistrithe oideachasúla do pháistí agus iad ag dul chun cinn ón oideachas luath-óige tríd an mbunscoil agus isteach san iar-bhunscoil. Glactar leis an ailíniú agus leis an gcomhtháthú curaclaim mar thoisc ríthábhachtach a chuireann le haistrithe dearfacha, agus measadh go bhfeabhsaíonn an dréachtchreat an t-ailíniú sin. Tugann na torthaí le tuiscint, áfach, gur gá ráitis a bhaineann leis an nascacht idir *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* agus *Creatchuraclam na Luath-Óige* a bheith i bhfad níos follasaí. B'iondúil fócas an aiseolais ar an aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil a bheith dírithe ar an ngá atá le níos mó cumarsáide idir na hearnálacha seachas aon athruithe a bheadh ag teastáil ó thaobh an dréachtchreata de.

## 6.5 Príomhtheachtaireacht 5

Déantar teachtaireachtaí tábhachtacha a bhaineann le tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn le haghaidh fhoghlaim an pháiste, cuir i gcás, na príomhinniúlachtaí, agus tá béim ar leith ar scileanna, eolas, meonta, luachanna agus dearcthaí an pháiste a leagadh amach i *nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Moltar freisin sa dréachtchreat go gcuirfí béim níos mó ar roinnt réimsí atá cheana féin, cuir i gcás, corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus an fhoghlaim dhigiteach, agus ar ghnéithe nua freisin amhail Nuatheangacha Iasachta, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic, agus Oideachas Ealaíon ní ba leithne.

### Achoimre ar na torthaí

Go hachomair, glacadh go han-mhaith leis na seacht bpríomhinniúlacht. Bhí moltaí ann i dtaca leis na teidil a bhí ar chuid de na príomhinniúlachtaí, ceisteanna faoin gcaoi a nascfaí iad le torthaí foghlama thar réimsí agus ábhair churaclaim, díospóireacht maidir le cé acu a réiteoidís nó a chuirfidís leis an ró-ualú curaclaim ach ar an iomlán, spreag siad freagairtí dearfacha den chuid is mó. Tháinig aiseolas láidir isteach maidir le háit an oideachais reiligiúnaigh, luachanna, ORC agus Eitic, clár an phatrúin agus éiteas sa churaclam. Phléigh snáithe suntasach sna sonraí a bhain leis na moltaí sa dréachtchreat leis an leithdháileadh ama le haghaidh chlár an phatrúin, agus moltaí ann gur cheart é a athchoigeartú d'fhonn níos mó ama a chur ar fáil do réimsí curaclaim. Bhí dlúthcheangal idir seo agus buarthaí maidir le tacaíochtaí do pháistí agus teaghlaigh nach dtugann faoin oideachas reiligiúin agus/nó clár an Phatrúin. Mar a luadh roimhe seo, cuireadh fáilte roimh an moladh nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach ach spreagadh plé suntasach maidir leis an gcaoi a gcuirfí i bhfeidhm é. Tháinig ceisteanna aníos maidir leis na fáthanna nach bhfuil an

nuatheanga iasachta á tabhairt isteach go dtí Céim 3, ós rud é go bhfuil go leor páistí sna ranganna sóisearacha ilteangach cheana féin ar theacht isteach sa scoil dóibh, i bhfianaise na hilchineálachta teanga sa daonra scoile.

## 6.6 Príomhtheachtaireacht 6

Leagtar amach teachtaireachtaí tábhachtacha i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht i scoileanna, mar shampla neamhspleáchas na múinteoirí agus na bpríomhoidí, agus gairmiúlacht chun an curaclam a chur i bhfeidhm de réir a gcomhthéacs scoile aonair agus níos mó solúbthachta a thabhairt do scoileanna ó thaobh pleanála agus socrú amchláir de. Ceapadh an dréachtchreat le freastal ar gach páiste, agus dearadh na moltaí maidir le neamhspleáchas agus solúbthacht chun deiseanna níos fearr a chur ar fáil don pháiste maidir le solúbthacht agus rogha ina fhoghlaim.

### Achoimre ar na torthaí

Tá na sonraí a bhaineann le gníomhú neamhspleách agus solúbthacht casta. Toradh soiléir amháin ná go bhfuil níos mó soiléire de dhíth i dtaca le coincheap agus forfheidhmiú ghníomhú neamhspleách an pháiste maidir le, mar shampla, cothromaíocht idir gníomhú an pháiste agus ról an mhúinteora i gcuir chuige oideolaíochta amhail foghlaim ar bhonn fiosraithe agus súgradh páiste-stiúrtha. Bhí comhaontú iomlán ann i dtaca leis an gcoincheap, curaclam do gach aon pháiste, ach is é an comhthéacs a bhí taobh thiar de sin ná buaireamh a bhain le hionchuimsiú na bpáistí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu. Rinneadh go leor tagairtí don Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim sa chomhthéacs seo.

Chuir gairmithe fáilte ar bhonn forleathan roimh choincheap an mhúinteora ghníomhaíoch agus thug na torthaí le fios gur chreid ceannairí scoile go n-aithníonn agus go gcuireann an dréachtchreat lena ngairmiúlacht. Ní mór a lua, áfach, go dtugann na torthaí le tuiscint freisin go raibh easpa d’iontaoibh ann go gcruthódh an córas oideachais na cúinsí faoina mbeadh an spás ag múinteoirí agus ceannairí scoile chun an gníomhú neamhspleách seo a chur i bhfeidhm.

Cé gur cuireadh fáilte shoiléir roimh na moltaí go dtabharfaí níos mó solúbthachta do mhúinteoirí, ceannairí scoile agus scoileanna, bheadh sé cothrom a rá go raibh snáithe míshuaimhnis le sonrú i dtaca leis an mbaol féideartha go mbeadh tionchar díobhálach ag an gcinnteoireacht áitiúil ar ‘chaighdeáin’ agus ar an taithí a gheobhadh páistí ar churaclam leathan cothrom. Bhain sé seo go háirithe leis an bhféidearthacht go bhfágfaí an Ghaeilge in áit na leathphingine agus leis an gcaoi a raibh an díospóireacht dírithe ar na moltaí i dtaca le leithdháileadh ama, lenar áiríodh am solúbtha. Níor tháinig aon chomhaontú chun cinn i dtaca leis an rogha ab fhearr de na trí rogha sa dréachtchreat a bhain le leithdháileadh ama.

Ar an iomlán, d’fhéadfaí na torthaí i dtaca le gníomhú neamhspleách agus solúbthacht a choimriú mar fháilte roimh na deiseanna atá samhlaithe agus beagán amhrais i dtaca leis an gcaoi a n-éascóidh an córas a mbaint amach.

# Tagairtí

Braun, V. agus Clarke, V. (2006) 'Using thematic analysis in psychology'. *Qualitative Research in Psychology*, 3, lgh 77 – 101.

Chenail, R. J. (2011) 'Interviewing the investigator: Strategies for addressing instrumentation and researcher bias concerns in qualitative research'. *The Qualitative Report*, *16*(1), lgh 255-262. Ar fáil ag: http://www.nova.edu/ssss/QR/QR16-1/interviewing.pdf

Clark, A. agus Moss, P. (2011) *Listening to young children: The mosaic approach* (2ú heag.). Londain: National Children's Bureau.

An Roinn Oideachais (2022) *Tuarascáil an Phríomh-Chigire, Meán Fómhair 2016 - Nollaig 2020*. Ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/1b90ce-none/

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2017) *An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann*. Ar fáil ar: https://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/40/enacted/en/html

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2007) *Measúnú i gcuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do scoileanna.* Baile Átha Cliath, Éire: Údar

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear; Creatchuraclam na Luath-Óige*. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/Early-Childhood/ Fuarthas rochtain air an 3/6/2022

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015) *Creat don tSraith Shóisearach*. Ar fáil ar https://nccacurriculum-uat3.i3digital.com/getmedia/adc17136-b1a3-452b-8710-bd16b3812551/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf Fuarthas rochtain air an 3/6/2022

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2017) *Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Tuarascáil dheiridh*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/2717/consultationreport_gaeilge_feabhra.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018) *Comhairliúchán ar struchtúr curaclaim agus ar am: Tuarascáil dheiridh.* Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3364/for%C3%A1is-sa-bhunscola%C3%ADocht-comhairli%C3%BAch%C3%A1n-ar-strucht%C3%BAr-an-churaclaim-agus-ar-am.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018) *Tuarascáil ar an gComhairliúchán maidir le Curaclam Matamaitice na Bunscoile do na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó*. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4052/primary_maths_curriculum_consultation_report_gaeilge.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2018) *Curaclam teanga na bunscoile: Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtchuraclam do Chéim 3 agus 4*. Ar fáil ar: https://ncca.ie/media/3626/plc_consultation-report.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2020) *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/4869/ga-primary-curriculum-framework-dec-2020.pdf. Fuarthas rochtain air an 3/6/2022

Richards, K. A. R. & Hemphill, M. A. (2018) 'A practical guide to collaborative qualitative data analysis'. *Journal of Teaching in Physical Education*, 37(2), lgh 225–231.

## Aguisín 1: Teimpléid Aighneachta

# Primary Curriculum Review and Redevelopment

### Written submission template for organisations, groups and individuals responding to the *Draft Primary Curriculum Framework*

This template is intended to support you (and your colleagues/organisation) in developing a written submission in response to the *Draft Primary Curriculum Framework*. Please e-mail your completed submission to PCRRsubmissions@ncca.ie

***Individual submission details***

| | |
|---|---|
| **Name** | |
| **Date** | |
| **E-mail** | |

***Organisation submission details***

| | |
|---|---|
| **Name** | |
| **Position** | |
| **Organisation** | |
| **Date** | |
| **E-mail** | |

The submissions will include the author's/contributor's name/organisation. Do you consent to this submission being posted online?

**Please provide some brief background information on your organisation (if applicable).**

The remainder of the template includes two sections. Section 1 invites your overall comments and observations on the *Draft Primary Curriculum Framework*. Section 2 is structured to align with the six key messages related to the framework. Each message is summarised as a support for you in working on the submission.

# Section 1

| **Please outline your overall response to the *Draft Primary Curriculum Framework*.** |
| --- |
| |

# Section 2

## Agency and flexibility in schools

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Be for every child.
- Recognise teachers' and principals' agency and professionalism to enact the curriculum in their individual school context.
- Give more flexibility to schools in terms of planning and timetabling to identify and respond to priorities and opportunities.
- Connect with different school contexts in the education system.
- Give greater opportunities for flexibility and choice for children's learning.

| |
|---|
| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to agency and flexibility in schools. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |

## Curriculum connections between preschool, primary and post-primary schools

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Provide a clear vision for children's learning across the eight years of primary school.
- Link with learning experiences provided through the themes of the *Aistear*: *the Early Childhood Curriculum Framework* and connect with the subjects, key skills and statements of learning in the *Framework for Junior Cycle*.
- Support educational transitions by connecting with what and how children learn at home, in preschool and post-primary school.

| |
|---|
| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to curriculum connections between preschool, primary and post-primary schools. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |

## Emerging priorities for children's learning

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Embed seven key competencies across children's learning outcomes from junior infants to sixth class.
- Focus on developing children's skills, knowledge, dispositions, values and attitudes. The Learning Outcomes and the Key Competencies are broad in nature to describe this wider understanding of learning.
- Have increased emphasis on some existing areas such as PE and SPHE (Wellbeing) and digital learning, and have new aspects such as Modern Foreign Languages, Technology, Education about Religions and Beliefs (ERB) and Ethics, and a broader Arts Education.

| |
|---|
| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to emerging priorities for children's learning. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |

## Changing how the curriculum is structured and presented

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Be broad and balanced in purpose and content.
- Be structured in five broad curriculum areas;
    - Language
    - Mathematics, Science and Technology Education
    - Wellbeing
    - Social and Environmental Education
    - Arts Education.

(In addition to the five areas above, the Patron's Programme is developed by a school's patron with the aim of contributing to the child's holistic development particularly from the religious and/or ethical perspective and in the process, underpins and supports the characteristic spirit of the school. These areas connect to the themes of *Aistear* and to the subject-based work in Junior Cycle.)

- Provide for an integrated learning experience, with curriculum areas in Stages 1 and 2 (junior Infants – second Class) and more subject-based learning in Stages 3 and 4 (third class – sixth class).
- Use broad learning outcomes to describe the expected learning and development for children.
- Incorporate the new *Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile.*

| |
|---|
| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to changing how the curriculum is structured and presented. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |

## Supporting a variety of pedagogical approaches and strategies with assessment central to teaching and learning

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Promote high quality teaching, learning and assessment.
- Conceptualise assessment as an essential and critical part of teaching and learning.
- Highlight the importance of teachers' professional judgement in supporting progression in children's learning.
- Encourage teachers to make meaningful connections with children's interests and experiences.
- Recognise the significance of quality relationships and their impact on children's learning.
- Recognise the role and influence of parents and families in children's education.

| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to supporting a variety of pedagogical approaches and strategies with assessment central to teaching and learning. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |
|---|
| |

## Building on the successes and strengths of the 1999 curriculum while recognising and responding to the challenges and changing needs and priorities.

*The 1999 curriculum contributed to many successes including:*

- Enhanced enjoyment of learning for children.
- Increased use of active methodologies for teaching and learning.
- Improved attainment levels in reading, mathematics and science as evidenced in national and international assessments.

*The Draft Primary Curriculum Framework proposes that the redeveloped curriculum will:*

- Address curriculum overload at primary level.
- Take stock of strategies, initiatives and programmes and clarify priorities for children's learning.
- Link with *Aistear* and *the Framework for Junior Cycle.*

| |
|---|
| **The *Draft Primary Curriculum Framework* outlines important messages in relation to building on the successes and strengths of the 1999 curriculum while recognising and responding to challenges and changing needs and priorities. Please give your overall feedback in relation to this key message.** |

## Covid-19

| |
|---|
| **Since the publication of the *Draft Primary Curriculum Framework*, Covid-19 has presented a big challenge for schools. Please give your views on the implications of schools' experience of the pandemic for the finalisation of the *Primary Curriculum Framework*.** |

### Data Protection

The NCCA fully respects your right to privacy. Any personal information which you volunteer to the NCCA will be treated with the highest standards of security and confidentiality, strictly in accordance with the Data Protection Acts. If you require further information related to data protection please visit www.ncca.ie/en/privacy-statement or you can contact the NCCA's Data Protection Officer at dpo@ncca.ie.

**Thank you for your submission.**

# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Post** | |
| **Eagraíocht** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

| |
|---|
| |

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

| **Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.*** |
| --- |
| |

# Roinn 2

## Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseooas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.** |

## Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.** |

## Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.** |

## Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
    - Teanga
    - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
    - Folláine
    - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
    - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.** |

## Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.** |

## Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinné sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

| |
|---|
| **Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dushláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.** |

## Covid-19

| |
|---|
| **Ó foilsíodh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile,* tá Covid-19 tar éis dúshlán mór a chruthú do scoileanna. Tabhair do thuairimí maidir le himpleachtaí taithí scoileanna ar an bpaindéim, ar thabhairt chun críche *Chreat Curaclaim na Bunscoile*** |

## Ráiteas Príobháideachais

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**

# Aguisín 2: Ranníocóirí leis an gcomhairliúchán (aighneachtaí)

| | |
|---|---|
| 1. | AIPLF (Irish Association of French-Language Teachers) President |
| 2. | Alcohol Action Ireland (AAI) |
| 3. | Amalee Meehan, PhD |
| 4. | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) |
| 5. | An Foras Pátrúnachta |
| 6. | Angela Langan |
| 7. | Ann Moran |
| 8. | Association for Drama Education in Ireland (ADEI) |
| 9. | Atheist Ireland |
| 10. | BeLonG To Youth Services |
| 11. | Burrenbeo Trust |
| 12. | Catherine Kenny |
| 13. | Catholic Primary School Management Association (CPSMA) |
| 14. | Catríona Cunningham |
| 15. | Centre for European Studies_UL |
| 16. | Centre for School Leadership (CSL) |
| 17. | Chloe McLoughlin Purcell and Emer Kenny |
| 18. | Chris Addington |
| 19. | Claire Redmond |
| 20. | Colette O'Connor |
| 21. | Comhaltas Ceoltóirí Éireann |
| 22. | Comhar chumann Forbartha Ghaoth Dobhair |
| 23. | Competition and Consumer Protection Commission (CCPC) |
| 24. | Conradh na Gaeilge |
| 25. | Cork French Teachers' Association Chairperson |
| 26. | Council of Irish Sign Language Teacher _Committees |
| 27. | Dáithí Mac Cárthaigh |
| 28. | Dance in Education Working Group |
| 29. | Data Protection Commission |
| 30. | Daughters of Charity of St Vincent de Paul |
| 31. | Department of Foreign Affairs _Irish Aid |
| 32. | Dorothy Morrissey |
| 33. | Dr Anne Dolan and Dr Jennifer Liston |
| 34. | Dr. John O'Reilly, Dr. Emmanuel O'Grady |
| 35. | Dr. Kevin Gormley |
| 36. | Dr. Liz Dunphy |
| 37. | Dr. Michael Flannery |
| 38. | Dr. Suzanne Parkinson |
| 39. | Dr. Thomas Finegan (and colleagues) |
| 40. | Dublin Archdiocese Education Secretariat |
| 41. | Dublin Rape Crisis Centre (DRCC) |
| 42. | Dúlra Éireann |
| 43. | Dyslexia Association of Ireland |
| 44. | Educate Together |
| 45. | Education and Training Boards Ireland (ETBI) |
| 46. | Educational Research Centre |
| 47. | Environmental Education Unit of An Taisce |
| 48. | Erin Mollison, Deirbhile Curran |

| | |
|---|---|
| 49. | Evelyn Moriarty |
| 50. | Faculty of Education, Mary Immaculate College |
| 51. | Féach |
| 52. | Fighting Words |
| 53. | Food in school |
| 54. | Foras na Gaeilge |
| 55. | Frances Shearer |
| 56. | Froebel Department of Primary and Early Childhood Education |
| 57. | Gael Linn |
| 58. | Gaeloideachas |
| 59. | Gearóid Ó Mórdha |
| 60. | GIY - Schools Programme |
| 61. | Global Action Plan Ireland |
| 62. | Global Citizenship Education (GCE) - Primary |
| 63. | Global Researchers Advancing Catholic Education |
| 64. | Goal Global Citizenship Department |
| 65. | Grace Mulligan, Rachael Connelly, Ciara Walsh |
| 66. | Health Service Executive |
| 67. | Holy Family School for the Deaf |
| 68. | Holy Family Special School |
| 69. | Institute of Education, DCU_Jones Irwin |
| 70. | INTO LGBT+ Teachers' Group |
| 71. | Irish National Teachers' Organisation |
| 72. | Irish Association for Applied Linguistics |
| 73. | Irish Association for Primary Science Education |
| 74. | Irish Catholic Bishops' Conference |
| 75. | Irish Development Education Association (IDEA) |
| 76. | Irish Doctors for the Environment |
| 77. | Irish Forest School Association |
| 78. | Irish Heart Foundation |
| 79. | Irish Learning Support Association (ILSA) |
| 80. | Irish Ocean Literacy Network |
| 81. | Irish Primary PE Association |
| 82. | Irish Schools Sustainability Network ISSN |
| 83. | Irish Traveller Movement |
| 84. | ITE_SPHE and Wellbeing Lecturers |
| 85. | James Lowry |
| 86. | John Patrick Doherty |
| 87. | Joint Managerial Board |
| 88. | Laura Furlong |
| 89. | Leave no Trace Ireland |
| 90. | Literacy Association of Ireland |
| 91. | Love Geography |
| 92. | Marino Institute of Education |
| 93. | Martina Butler |
| 94. | Marymount National School, Drogheda |
| 95. | Mater Dei Centre for Catholic Education |
| 96. | Maureen Matthews |
| 97. | MIC_Dept. of Learning, Society and Religious Education |
| 98. | MIC_Lecturers in Religious Education |
| 99. | MIC_PE Team |
| 100. | Mícheál_Ó_Raghaillaigh |
| 101. | Mindfulness Teachers Association of Ireland |

| | |
|---|---|
| 102. | Miriam Keegan |
| 103. | Muireann Ní Chonnaláin |
| 104. | National Parent's Council |
| 105. | Ombudsman for Children's Office |
| 106. | One Voice for Languages |
| 107. | Opt Out Rights |
| 108. | PACT team |
| 109. | Pádraig Mac Fhearghusa |
| 110. | Patrick Burke |
| 111. | PDST Digital Technologies Team |
| 112. | PDST Foireann na Gaeilge |
| 113. | PDST Health and Wellbeing Team |
| 114. | PDST Leadership Team |
| 115. | PDST Literacy Team |
| 116. | PDST PLC Team |
| 117. | PDST STEM Team |
| 118. | Physical Education Team, School of Arts Education and Movement DCU |
| 119. | Post-Primary Languages Ireland |
| 120. | PRESERVE |
| 121. | Primary Geography Education Team, DCU |
| 122. | Primary School Diocesan Advisors Archdiocese of Tuam |
| 123. | Researching Early Childhood Education Collaborative |
| 124. | Richard Casey |
| 125. | Sarah O'Rourke, Molly Curtin |
| 126. | Seamus O'Neill |
| 127. | Seán G. Gleasure |
| 128. | Seán Ó Cionfhaola |
| 129. | Seán Ó Súilleabháin |
| 130. | Seán Ó Súilleabháin |
| 131. | Shane Ó Gruagáin |
| 132. | Sixmilebridge National School |
| 133. | SPHE Network |
| 134. | Sr. Edel Murphy |
| 135. | St. Brigid's GNS |
| 136. | St. Mary's Primary School |
| 137. | St. Mary's Primary School Strokestown |
| 138. | Sustainable Energy Authority of Ireland (SEAI) |
| 139. | Teacher Educators Primary Physical Education Network |
| 140. | Teaching staff of Clonbullogue NS |
| 141. | The Arts Council/ An Chomhairle Ealaíon |
| 142. | The Camden Education Trust |
| 143. | The Countess |
| 144. | The Creative Ireland Programme |
| 145. | Transgender Equality Network |
| 146. | Trocaire |
| 147. | Viboxo Sound Senses |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment